www.gaelsceal.ie

An Eoraifís – teach fuar don Ghaeilge?

L. 19

Aoine an 13ú, an bhfuil sibh fós beo?

L. 26

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 19

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

13.05.2011

Cuairt na mbanríona le deacrachtaí slándála a chruthú?

Treasa Bhreathnach

BEIDH suas le 8,000 Garda agus 1,500 ball den Arm páirteach sna hoibríochtaí slándála le haghaidh chuairt Uachtarán SAM Barack Obama agus Bhanríon Shasana. Is ar an Mháirt a bheidh an bhanríon ag cur túis lena cuairt agus í ag díriú ar Bhaile Átha Cliath, Cill Dara, an Mhí, Corcaigh agus Tiobraid Árainn ach an bhfágann an líon mór Gardaí sna áiteanna seo go mbeidh contaetha eile sa tír faoi mhíbhuntáiste slándála agus easnamh acmhainní Gardaí?

Ní raibh preasoifig na nGardaí Síochána sásta faoiseamh a thabhairt nuair a cheistigh muid iad ar an gceist seo. Deir an t-oifigeach, "Ní thabharfadh muid aon ráiteas ar oibriúchán slándála."

Buaileadh an Caisleán Nua i Luimneach le roinnt buirgléireachtaí le déanaí, ach an ndéanfadh cuairt na banríona difríocht ar bith do na hiarrachtaí chun dul i ngleic le coiriúlacht sa cheantar? Deir an an Ceannfort Dan Flavin, "Ní bheidh aon athrú dár n-acmhainní anseo agus táim níos mó ná sásta nach gcuirfidh cuairt na banríona isteach ar ár n-obair slándála. Bíonn páirt mhór ag an phobal sa cheantar seo chomh maith agus tá an comhoibriú sin eadrainn antábhachtach."

Beidh Gardaí á n-aistriú ó cheantair áirithe timpeall na tíre chun cabhrú leis an tslándáil do chuairt na banríona agus athruithe déanta dá gcoinníollacha oibre. Beidh deireadh á chur le saoire na nGardaí agus tá súil go n-oibreoidh siad 12 uair a chloig mar lá oibre in áit 8 uair a chloig.

Deir rúnaí Ginearálta an 'Irish Post Masters Union', Brian McGann, "Bíonn muid ag déanamh athbhreithnithe ar ár socruithe slándála ar bhonn leanúnach agus níl aon imní áirithe againn faoin chuairt seo. Tá ár socruithe slándála andaingean agus go ginearálta ní fhaigheann coirpigh aon airgead as na hoifigí poist agus ansin bogann coirpigh ar aghaidh chuig sprioc atá níos éasca dóibh. Níor chaill muid oiread agus pingin anuraidh de bharr robálacha."

Mar sin féin b'fhéidir gur cúis áthais é do roinnt úinéirí comhlachta nach mbeidh an líon céanna Gardaí ann, dar le fearr amháin ar leis teach ósta i Lios Tuathail i gContae Chiarraí, "Tá an iomarca f***ing Gardaí thart an chuid eile den bhliain so tá sé ok mura bhfuil siad thart."

Scríobh Leabhar!

An tuairisceoir spóirt le RTÉ, Evanne Ní Chuilinn, le daltaí ó Chill Chainnigh ag lainseáil an togra Scríobh Leabhar a eagraíonn Foras na Gaeilge. Spreagadh os cionn 6,000 dalta bunscoile ar fud na hÉireann i mbliana le leas a bhaint as a gcuid cruthaitheachta chun leabhar Gaeilge dá gcuid féin a cheapadh, a leagan amach agus a fhoilsiú mar chuid den tionscnamh Scríobh Leabhar. Grianghraf: Pat Moore

Súil le méadú ar an 641 teaghlach inimirceach le Gaeilge san Astráil

Colin Ryan, Melbourne na hAstráile

GACH cúig bliana a dhéantar daonáireamh san Astráil, agus i mbliana déanfar an ceann is déanaí - 14 milliún foirm do naoi milliún teaghlach. Nuair a scagfar an t-eolas tabharfar léargas ar a lán rudaí agus staid na Gaeilge san áireamh. Is iomaí teanga a labhraítear san Astráil, ach ní thaispeánann an daonáireamh cá mhéad duine a labhraíonn teanga ar leith. Ní ar chainteoirí aonair atá aird na staitisteoirí dírithe, ach ar theaghlaigh.

Faoi láthair táimid i dtaobh le staitisticí an daonáirimh a rinneadh sa bhliain 2006. Thaispeánann siad go bhfuil Éire le fáil fós san Astráil. Bhí 263,619 Astralách ann ar rugadh idir a máthair agus a n-athair in Éirinn, 118,394 ar rugadh a n-athair amháin ann agus 75,501 ar rugadh a máthair ann. Ó thaobh na staire de, deirtear go bhfuil sinsear Éireannach - nó scata acu - ag 25% de phobal na tíre. (Is minic sloinne Éireannach ar Bhundúchasaigh féin más de shliocht measctha iad.)

Ar lean ar leathanach 6

Ubh beirthe ag Valentine, an t-aon sciata bán ar domhan atá ina chime

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Valentine, an t-aon sciata bán (white skate) ar domhan atá ina cime, i ndiaidh ubh a bhreith in Uisceadán na Gaillimhe, Galway Atlantaquaria. Tháinig Valentine chuig an uisceadán seo mar ubh siar in 2003 agus rugadh í ar an 14 Feabhra 2004, Lá le Vailintín. Nuair a rugadh í, bhí réise sciatháin de 20cm ag Valentine ach anois, seacht mbliana níos déanaí, tá cónaí uirthi sa taispeántán is mó san uisceadán agus tá sí 1.3m agus ag fás go fóill.

Tá rud an-speisialta faoin ubh seo atá beirthe ag Valentine. Mar gur rugadh Valentine san uisceadán, níor chas sí le sciata bán fireann riamh, agus mar sin ní fios an bhfuil an ubh torthúil. Tá seans ann gur tharla rud darb ainm partanaigineas, sé sin gur chruthaigh Valentine a sliocht féin, gan aon bhaint a bheith aici le hiasc fireann.

Ar lean ar leathanach 2

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Athbhreithniú Neamhspleách ar Ospidéal Náisiúnta na Leanaí fógartha

Agus Príomhfheidhmeannach an togra ag fágáil i mí Lúnasa

Meadhbh Ní Eadhra

INNÉ, d'fhógair an tAire Sláinte, an Dr James Reilly TD, athbhreithniú neamhspleách ar thogra Ospidéal Náisiúnta na bPáistí. Chomh maith leis sin, tá Príomhfheidhmeannach Bhord Forbartha an Lárionaid Náisiúnta Phéidiatraicigh, Eilish Hardiman, i ndiaidh tairiscint poist a fháil ó Ospidéal Thamhlachta i mBaile Átha Cliath, rud a chiallóidh go mbeidh Príomhfheidhmeannach nua de dhíth ar an togra d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí.

Bhí sé beartaithe go mbunófaí an tOspidéal nua in Ospidéal an Mater i mBaile Átha Cliath ach mar gheall ar cheisteanna a ardaíodh faoi sin, tá athbhreithniú le déanamh ar an togra go léir. Tá an tUasal Hardiman i ndiaidh tairiscint a fháil ar phost an Phríomhfheidhmeannaigh in Ospidéal Thamhlachta. Cuireadh foireann an ospidéil ar an eolas faoin nuacht seo tríd an ríomhphost, agus beidh ar Bhord Ospidéal Thamhlachta an cinneadh seo a fhaomhadh sula mbeidh rud ar bith deimhnithe. Le sé mhí anuas, tá beirt Chathaoirleach ar an mBord Forbartha i ndiaidh éirí as, agus tá €30 milliún caite ar an togra cheana féin. D'imigh Philip Lynch i mí Dheireadh Fómhair seo caite i ndiaidh dó féin agus an t-iarAire Sláinte, Mary Harney, easaontú a bheith acu faoi shuíomh an Mater. Le déanaí, d'éirigh John Gallagher as a phost freisin, i ndiaidh cruinniú leis an Aire Sláinte nua, an Dr James Reilly, inar léirigh sé go raibh sé buartha faoin gcinneadh a rinneadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an suíomh pleanáilte.

Tá an tOspidéal Náisiúnta nua do Pháistí le hoscailt ar shuíomh an Mater sa bhliain 2015, agus €650 milliún atá le caitheamh ar an ospidéal, san iomlán.

Ag labhairt le Gaelscéal, dúirt Pádraig McKeon ó Oifig an Bhoird Forbartha d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, nach mbeidh tionchar diúltach ag imeacht Eilish Hardiman ar na pleananna don ospidéal nua.

"Aithníonn agus tuigeann muid go bhfuil tairiscint poist faighte ag Eilish Hardiman ó Ospidéal Thamhlachta, le bheith mar Phríomhfheidhmeannach an Ospidéil," ar sé. "Níl rud ar bith deimhnithe ná cinntithe go fóill, agus caithfidh Bord Ospidéal Thamhlachta an cinneadh a fhaomhadh sula mbeidh sé fógartha go hoifigiúil."

Deir an tUasal McKeon go mbeidh Hardiman ag leanacht ar aghaidh mar Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Forbartha an Lárionaid Náisiúnta Phéidiatraicigh sna seachtainí agus míonna amach romhainn.

"Má shocraíonn sí glacadh leis an bpost in Ospidéal Thamhlachta, beidh Eilish [Hardiman] ag tosú sa phost nua i mí Lúnasa," ar sé. "Idir seo agus sin, beidh sí fós ag obair leis an mbord forbartha, tríd an phróiseas athbhreithnithe agus gach rud eile. Beidh ar an mbord Príomhfheidhmeannach nua a cheapadh, agus nuair a aimsítear an duine cuí, líonfar áit Eilish."

Chuir an tUasal McKeon béim ar an staid ag a bhfuil an plean don Ospidéal Náisiúnta nua faoi láthair.

"Táimid ag staid phleanála anois, agus ní bheidh aon bhriseadh sa leanúnachas maidir leis sin," ar sé. "Tá an obair theicniúil ar fad déanta, ach tá moill ar chúrsaí mar gheall ar an athbhreithniú atá beartaithe ag an Roinn Sláinte."

Tá sonraí an athbhreithnithe a d'fhógair an tAire Sláinte ar fáil anois. Is cosúil go dtógfaidh an t-athbhreithniú suas le sé seachtaine, agus beidh dhá chuid éagsúla ann. Díreoidh an chéad chuid den phróiseas ar chúrsaí airgeadais, is é sin an costas a bhaineann leis an togra, cé na critéir a bhaineann leis, agus mar sin de. Is é Líonra Eorpach Réadmhaoine na Sláinte (European Health Property Network - EUPHN), a bheidh i gceannas ar an gcuid seo den phróiseas. Tá an tUasal John Cooper, ailtire aitheanta le taithí dhomhanda i ndearadh agus tógáil ospidéal, molta ag an EUPHN chun é seo a dhéanamh. Tá an tUasal Cooper mar Chathaoirleach ar Ailtirí ar son Sláinte, grúpa atá bunaithe sa Bhreatain agus a thugann ailtirí agus gairmithe sa chúram sláinte le chéile, agus a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le dearadh ospidéil.

Ansin, sa dara cuid den phróiseas, déanfar measúnú cliniciúil ar an togra, bunaithe ar an eolas ón anailís airgeadais. Beidh Cooper ag obair agus ag tuairisciú le ceathrar saineolaí idirnáisiúnta, agus is Príomhfheidhmeannaigh iad go léir in Ospidéil do Leanaí.

Díreofar ar an gceist chonspóideach faoi shuíomh an ospidéil freisin, ceist atá i ndiaidh teannas agus easaontas a chruthú idir dhaoine cheana féin. An gá an t-ospidéal a lonnú in áit ina bhfuil ospidéal do dhaoine fásta? Sin ceist atá ardaithe arís agus arís eile. Beidh tuairisc dheiridh á tabhairt ag an bhfoireann athbhreithnithe don Aire Sláinte, le moltaí agus mar sin de, laistigh de cheithre seachtaine ó thús an athbhreithnithe, cé gur dóiche go mbeidh mí go leith i gceist i ndáiríre.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Oifig na Gaillimhe :
00353-91-536201

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Ubh beirthe ag Valentine, an t-aon sciata bán ar domhan atá ina cime

Ar lean ó leathanach a haon

Deir Bainisteoir an Uisceadáin, Kevin O'Hara, gur forbairt iontach é seo agus go bhfuil foireann an uisceadáin ar bís mar gheall air.

"Taispeánann sé seo go bhfuil Valentine ag fás aníos," ar sé.

Tá an ubh nua le feiceáil in umar speisialta san uisceadán agus tá fáilte roimh bhaill den phobal teacht ar cuairt chun é a fheiceáil.

Tagann an nuacht seo ag am gnóthach don uisceadán, agus í ag réiteach do mhí iomlán d'imeachtaí mara, i mí an Mheithimh. Beidh sé seo ar siúl i nGaillimh agus beidh an t-uisceadán lárnach i gceann de na príomhimeachtaí atá beartaithe do Lá Domhanda na nAigéan, ar an Domhnach 12 Meitheamh.

Eolas tráchta na nGardaí do Chuairt Bhanríon Shasana

Treasa Bhreathnach

IS ar an Mháirt seo chugainn go dtí an Aoine a bheas Banríon Shasana i mBaile Átha Cliath agus tá eolas reatha curtha ar fáil do mhuintir na hardchathrach ag na Gardaí. Deir na Gardaí go mbeidh malairt slí i gceist timpeall na cathrach ach go dtabharfar neart réamhfhógraí ina thaobh. Beidh srianta páirceála i gceist i lár na cathrach óna 6rn ar an Domhnach agus deir na Gardaí gur cheart do dhaoine iompar poiblí a úsáid nuair is féidir leo ach iarrtar ar dhaoine cláir ama a chinntiú mar b'fhéidir go mbeidh athruithe i ndán don chóras poiblí. Iarrtar ar dhaoine breis ama a fhágáil do thurais agus ba cheart dóibh a bheith ag súil le moill ar na bóithre.

Ar chúinsí slándála beidh coisithe agus cairr i suímh éagsúla á gcuardach ag na Gardaí. Is iad seo na bealaí a bheidh dúnta ar feadh tréimhse idir an 17 agus an 20 Bealtaine: N7, N4 agus an M50, Páirc an

Fhionnuisce agus an Ché Theas agus Thuaidh chomh maith leis na sráideanna agus droichid i ngar dóibh. Ní bheidh páirceáil ar bith ceadaithe óna 6rn amárach go dtí an Aoine an 20 Bealtaine, sna ceantair seo a leanas: Ascaill Chesterfield, An Ché Thuaidh, An Ché Theas, Sráid Gheata na Páirce, Sráid Uí Chonaill, Cearnóg Parnell (gach taobh), Sráid D'Olier, Sráid Westmoreland, Sráid an Choláiste, Sráid Grafton, Sráid Nassau, Sráid Laighean Theas, Plás Lincoln, Rae an Iarthair, Sráid an Phiarsaigh, Sráid an Droichid, an tSráid Ard, Margadh an Arbhair, Sráid Thomáis, Sráid San Séamas, Sráid na Craenach, Bellevue, Sráid an Tiarna Éadbhard, Sráid an Dáma, Bóthar Conyngham, Sráid Rainsford, Plás Theampall Chríost, an Cuarbhóthar Theas (bóthar Choinn Colbaird - Sráid Conyhgham), Plás Beresford, Sráid Ghairdinéir, Cearnóg Mhuinseo Thoir, Sráid Mhic Giobúin, Sráid an Ruiséalaigh, Bóthar Mhic Sheoin, Bóthar an Chuimhneacháin, Sráid an Chaisleáin, Sráid San Werburgh, Sráid na Long, Sráid Stiofáin, Sráid na nGildeanna, agus Sráid an tSirriam Uachtarach.

Níl sé i gceist aon mhótarbhealaí a dhúnadh i gContae Chill Dara go fóill ach beidh an trácht moillithe agus in amanna beidh bealaí éalaithe 5 go dtí 12 ar M7 agus bealach éalaithe 2 ar an M9 dúnta idir 9.30rn agus 3.30in ar an Déardaoin seo chugainn. Beidh an R413 dúnta ó 9.30rn go dtí 3.30in agus beidh malairt slí i gceist ar thaobh an Churraigh de Chill Dara/ Droichead Nua / Áth Garbháin agus Cill Choileáin.

Dragan san áireamh sa rás don Áras

Treasa Bhreathnach

DHEIMHNIGH iarrthóir eile a aidhm chun páirt a ghlacadh sa rás go dtí an tÁras an tseachtain seo, an fear gnó Seán Gallagher de cháil an chláir theilifíse Dragons' Den. Beidh toghchán againn chun ár gcéad uachtarán eile a thoghadh i mí Dheireadh Fómhair. Céard é a spreagann duine chun rith le haghaidh na hoifige is airde sa tír? I gcás Sheáin Gallagher tá sé ag tabhairt freagra ar ghlaoch a tháinig ó na pobail a n-oibríonn sé leo. Deir Seán, "Táim tar éis a bheith ag obair le neart grúpaí ó thimpeall na tíre le dhá nó trí de bhlianta anuas, go mór mór ón uair a ardaíodh mó phróifíl de thoradh ar Dragons' Den. Tá a lán daoine ag iarraidh orm labhairt lena ngrúpaí éagsúla, úinéirí gnólachtaí beaga, fiontraithe, daoine as obair, agus neart scoileanna agus coláistí áit a bhfuil daoine ag déanamh an aistrithe ón oideachas go dtí saol na hoibre. Taobh eile de mo shaol nach bhfuil a lán daoine ar an eolas faoi ná go mbím ag obair mar oibrí pobail agus óige, agus bím ag déanamh feachtasaíocht a lán, do ghrúpaí míchumais mar go bhfuil lagú amhairc orm. Tá an teachtaireacht chéanna ag teacht ar ais chugam ó na grúpaí ar fad, tá siad ag cuardach dóchais agus ceannaireachta."

Is fear gnó é Seán agus tá sé i gceist aige na scileanna atá foghlamtha aige san earnáil sin a úsáid in oifig an uachtaráin. Ach cén bhaint agus cén chumhacht atá ag oifig an uachtaráin le cruthú fostaíochta? "Creidim go gcaithfear go mbeadh cruthú fostaíochta lárnach do gach uile ghné den stát, oifig an uachtaráin san áireamh. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh muid spiorad fiontraíochta a spreagadh, teastaíonn i bhfad níos mó gnólachtaí nuathionscanta uainn má tá muid chun fostaíocht a chruthú. Caithfear an teachtaireacht a thabhairt do na margaí domhanda go bhfuil Éire in ann a bheith san iomaíocht."

Agus Seán ag labhairt faoina fhís d'oifig an uachtaráin, shílfeá go bhfuil an-chuid cosúlachtaí idir an ról sin agus ról ár nAirí. Cén fáth mar sin nach ndearna sé an cinneadh rith i dtoghchán na Dála agus beagán níos mó cumhachta a bheith aige chun a chuid spriocanna a bhaint amach? Bhí sé mar bhall d'Ógra Fhianna Fáil agus é ag fás aníos, nach mbeadh sé ciallmhar dá rithfeadh sé ar thicéad an pháirtí sin? "Dá seasfainn don Dáil cén sórt cion a d'fhéadfainn a dhéanamh mar Theachta Dála neamhspleách ar na cúlbhinsí? Ba é sin an dúshlán. Ní faoin bpolaitíocht an cheist seo, tá oifig an uachtaráin taobh amuigh den pholaitíocht. Nuair a thoghtar uachtarán, ní féidir leo aon seasamh polaitíochta a bheith acu agus caithfidh siad ionadaíocht a dhéanamh ar gach duine." Ar an taobh eile den scéal deir sé gurb é ceann de na chéad chéimeanna a thógfaidh sé má thoghtar é ná, cruinniú a shocrú leis an rialtas nua chun a chuid seirbhísí a chur ar fáil dóibh. Dar le Sean, "Chuirfinn mo chuid scileanna ar fáil do na ranna éagsúla agus tacaíocht a chur ar fáil do na tograí éagsúla atá ar bun acu."

Sa tírdhreach eacnamaíochta ina bhfuil muid faoi láthair agus gach rannóg rialtais ag déanamh iarrachtaí chun a mbillí fei-dhmiúcháin a ghearradh, an mbeadh sé i gceist ag Seán an rud céanna a dhéanamh leis an gcostas de thimpeall €3 mhilliún in aghaidh na bliana d'oifig an uachtaráin? Deir Seán, "Níl tú ag iarraidh oifig an uachtaráin a dhéanamh saor ach cinnte ba mhaith liom a bheith spárálach (frugal) i mo chur chuige. Ní call dom a bheith ag cur amú ama nó airgid, mo chuid féin nó aon duine eile agus caithfidh muid a bheith tuisceanach faoin staid ina bhfuil muid agus bheinn ag iarraidh a chinntiú go mbeadh gach rud a dhéanfadh muid éifeachtúil." Caithfidh iarrthóir ar bith don uachtaránacht ainmniúchán a fháil ó ar a laghad scór ball den Oireachtas nó cheithre údarás áitiúla. Is anseo atá an t-iarrthóir neamhspleách eile David Norris ag buachan rás na neamhspleách leis an nuacht an tseachtain seo go bhfuair sé tacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall. "Táim tar éis dul i dteagmháil le cathaoirligh n-údarás áitiúil uile agus táim ag dul i dteagmháil leis na comhairleoirí neamhspleácha uile faoi láthair," arsa Seán. "Is é seo an chéad uair atá 19 Teachta Dála neamhspleách againn agus cúigear Seanadóirí neamhspleácha agus cé go bhfuil sé deacair an bealach neamhspleách a thógáil, tá prionsabal ag baint le teacht trí bhealach na n-údarás áitiúil mar tá siad sin bunaithe go hiomlán ar an bpobal."

Tá Seán Gallagher ag seasamh le haghaidh Uachtaránacht na tíre.

Is i mBéarla a bhí Seán ag labhairt le linn an agallaimh seo ach, má tharlaíonn sé go dtoghfar é mar uachtarán na tíre, an féidir linn a bheith ag súil le hóráid glactha trí Ghaeilge uaidh? "Rinne mé Gaeilge onóracha do mo Theastas Sóisearach, agus tá Gaeilge agam ach níl sí chomh líofa agus ba mhaith liom í a bheith agus mar sin tá gach seans nach bhfeicfidh tú mé i mbun díospóireachta. Cinnte beidh mé ag iarraidh feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge mar tuigim an tábhacht atá léi. Is teanga bheo bhríomhar í an Ghaeilge do mhórán daoine agus caithfidh tú ionadaíocht a dhéanamh ar gach duine ar an oileán agus cinnte bheinn ag iarraidh a chinntiú go mbeidh a nglórtha le cloisteáil."

Mar sin leis an rás toghchánaíochta seo, an é seo an deireadh leis an dragan seo ar chlár teilifíse RTÉ Dragons' Den? "Tá m'aidhm curtha in iúl agam do RTÉ agus ShinAwil go mbeidh mé san fheachtas don am i láthair agus is faoi RTÉ é cinneadh a dhéanamh ag dáta amach sa todhchaí, ag brath ar an toradh," arsa Seán.

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

CUIREADH CHUIG CRUINNITHE POIBLÍ CHUN TAIFEAD NA hÉIREANN I dTACA LE CEARTA AN DUINE A PHLÉ

Tá comhordú á dhéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar ullmhú Thuarascáil Náisiúnta na hÉireann i dtaca le staid chearta an duine sa Stát seo don phróiseas a bhaineann le hAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann (UPR) Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Tá an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann (UPR) ar cheann de mhórnuálaíochtaí Chomhairle na Náisiún Aontaithe (NA) um Chearta an Duine (a bunaíodh sa bhliain 2006), trína ndéantar athbhreithniú gach ceithre bliana ar thaifid intíre gach ballstáit de 192 Ballstát na NA i dtaca le cearta an duine. Déantar athbhreithniú ar 48 tír gach bliain, ag tosú sa bhliain 2008, agus déantar 16 athbhreithniú le linn gach seisiúin de chuid Mheitheal Oibre an UPR, a reáchtáiltear trí huaire sa bhliain. Déanfar an chéad athbhreithniú ar Éirinn faoi phróiseas an UPR ar an 6 Deireadh Fómhair 2011.

Ní mór Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann a chur faoi bhráid na NA faoin Luan, 4 Iúil 2011.

Is cuid lárnach de phróiseas an UPR é an comhairliúchán agus tá sé ríthábhachtach maidir le dréachtú na Tuarascála Náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sraith cruinnithe comhairliúcháin phoiblí á reáchtáil againn ar fud na tíre agus tá cuireadh á thabhairt againn do dhaoine den phobal, d'eagraíochtaí agus d'aon pháirtí leasmhar teacht agus páirt a ghlacadh sa phlé. Reáchtálfar na cruinnithe ó 7pm-10pm sna hionaid seo a leanas:

Dé Luain 16/05/2011	BAILE ÁTHA CLIATH	Ionad Acmhainní San Aindrias, 114 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2
Dé Céadaoin 18/05/2011	BAILE ÁTHA LUAIN	Amharclann Dhúbhghlais de hÍde, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Luain
Dé hAoine 20/05/2011	CILL CHAINNIGH	Túr na Paráide, Caisleán Chill Chainnigh, Cill Chainnigh
Dé Luain 23/05/2011	LUIMNEACH	Seomra 310, Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach
Dé Céadaoin 25/05/2011	SLIGEACH	Seomra A0006, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, Lána na Fuinseoige, Sligeach
Dé hAoine 27/05/2011	CORCAIGH	Boole 1, Coláiste Ollscoile Chorcaí, Bóthar an Choláiste, Corcaigh
Dé Luain 30/05/2011	BAILE ÁTHA CLIATH	Amharclann Axis Bhaile Munna, An Phríomh-Shráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9

Tá eolas faoi phróiseas an UPR le fáil ar ár suíomh gréasáin, www.upr.ie.

Má tá ceisteanna agat, nó chun tuilleadh eolais a fháil faoi na cruinnithe poiblí agus aighneachtaí don Tuarascáil Náisiúnta, téigh i dteagmháil linn, le do thoil, le ríomhphost chuig info@upr.ie, nó trí litir a chur chuig:

Rúnaíocht an UPR,
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
Urlár 2, Cearnóg an Easpaig,
Cnoc Réamoinn,
Baile Átha Cliath 2.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Bealtaine, 2011

Sinn Féin agus DUP ag seasamh an fhóid

Níos lú suíochán anois ag náisiúnaithe ná sa tionól deiridh

Anton Mac Cába

BHÍ impleachtaí suntasacha leis an dá thoghchán ó thuaidh, Tionól agus Comhairlí, an tseachtain seo caite.

Dhiúltaigh an pobal Aontachtach glan don eite dheis. Muna bhfuil vótóirí iomlán sásta leis an socrú, níl siad chun dul bealach ar bith eile. Ba thubaiste don Ghuth Traidisiúnta Aontachtach (TUV) an dá thoghchán. Ní bheidh ach Jim Allister ón TUV sa Tionól. Tá Béal Feirste Thoir ar an toghcheantar is Protastúnaí sa Tuaisceart. Bhí Sinn Féin chun tosaigh ar an TUV ann. Tá an Banna Uachtarach ag croí-lár an Dílseachais, idir Phort an Dúnáin agus an Lurgan ann. Bhí 1,026 vóta ag an TUV ann. Ar an 582 comhairleoir ó thuaidh, tá seisear ag an TUV. Tá beirt ar an Bhaile Meánach, agus duine amháin i mBaile Muine, Léim an Mhadaidh, agus Maoil.

Bhí barúil choitianta i gcónaí go rachadh náisiúnaithe chun tosaigh, ag tógáil suíochán diaidh ar ndiaidh. Tá suíochán níos lú ag náisiúnaigh an babhta seo ná mar a bhí sa toghchán deireanach don Tionól in 2007 - 43, malairt 44 ceithre bliana ó shin. Tá sin le feiceáil fiú ó thaobh Comhairlí. An babhta seo, thóg Aontachtaithe suíocháin ar ais ar Bhaile Inis Ceithleann (Comhairle Fear Manach) agus Gleann Chloch Óir (Comhairle Dhún Geanainn agus Thír Eoghain Theas).

Sa dá thoghchán, léirigh an DUP teacht aniar. Mí na Bealtaine anuraidh, chaill Peter Robinson a shuíochán Westminster i mBéal Feirste Thoir. Ag dul isteach sa toghchán, bhí foinsí sa DUP den bharúil go mbeadh sé crua orthu an líon suíochán a bhí acu a choinneáil. Thóg siad beirt sa bhreis, b'shin ainneoin vóta s'acu bheith beagnach uasmhéaduithe sa dá thoghchán dheireanacha. Chaill an DUP seachtar suíochán comhairle. Beart tábhachtach ansin ná nach raibh beithígh mhóra an pháirtí san iomaíocht níos mó: Gregory Campbell, an lanúin Robinson, Sammy Wilson, Nigel Dodds, Jim Shannon agus eile. Ar bhealach, fágann sin an páirtí níos sábháilte, nó iad ag forbairt ionadaithe nua.

Tá ceisteanna á gcur faoi cheannasaíocht Margaret Ritchie ar an SDLP

Dream eile a léirigh teacht aniar ná Sinn Féin. Bhí siad in ainm is a bheith faoi bhrú ó easaontóirí. Chaill siad suíochán Tionóil amháin - de bharr athruithe teorann. Thóg siad beirt nua. Ba thoghcheantar é Fear Manach - Tír Eoghain Theas mar a raibh fadhbanna inmheánacha acu. Sa toghchán don Tionól, thóg siad trí shuíochán. Dhíbír siad feisire sean-bhunaithe ón SDLP, Tomaí Gallagher.

Níl siad uile-chumhachtach ach oiread. Chaill siad seans ar an cheathrú suíochán a thógáil i dTír Eoghain Thiar mar nár roinn siad an vóta i gceart.

Tá ceist faoi inmharthanacht Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP). Chaill siad dhá shuíochán sa Tionól, 16 anois acu. Tá siad faoi bhrú ón dá thaobh, ón DUP agus Páirtí na Comhghuaillíochta. Níl ach triúr comhairleoir acu ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste. Dúirt ionadaí tofa sean-bhunaithe ón UUP go gcaithfidh an páirtí dul i dteangmháil le daoine. "Caithfimid dul amach agus an rud a dhéanann Sinn Féin a dhéanamh - cruinnithe bheith againn sna bailte fearainn chun éisteacht le daoine," ar seisean. Dar leis, chomh maith, nach eol d'Elliott go leor dá bhfuil ar siúl sa pháirtí.

Tá port an cheannaire, Tom Elliott, seinnte. Tá sé ar a chosaint ó toghadh é. Ní raibh sa racht faoi 'scum of Sinn Féin' ach an eachtra is déanaí. "Ní dineasár mé," a d'fhógair sé ina óráid mar cheannaire ag Comhdháil Bhliantúil an UUP.

Bhí an toghchán do Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste tubaisteach don UUP. Bhí Basil McCrea, a thug dúshlán Elliott don cheannaireacht, ann chun tacú leis na hiarrthóirí a chaill suíocháin. Ní raibh ceannaire an pháirtí le feiceáil. Tá daoine sa UUP ag caint faoi Mike Nesbitt mar cheannaire nua. Is iar-chraoltóir é, a toghadh don Tionól i Loch Cuan. Tá sé ar eite liobrálach an pháirtí, agus caidreamh aige leis na baill.

Cé nach bhfuil cúrsaí chomh práinneach ag an SDLP, leanann meath an pháirtí. Thit idir an líon suíochán, ó 16 go 14, agus an vóta, ó 15.2 go 14.2%. Thóg siad suíochán nua, i dTír Eoghain Thiar, gan ach 8.5% den vóta acu.

Tá ceisteanna faoi cheannasaíocht Margaret Ritchie. Dúirt iar-chomhairleoir sean-bhunaithe go gcaithfidh an SDLP dul i dteangmháil arís le daoine. "Caithfimid a shocrú cá bhfuilimid," ar seisean. "Ba cheart dúinn éirí as an bhFeidhmeannas agus dul sa bhfreasúra."

Léirigh easaontóirí poblachtacha go bhfuil tacaíocht áirithe acu i roinnt ceantar. Fuair Gary Donnelly ó Ghluaiseacht Fuascailte na 32 Contae beagnach 10% den vóta i Cityside do Chomhairle Cathrach Dhoire. Theip air suíochán a fháil. Is é atá in Cityside ná ceantair Thaobh an Bhogaigh, an Chreagáin agus Thobar an Fhíonuisce, ceantair as ar eascair an IRA 1970.

Toghadh Barry Monteith mar Phoblachtach Neamhspleách i nDún Geanainn. Bhí neart de Bhriogáid Oirthear Thír Eoghain an IRA ag obair ar a shon. Toghadh Bernice Swift mar Phoblachtach Neamhspleách i bhFear Manach. Agus fuair beirt iarrthóir ó éirigí thar 2,000 vóta do Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste.

'Sabaitéireacht' ar siúl i gcoinne chomhlachtaí Quinn

Anton Mac Cába

TÁ oibrithe ag Quinn Glass i nDoire Uí Fhloinn, Fear Manach, ag iarraidh go gcuirfear stop le feachtas sabaitéireachta in éadan na monarchan. Tá na hoibrithe seo, ar baill den cheardchumann UNITE iad, ag rá go bhfuil imeaglú ar siúl in éadán oibrithe nach dtugann tacaíocht do Sheán Quinn. Dar leo go bhfuil sé mar aidhm ag an tsabaitéireacht iachall a chur ar an nglacadóir an mhonarcha a thabhairt ar ais do Sheán Quinn. Níl duine ar bith de na sabaitéirí ag obair sa mhonarcha. Creideann na hoibrithe nach bhfuil Seán Quinn bainteach leis na himeachtaí.

Labhair beirt bhall de UNITE le Gaelscéal, ar choinníoll nach n-ainmneofaí iad. Dúirt an bheirt go bhfuil postanna i mbaol de bharr na sabaitéireachta.

Gearradh na líntí leichtreachais den mhonarcha dhá uair. Gearradh dhá uair eile é ar feadh tamall gearr, nó caitheadh slabhraí thar na líntí. "Má bhíonn laghdú sa soláthar leictreachais, cothaíonn sin fadhbanna, le buidéil ag briseadh agus mar sin," arsa oibrí amháin. "Má thiteann an teocht sna foirnéisí, sin é. Tá gloine iontach leochailleach. Má thosnaíonn sé ag soladú, níl bealach ar bith ar ais. Ní thig leat na foirnéisí a ghlanadh suas. Tagann tú ar ais le tochailteoirí agus glanann tú an suíomh."

Tá imní ar oibrithe. "Tá Quinn Glass ag déileáil le comhlachtaí gormshlise," arsa oibrí. "Má chailleann tú ceann ar bith acu, ní bhfaighidh tú ar ais iad. Ní thig leo tuisle sa slabhra soláthair a fhulaingt." Tá eagla air go bhfuil feachtas ann leis an mhonarcha ghloine a dhruid.

Tá imní air faoin dóigh gur tharla an tsabaitéireacht. "Ní thig leat rud ar bith a dhéanamh i nGrúpa Quinn gan duine sinsearach cead a thabhairt," ar seisean. "Níl duine ar bith ag rá - ná déan sin."

Dúirt oibrí eile go raibh trí thine bheaga an tseachtain seo caite de bharr na sabaitéireachta. Múchadh go héasca iad, ach tá imní air. "Tá an mhonarcha ghloine ina targaid, nó gurb éasca sabaitéireacht a dhéanamh air," ar seisean. Leanfar le cainteanna leis an bhanc, ach ligfear do dhaoine fanacht ina bpostanna. Níl guth againn mar oibrithe, ach amháin UNITE."

Dúirt sé go bhfuil imeaglú ar siúl ag lucht tacaíochta Quinn, nach bhfuil ag obair sa mhonarcha: "Dá labharfá amach, bheifeá i do thargaid, bealach amháin nó bealach eile."

Dúirt Eugene McGlone, Eagraí Réigiúnda UNITE, go raibh an-imní ar an cheardchumann. "Tá cuid mhór oibrithe ó Quinn ag dul i dteangmháil le hoifigí s'againne, agus táimid ag déanamh ár ndíchill chun cuidiú leo," ar seisean.

Ardú ar líon na nGael sa Tionól

Anton Mac Cába

TÁ méadú ar líon na nGaeilgeoirí sa Tionól ó thuaidh.

Tá Gaeilge anois ag naonúr den 29 feisire ag Sinn Féin, is iad ná Catriona Ruane, Dún Theas; Barra Mac Giolla Duibh, Tír Eoghan Thiar; Raymond McCartney, Feabhail; agus na baill nuathofa Pat Sheehan, Béal Feirste Thiar; Cathal Ó hOisín, Doire Thoir; Phil Flanagan agus Sean Lynch, beirt as Fear Manach-Tír Eoghan Theas.

Níl líofacht ag Gerry Kelly ná Conor Murphy, ach neart den teanga acu mar sin féin.

Ó thaobh an SDLP de, bhí laghdú ar líon na nGaeilgeoirí ón pháirtí atá anois sa Tionól. Is iad Patsy McGlone agus Dominic Bradley an bheirt Ghaeilgeoir is aitheanta sa Tionól. Chaill Gaeilgeoir eile, Pól O'Callaghan, a shuíochán i bhFeabhail agus toghadh Mark H Durkan ina ionad, fear óg nach bhfuil líofa ach go bhfuil measarthacht Ghaeilge aige.

Leideanna faoi chomhdhéanamh an Fheidhmeannais nua ó thuaidh

Anton Mac Cába

NÍ shocrófar na hairí nua sa bhFeidhmeannas ó thuaidh go dtí tús na seachtaine seo chugainn ach, mar sin féin, tá leidí ann faoin chuma a bheas air.

Tá an Páirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) leis an Aireacht Aireadais a ghlacadh. Tá sin ar an roinn is cumhachtaí, achan roinn eile ina muinín. Beidh an chéad rogha acu faoin gcóras d'Hondt agus tá daoine sa pháirtí fosta gur mhaith leo Oideachas.

Is ag Sinn Féin atá an dara rogha. Cúpla seachtain ó shin, glacadh leis go raibh suim acu in aireacht eacnamaíochta agus mar sin go dtógfadh siad an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta. Anois, tá foinsí ag rá go gcoinneoidh siad an Roinn Forbartha Réigiúnaí. Is le tógáil na mbóithre nua a chosaint seo. Tá an A5 ón teorainn go Doire ach go háirithe ina thosaíocht ag Sinn Féin.

Beidh an tríú rogha ag Páirtí Aontachtach Uladh (UUP). Ní bheidh ach aireacht amháin acu. Meastear gur Danny Kennedy a ghlacfaidh seo, agus gur Oideachas a ghlacfaidh an páirtí.

Is ag an SDLP a bheidh an ceathrú rogha. Tá an dá pháirtí náisiúnacha faoi bhrú le Cultúr, Ealaín agus Fóillíocht a thógáil. Is bête noire ag náisiúnaithe é Nelson McCausland. Ar ndóigh, tá seans gur Páirtí na Comhghuaillíochta a thógfaidh. Tá anois aireacht acu, mar gur ochtar feisire atá acu.

Seoladh Playography na Gaeilge 1901-2010

Soilsiú ar dhrámaíocht na Gaeilge le breis agus céad bliain anuas

Meadhbh Ní Eadhra

Sheol an tAire Séamus Ó Duibhneacháin T.D. an suíomh Playography na Gaeilge 1901-2010 de chuid Institiúid Téatair na hÉireann Dé Céadaoin. I measc fíricí suimiúla eile léirítear ann gurb iad stair na hÉireann, an teaghlach, pósadh agus an grá na téamaí is coitianta i ndrámaí na Gaeilge le breis agus céad bliain anuas.

Tá 796 dráma de chuid repertoire na Gaeilge tugtha le chéile anseo in Playography na Gaeilge. Tá an iliomad drámadóirí faoi thrácht ann freisin, mar atá, céad-Uachtarán na hÉireann Dubhghlas de hÍde, scríbhneoirí ó lár an fichiú haois ar nós Liam Uí Fhlaithearta, Bháitéir Uí Mhaicín, Mháiréad Ní Ghráda, Thomáis Mhic Anna agus Bhreandáin Uí Bheacháin, agus scríbhneoirí comhaimseartha mar Éilís Ní Dhuibhne, Antoine Ó Flatharta, Liam Ó Muirthile, Manchán Magan agus Joe Steve Ó Neachtain.

Trí mhapáil a dhéanamh ar éabhlóid na drámaíochta Gaeilge thar thréimhse céad bliain, is féidir a fháil amach - le brú cnaipe - cérbh iad na nuadhrámaí, na haistriúcháin agus na hathchóirithe a léiríodh tríd an tír i gcoitinne, agus gurbh iad Gaillimh agus Baile Átha Cliath a bhí chun tosaigh mar ionaid léirithe, cé gur léiríodh drámaí freisin i nGaeilge i gCorcaigh, i bPort Láirge, i nDún na nGall agus i mBéal Feirste i measc áiteanna eile.

Déanann Playography na Gaeilge 1901-2010 comhlánú ar shuíomh idirlín Institiúid Téatair na hÉireann, is é sin Irish Playography ina bhfuil breis agus 2,500 dráma nua Éireannach a léiríodh go gairmiúil i mBéarla ó 1904 go dtí an lá atá inniu ann. Tá an dá repertoire tarraingthe le chéile mar PLAYOGRAPHYIreland, tionscadal suaitheanta Institiúid Téatair na hÉireann, agus é ar fáil do chách ar líne. Tá taighde deich mbliana ar dhrámaíocht na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge tugtha chun críche le seoladh an lae inniu.

Agus é ag déanamh comhghairdis le hInstitiúid Téatair na hÉireann as an bhfiontar suntasach seo dúirt an tAire Ó Duibhneacháin: "Tugann PLAYOGRAPHYIreland stór beo dúinn de dhrámaí i mBéarla agus i nGaeilge. Is mór an t-éacht é seo ó Institiúid Téatair na hÉireann, agus tugann sé léargas dúinn ar cad a bhí ag déanamh tinnis dár ndrámadóirí thar thréimhse céad bliain. Bhí pósadh, an teaghlach, polaitíocht agus stair na hÉireann mar phríomhthéamaí acu, mar aon le heisimirce agus reiligiún. Is iad na drámadóirí seo ceann de na sócmhainní is mó atá againn in Éirinn agus taibhrítear a saothar inniu ar fud an domhain i mórán teangacha. Léiríonn an acmhainn PLAYOGRAPHYIreland réimse, doimhneacht agus scileanna ár ndrámadóirí, nochtann sé an taipéis shaibhir de shaol sóisialta, cultúrtha agus stairiúil na hÉireann atá ann agus cuireann sé an t-eolas ar fáil do chách ar líne."

Dar le Manchán Magan, scríbhneoir agus scannánóir faisnéise, is ionann Playography na Gaeilge agus duine 'ag ardú cuaillí báire ar mhachaire fiáin.'

"Ní thuigfear céard go díreach í drámaíocht Ghaeilge ná cá bhfuil sí ag dul gan eolas cruinn. Tugann an t-eolas in Playography na Gaeilge réimse nua léargais dúinn faoi cad as a dtáinig drámaíocht Ghaeilge, cá bhfuil sí ag díriú anois, agus cad is gá a dhéanamh ar a son," ar sé. "D'éinne atá ag obair i ndrámaíocht na Gaeilge, tá léarscáil don timpeallacht curtha ar fáil faoi dheireadh."

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.irishplayography.com.

Anna Bale agus Nora de Buiteleir agus iad i láthair ag seoladh chéim II de Playography na Gaeilge. PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

'Cinsireacht Pholaitiúil' curtha i leith Chomhairle Cathrach BÁC

Ciarán Mac Fhearghusa

TÁ 'cinsireacht pholaitiúil' á cur i leith an Gharda Síochána agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tar éis gur baineadh anuas póstaeir a bhain le cuairt Bhanríon Shasana ar an chathair. Tharla na heachtraí in aineoinn gur theip ar an gComhairle bac iomlán a chur ar phóstaeir a bheith in airde i limistéar feidhme na Comhairle idir 15 -25 Bealtaine.

Is é an míniú a thug an Chomhairle Cathrach ná go raibh siad ag iarraidh "timpeallacht ghlan a chruthú le haghaidh chuairt na Banríona agus chuairt Obama".

Ach dar leis an gComhairleoir Cathrach Louise Minihan ó Éirígí, 'Is soiléir gur gníomh cinsireachta atá i gceist anseo. Ní raibh aon chaint faoi 'thimpeallacht ghlan' a chruthú nuair a tháinig Prionsa Mhonacó, Tony Blair nó fiú George W. Bush ar cuairt go hÉirinn. Is ionsaí é ar ár gcearta polaitiúla chun saoirse pholaitiúil a chleachtadh agus chun daoine a eagrú agus a chomhthionóil. Níl ann ach go bhfuil siad ag iarraidh na hagóidí a lagú le linn chuairt Elizabeth Windsor.

Bhí ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath géilleadh i ngeall ar fhreasúra roimh an gcinneadh agus tarraingíodh siar an cosc. Ach chonacthas foirne d'oibrithe na Comhairle Cathrach féin ag tarraingt póstaer aníos ar fud na cathrach ar mhaidin Chéadaoin in ainneoin gur tháinig deireadh leis an gcosc go hoifigiúil. Is ait an modh oibre atá acu go leanfadh siad ar aghaidh ag baint póstaer agus ní thugann sé dea-íomhá den chineál daonlathais atá á chleachtadh ag an gComhairle.

Ní hamháin sin ach is cosúil go bhfuil póstaeir á mbaint ag na Gardaí Síochána freisin. Dar leis an gComhairleoir Minihan, "Rinne baill d'Éirígí iarracht stop a chur le Gardaí a bhí ag tarraingt aníos póstaer go mídhleathach. Ba phóstaeir iad a bhí ag déanamh fógraíochta ar agóid atá le reáchtáil in aghaidh chuairt na Banríona ag an nGairdín Cuimhneacháin ag 3 in an Domhnach seo. Dar leis an Sáirsint a bhí i láthair go raibh orduithe faighte acu ó oifigigh níos sinsearaí chun na póstaeir a bhaint in ainneoin gur cuireadh na póstaeir in airde go dleathach de réir an nóis imeachta rialacháin."

Más fíor na líomhaintí seo tá ceisteanna tromchúiseacha le freagairt ag na Gardaí, toisc gur mí-úsáid chumhacht na nGardaí a bheadh ann agus toisc gur ceist í seo nach mbaineann leo.

"Níl ann anseo i ndáiríre ach an sampla is déanaí den chinsireacht pholaitiúil atá in úsáid ag innealraí an stáit. Tá ról tábhachtach ag póstaeir mar uirlis pholaitiúil ar fud an domhain. Tugann siad dúshlán mhórcheannas stáit agus na meán cumarsáide corparáideach. Agus is cuma má tá tú i bhfabhar nó i gcoinne chuairt Ardcheannasaí Fhórsaí na Breataine, ba cheart an fód a sheasamh i gcoinne cinsireacht stáit. Ba bhreá linn na heagraíochtaí pobail agus na ceardchumainn a fheiceáil ag seasamh linn ar an gceist seo óir tá gach seans ann gurb iadsan a bheidh thíos leis an chéad uair eile a théann fearas an stáit ar thóir 'timpeallacht ghlan' a chruthú," arsa Louise Minihan.

Dramh-mhiotal a ghlacadh

Rialacha úra i dtaca le cáin bhreisluacha (CBL)

Ó 1 Bealtaine, 2011 ar aghaidh, beidh rialacha úra i bhfeidhm i dtaca le CBL agus soláthar dramh-mhiotail do dhaoine eile incháinithe.

Ní mór do ghlacadóir an mhiotail an méid CBL atá le híoc a ríomh agus é a chur san áireamh nuair a chuirtear tuairisc CBL chuig na Coimisinéirí Ioncaim don tréimhse a soláthraíodh an miotal.

Tá na sonraí ar fad maidir leis na rialacha úra le fáil ag www.revenue.ie/go/034

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Bealtaine, 2011

An náisiún Gaelach le ceiliúradh i bhféile 40 bliain an Riadaigh

Seán Ó Loingsigh

REÁCHTÁLFAR féile náisiúnta ina mbeidh imeachtaí i gCúil Aodha agus ar fud na tíre an Fómhar seo chugainn chun comóradh ar leith a dhéanamh ar an gcumadóir Seán Ó Riada.

Tá siméadracht áirithe ag baint le comóradh an Riadaigh i mbliana mar go bhfuil sé 80 bliain ó rugadh an sárcheoltóir ar Lá Lúnasa 1931 agus 40 bliain ó cailleadh é i dtús mhí Dheireadh Fómhair 1971.

Tá ullmhúcháin ar bun cheana féin chun na príomhimeachtaí a reáchtáil i gCúil Aodha ar an gcéad deireadh seachtaine de mhí Lúnasa. Leanfar leis an gcomóradh ar fud na tíre go dtí go gcuirfear clabhsúr leis an bhFéile cois Abha an tSuláin arís ar 3 Deireadh Fómhair.

Is ar an Luan i mbliana atá Lá Lúnasa, breithlá Sheáin Uí Riada, agus tá sé beartaithe go mbeidh 'Aeríocht' i rith na hoíche roimh ré sa pháirc peile i gCúil Aodha mar a mbeidh cur i láthair speisialta á dhéanamh ag scéalaithe agus tráchtairí aitheanta, aisteoirí cáiliúla, sár-cheoltóirí agus amhránaithe clúiteacha, filí iomráiteacha agus rinceoirí den scoth.



Tá sé i gceist stáitse speisialta a thógaint, ceann a bheifear in ann casadh i dtreo luí agus éirí na gréine. Tosnóidh an taispeántas leis na haionna os na réimsí éagsúla agus an ghrian ag dul faoi, agus casfar an stáitse céim ar chéim ar deiseal go dtí go seinnfidh ceolfhoireann ollmhór an ceol scannáin is mó a shamhlaítear le Seán Ó Riada - Mise Éire - ag breacadh an lae ar Lá Lúnasa.

Ar na himeachtaí eile a bheidh ar siúl i rith dheireadh seachtaine Lúnasa beidh Aifreann speisialta i Séipéal Chúil Aodha mar a chuirfear ceol cáiliúil 'Aifreann 1' an Riadaigh i láthair le Cór Chúil Aodha agus Cór na Sagart Choláiste Mhá Nuad agus beidh léacht speisialta faoin gcumadóir i rith an lae ar Lá Lúnasa.

Féile na Laochra a bheidh ann i mórán slite mar go mbeidh taispeántas grianghrafadóireachta faoi laochra áitiúla Mhúscraí go bhfuil gaisce déanta acu agus reachtálfar imeachtaí speisialta peile agus iománaíochta chun laochra spóirt a cheiliúradh.

Beidh caint ar leith faoin Náisiún Gaelach, fís a chuir Seán Ó Riada chun cinn, agus tá sé i gceist seimineár a reachtáil faoi obair phobail agus cúrsaí gnó, ábhair go raibh suim ar leith ag an Riadach iontu.

Leanfar leis na téamaí éagsúla ag imeachtaí an dara deireadh seachtaine i mí Dheireadh Fómhair nuair a bheidh coirm cheoil traidisiúnta i gcuimhne an Riadaigh chomh maith le hAifreann cuimhneacháin eile le ceol 'Aifreann 2' a chum sé do Mhanaigh Ghleann Stáil.

Beidh dhá Aifreann an Riadaigh á chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta agus ar an idirlíon ar fud an domhain, agus tá sé beartaithe go nglacfaidh córacha agus pobail ag Aifrinntí ar fud na tíre páirt sa cheiliúradh ag an am céanna.

Lasfar tóirse speisialta i gCúil Aodha ar Lá Lúnasa agus scaipfear é le linn na féile náisiúnta ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre.

Tháinig Seán Ó Riada agus a bhean Ruth chun cónaí i gCúil Aodha i 1963 agus b'ann a thóg an bheirt Chorcaíoch a gclann Peadar, Rachel, Eoghan, Alasdar, Cathal, Sorcha agus Liadh. Cailleadh Ruth Ó Riada agus í óg chomh maith i 1977 agus leagfar bláthfhleasc ar a n-uaigh ag searmanas i Reilig Ghobnatan ar lá deireanach na Féile ar 3 Deireadh Fómhair.

Aisteoirí ag teastáil do Shár-Scoil Drámaíochta Fíbín

Treasa Bhreathnach

TÁ an comhlacht léiriúcháin Fíbín i mbun éisteachtaí ar fud na tíre agus iad ar thóir aisteoirí óga idir 15 - 17 bliain d'aois chun páirt a ghlacadh i Sár-Scoil Drámaíochta Fíbín. Is faoi oiliúint an scríbhneora/stiúrthóra chlúitigh Paul Mercier a bheas na daoine óga. Tá cáil na mblianta bainte amach ag Paul Mercier mar stiúrthóir agus scríbhneoir stáitse agus teilifíse. Stiúir sé an tsraith theilifíse Aifric do TG4, agus bhí an dráma 'The Passing' atá scríofa agus stiúrtha ag Mercier le feiceáil tamall gearr ó shin in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath.

Is ón 5-16 Iúil a bheidh Sár-Scoil Drámaíochta Fíbín ar siúl agus beidh gá ag iarrthóirí a bheith líofa i nGaeilge agus iad tiomanta don drámaíocht. Má tá suim agat a bheith san áireamh ba cheart CV agus pictiúir díot féin a sheoladh chuig: Méabh Nic Alastair, Fíbín Teo., Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Beidh éisteachtaí á reáchtáil ag an gcomhlacht fud fad na tíre ar feadh na míosa seo. Is in Amharclann na Cathrach, Gaillimh a bheidh éisteachtaí amárach óna 10n-2in; ar an 18ú sa Lab, Sráid Eoin, an Daingean i gCiarraí óna 4-8in; Jurys Inn i gCorcaigh ar an 19ú óna 5-8in; i gConradh na Gaeilge ar an 20ú óna 5-8in i mBaile Átha Cliath agus ar an 21ú agus 22ú san ionad céanna óna 10rn-4in; Óstán an Sligo Park óna 5-9in i Sligeach ar an 26ú agus i nDún na nGall ar an 27ú sa Chúirt i nGaoth Dobhair óna 5-9in. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Sár-Scoil Drámaíochta Fíbín ach teagmháil a dhéanamh le Méabh Nic Alastair ag meangadh@gmail.com nó glaoch ar (091) 505855.

Súil le méadú ar an 641 teaghlach inimirceach le Gaeilge san Astráil

Ar lean ó leathanach a haon

I measc rudaí eile, taispeánann an daonáireamh úd teangacha teaghlaigh na ndaoine a rugadh thar lear. Seo na cúig cinn is mó a bhí á labhairt sa bhliain 2006: Béarla - 48,304; Gaeilge - 641; Gàidhlig - 276; Fraincis - 89; Gearmáinis - 61.

Bheadh iontas ort, b'fhéidir, go mbeadh 641 teaghlach féin ag úsáid na Gaeilge cois tinteáin san Astráil. Os a choinne sin, bheadh sé chomh haisteach céanna mura raibh líon éigin inimirceach le Gaeilge ann, agus tá stair ag baint leis sin. Tá fianaise ann go labhraítí Gaeilge ina lán teaghlach san Astráil sa 19ú haois, ach is beag cainteoir dúchais ó Chorca Dhuibhne nó ó Chonamara anois a chuimhneodh ar a chlann a thogáil le Gaeilge san Astráil. Is iad na Gaeilgeoirí an dream is díograisí sna cúrsaí sin. Ní féidir a rá go barantúil cá mhéad Gaeilge a bheadh á húsáid ag an 641 teaghlach úd - an cúpla focal nó i bhfad níos mó ná sin. Cuirfear an-suim sna figiúirí teanga a thiocfaidh as daonáireamh na bliana seo.

Cuimhnímis fós go bhfuil Gaeilge measartha maith ag a lán daoine san Astráil nach bhfuil teacht orthu in aon daonáireamh - daoine nach n-úsáideann an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh. Astrálaigh iad minic go leor, agus cuid acu ag teacht le chéile as gach taobh den tír cúpla uair in aghaidh na bliana le haghaidh deireadh seachtaine Gaeilge. Is cosúil go mbeidh a leithéidí choíche ann.

Ní hí an teanga labhartha amháin atá i gceist anseo, ach an teanga scríofa chomh maith. Sampla de sin is ea An Mám Ó Dheas, leabhar le Muiris (Mossie) Ó Scanláin, Ciarraíoch a fáisceadh as an nGaeltacht agus a chaith leath a shaoil san Astráil. Tá Astrálaigh eile ann agus iriseoireacht nó ficsean nó ábhar léinn á scríobh acu i nGaeilge. Cuireann seo le brí na bhfigiúirí sa mhéid go léirítear an teanga á húsáid mar chuid de chultúr beo.

Is é mírath na hÉireann rath na hAstráile, agus neart Éireannach ag tabhairt a n-aghaidhe ar an deisceart. Ní dóichí rud ná go bhfuil Gaeilge ag cuid acu, ach ní bheidh a fhios againn go ceann tamaill eile cén rian a fhágfaidh sin ar staitisticí na teanga.

Hollywood - Tá muid ag teacht!

Meadhbh Ní Eadhra

AN deireadh seachtaine seo, in Burbank in California, beidh an chéad dianchúrsa Gaeilge riamh ar siúl, uair a thiocfaidh os cionn tríocha duine le chéile le páirt a ghlacadh ann.

Ranganna comhrá a bheidh i gceist, agus beidh leibhéil éagsúla, ón mbunleibhéal go hardleibhéal, mar chuid den chúrsa.

Tá Burbank Moose Lodge, ionad atá lonnaithe in Los Angeles, curtha in áirithe don ócáid shainiúil seo.

Táthar ag súil go mbeidh aisteoirí, mic léinn, lucht léinn agus neart daoine eile le spéis sa Ghaeilge, i láthair don imeacht. Baill de An Claidheamh Soluis, Ionad Ealaíon Éireannach i Los Angeles, atá taobh thiar den deireadh seachtaine Gaelach seo.

Is é Brian Heron, garmhac James Connolly, a bhunaigh an t-ionad.

Beidh na múinteoirí á gcur ar fáil ag Oideas Gael, scoil lán-Ghaeilge atá bunaithe i gContae Dhún na nGall agus atá i ndiaidh naisc a chruthú le go leor grúpaí idirnáisiúnta atá ag cur na Gaeilge chun cinn agus ag múineadh na teanga.

Freastalaíonn beirt phríomhaisteoir ón tsraith réaltachta 'Lost' agus ón tsraith choireachta 'Cold Case' ar Oideas Gael go rialta. Go deimhin, chuaigh Ramona Reeves, príomheagraí an deireadh seachtaine agus feidhmiúcháin scannáin, go Gleann Cholm Cille cúpla uair ar cuairt.

Dar le Liam Ó Cuinneagáin, stiúrthóir Oideas Gael, atá ag taisteal chun na hócáide, is togra spéisiúil é seo agus tá níos mó agus níos mó den chineál dea-ghníomhaíochta seo ag tarlú i gciorcail Ghaeilge ar fud an domhain.

"Tá ranganna Gaeilge ar siúl i ngach áit ar domhan na laethanta seo," ar sé. "Is féidir cumarsáid tapaidh a dhéanamh ar an toirt le daoine anois agus tá tionchar mór aige sin ar scaipeadh na Gaeilge go domhanda.

Tá cumhacht ag baint leis an gcumarsáid nua agus leis na gréasáin teanga atá á bhunú in achan áit, go rialta."

Tá os cionn 90 institiúid sna Stáit Aontaithe ag múineadh na Gaeilge anois.

Éiríonn le "Plean B Batasuna"

Tomás Mac Síomóin

Lucht Bildu ag ceiliúradh chinneadh Chúirt Uachtarach na Spáinne an tseachtain seo caite.

ABHUÍOCHAS le breithiúnas Chúirt Uachtarach na Spáinne, theip ar iarracht Rialtas na Spáinne cosc a chur ar rannpháirtíocht scarúnaithe Bascacha, faoin ainm BILDU, sna toghcháin áitiúla sa Tír Bhascach. Tá iarrthóirí BILDU ag stocaireacht go tréan cheana féin. Beidh na toghcháin seo ar siúl ar 22 Bealtaine seo chugainn.

Is é aidhm an Chlé Abertzale, lena mbaineann BILDU, an ceangal leis an Spáinn a bhriseadh agus stát sóisialach Bascach a bhunú. Ba é Batasuna eite pholaitiúil na gluaiseachta seo ach d'fhógair Ard-Chúirt na Spáinne in 2003 go raibh Batasuna mídhleathach faoi Dhlí na bPáirtithe abhus i ngeall ar a cheangal le ETA, eite armtha na gluaiseachta céanna. Ach ós léir go bhfuil teipthe ar ETA saoirse Thír na mBascach a bhaint amach trín ngleic armtha, tuigtear don Chlé Abertzale gur den riachtanas é a aidhmeanna a chur chun cinn go síochánta trín bproiséas daonlathach. Bhí príomhfhórsaí polaitiúla Stát na Spáinne glan in aghaidh na rannpháirtíochta seo ón tús.

Mar sin, cuireann an Chlé Abertzale an-fháilte roimh bhreithiúnas seo na Cúirte Uachtaraí. Óir cealaíonn sé breithiúnas conspóideach a rinne an Ard-Chúirt i dtús na míosa seo a rialaigh nach bhféadfaí ligint d'iarrthóirí BILDU a bheith páirteach i dtoghcháin. Ghlac naonúr as an 16 breitheamh a bhí páirteach sa mbreithiúnas le fianaise an Ard-Aighne, a thug le fios nach raibh i mBILDU ach cuid de straitéis rúnda ETA. Bhí an fhianaise seo bunaithe ar thuairiscí a chuir fórsaí slándála na Spáinne ar fáil dó.

D'eascair BILDU as iarracht eile i mbliana a rinne an Chlé Abertzale, faoin teideal SORTU, aitheantas a fháil mar pháirtí dleathach. Nuair a dhiúltaigh an Ard-Chúirt an t-aitheantas sin a thabhairt dó, tharraing lucht SORTU ar sheift eile. Bheadh a n-iarrthóirí páirteach sna toghcháin mar chuid de chomhaontas nua, BILDU, a choimsíonn baill de Eusko Alkartasuna (EA), Alternatiba (dhá pháirtí lándleathacha) chomh maith leo féin. Ghlaoigh Tánaiste Rialtas na Spáinne, Alberto Rubalcaba, "Plean B Batasuna", as teann searúis ar an straitéis seo. Mhaígh sé nach n-éireodh leis agus go dtroidfeadh an Rialtas iarratas BILDU sna cúirteanna.

Dhealraigh sé go raibh ag éiri leis an Rialtas sin a dhéanamh nuair a dhiúltaigh an Ard-Chúirt glacadh le hiarratas na scarúnaithe seo ar an gcéad lá de Bhealtaine. Ach, ar 5 Bealtaine, dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach d'argóintí an Ard-Aighne. Cuireadh breithiúnas na Cúirte Uachtaraí in aghaidh BILDU ar ceal dá réir. Mar sin, tá an bealach oscailte do BILDU iarrthóirí a chur ag seasamh i dtoghcháin.

Bhíothas a thuar, áfach, go mbeadh deacrachtaí i bpósadh seo Batasuna le EA, páirtí a bhfuil baill aitheanta de chuid Opus Dei ann, agus atá caomhnach go maith i leith ceisteanna sóisialta. Is toradh é an páirtí seo ar scoilt sa PNV (Páirtí Náisiúnaíoch Bascach, na náisiúntóirí 'bunreachtúla'). Tharla sé i ngeall ar gur shíl Carlos Garaikoitxea, ceannaire EA, agus a lucht leanúna nach raibh seasamh an PNV i leith neamhspleáchas na Tíre Bascaí sách daingean.

Ó tharla go bhfuil clár BILDU i bhfad níos faide ar chlé mar is dual do EA samhlaíodh go mbeadh col ag eití de chuid an EA lena gcomrádaithe nua. Ach, ag cruinniú in Donostia / San Sebastian le deireanas, dúirt urlabraí ar son EA go raibh glacadh ag a pháirtí le clár BILDU "ina iomláine", an chuid de a chuireann ceangal ar bhaill BILDU fanacht glan ar ócáidí oifigiúla eaglasta san áireamh. Geallann BILDU go mbeidh ceangal ar bhaill tofa an Chomhaontais nua seo, féachaint le "réiteach sóisialach" a fháil ar fhadhbanna logánta. Chuirfeadh an cur chuige seo an EA ar chonair nua, ar ndóigh. Agus ar thuras nach réiteoidh le gach ball de ach an oiread

£9,000 gach bliain le híoc ag mic léinn Ollscoil Aberystwyth

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Ollscoil Aberystwyth sa Bhreatain Bheag i ndiaidh vótáil ar son táillí teagaisc a ardú go £9,000 in aghaidh na bliana. Is í an ollscoil seo an chéad cheann sa tír chun a leithéid a dhéanamh. Pléadh na pleananna ag cruinniú Dé Luain agus caithfidh an Chomhairle Chistiúcháin don Ardoideachas sa Bhreatain Bheag an cinneadh a fhaomhadh ionas gur féidir leis an ollscoil dul ar aghaidh leis na táillí nua.

Ní bheidh tionchar ag na táillí seo ar mhic léinn na Breataine Bige, ach beidh ar mhic léinn sa chuid eile den Bhreatain agus in áiteanna eile ar nós Thuaisceart na hÉireann, beidh orthu táillí níos airde a íoc ó mhí Mheán Fómhair 2012. Táthar i ndiaidh iarraidh ar ollscoileanna na Breataine Bige pleananna táillí a chur le chéile roimh dheireadh na míosa.

Tá líon ard daltaí ó Shasana, ón Albain agus ón tuaisceart a fhreastalaíonn ar Ollscoil Aberystwyth agus a bheidh thíos leis an gcinneadh seo. Faoi láthair, tá £3,290 á íoc acu in aghaidh na bliana. Dar leis an Ghníomhaireacht Staitisticí don Ardoideachas (HESA), bhí 3,505 fochéimí ó áiteanna eile sa Ríocht Aontaithe ina gcónaí in Aberystwyth anuraidh, líon an-ard ar fad nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil Aberystwyth rómhór ar an gcéad dul síos.

Cé gurb í Ollscoil Aberystwyth an chéad ollscoil leis na táillí a ardú go £9,000, creidtear go mbeidh ollscoileanna eile ag déanamh an ruda céanna roimh i bhfad. Tá Caerdydd i ndiaidh a fhógairt go mbeidh siadsan ag iarraidh ar mhic léinn na táillí arda seo a íoc freisin, agus ceaptar go ndéanfaidh Bangor agus Abertawe / Swansea amhlaidh chomh maith.

Déanann nach mór 25,000 mac léinn lasmuigh den Bhreatain Bheag agus laistigh den RA staidéar in ollscoileanna na Breataine Bige gach bliain agus ní bheidh sé de rogha acu ach na táillí nua a íoc.

An chéad pháirtnéireacht aerach cláraithe sa Bhrasaíl

Alex Hijmans
Salvador, An Bhrasaíl

CLÁRAÍODH an chéad pháirtnéireacht shibhialta idir bheirt den inscne chéanna sa Bhrasaíl Dé Luain. Bhí deifir ar Toni Reis (43) agus David Harrad (53) as Curitiba, i ndeisceart na tíre: níor cheadaigh Ard-chúirt na Brasaíle an pháirtnéireacht shibhialta do lanúineacha comhghnéis céanna ach dhá lá oibre roimhe.

Bhí reachtaíocht a cheadódh a leithéid á plé ag polaiteoirí na tíre is mó i Meiriceá Theas le nach mór fiche bliain anuas, ach ag deireadh an lae ba í an Ard-chúirt, agus ní an Rialtas, a thug isteach í tar éis do dhuine de bhreithiúnaithe na cúirte sin rún a réiteach. Glacadh leis an rún d'aon ghuth agus chuaigh an reachtaíocht nua i bhfeidhm láithreach.

Tá an Bhrasaíl anois ar an dara tír i Meiriceá Theas inar féidir le lanúineacha comhghnéis a bpáirtnéireacht a chlárú. Ó anuraidh, is féidir le lanúineacha aeracha san Airgintín pósadh. De réir figiúirí daonáirimh a foilsíodh an tseachtain chéanna is a tugadh an reachtaíocht nua isteach, tá 60,000 lanúineacha comhghnéis ina gcónaí in aontíos sa Bhrasaíl.

Ach cé go bhfuil an chéad pháirtnéireacht shibhialta cláraithe, tá le feiceáil an dtiocfaidh laghdú ar leibhéal na homaifóibe sa Bhrasaíl de bharr na reachtaíochta nua. Anuraidh, dúnmharaíodh 260 Brasaíleach aerach mar gheall ar a gclaonadh gnéis. B'shin ardú de 31% ar líon na ndaoine aeracha a dúnmharaíodh in 2009. De réir eagraíocht an phobail aeraigh, GGB, a choinníonn súil ar na figiúirí seo, ba ghaolta leis na híobartaigh féin ba chiontach i bhformhór na ndúnmharuithe seo.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cúpla lá fágtha chun aighneacht a chur isteach faoi fhorbairt ollmhór tuirbíní gaoithe

An radharc ag crosbhóthar Dhoire Néa idir an R336 agus R343 faoi láthair agus an radharc leis na tuirbíní gaoithe san áireamh.

Caroline Ní Chualáin

IS é Dé Céadaoin 18 Bealtaine an spriocdháta chun barúlacha a chur in iúl do Bhord Pleanála na Gaillimhe faoi fhorbairt na dtuirbíní gaoithe i gceantar Chasla, ceist atá ag scoilt an phobail áitiúil i gConamara.

Tá iarratas déanta ag an chomhlacht, Gaoithe an Iarthair Teoranta, ar cheadúnas pleanála le haghaidh 27 tuirbín gaoithe a thogáil i gceantar Leitir Mhucú, Muicineach Choille agus Dhoire Néa. Is le 20 duine as an cheantar an talamh ar a bhfuiltear ag iarradh an fheirm ghaoithe a thógáil. Tá an pobal scoite de bharr méid na dtuirbíní gaoithe, líon na muilte, tionchar ar an iascach agus an éifeacht a bheidh aige ar thírdhreach Chonamara.

Tá forbairt na dtuirbíní gaoithe seo ar cheann de na forbairtí is mó sa tír - beidh na tuirbíní 139 méadar ar airde le trastomhas rótar 82 méadar.

Labhair duine amháin áitiúil le Gaelscéal faoina imní maidir leis an bhforbairt, "Tá na muilte gaoithe seo ollmhór. Tá éifeacht ollmhór radharcach acu. Beidh siad le feiceáil ó i bhfad i gcéin ag turasóirí a bheith ag taisteal thimpeall Chonamara. Beidh siad le feiceáil ó na hOileáin Árainn. Níl mé cinnte an dtuigeann daoine cén chomh mór agus atá na muilte gaoithe seo. Tá siad dhá uair níos airde ná na tuirbíní gaoithe atá in Indreabhán faoi láthair. Tá an talamh atá beartaithe acu chun na muilte gaoithe a thógáil air 50 nó 60 méadar ar airde cheana, mar sin tá na tuirbíní dhul a bheith breathnú 50 nó 60 méadar níos airde."

Go dtí seo tá aighneachtaí curtha isteach ag muintir na háite, ag ag An Taisce agus ag Iascach Intíre Éireann. Is féidir eolas a fháil faoi iarratas na dtuirbíní gaoithe ag www.galway.ie.

Conamara

Praghas is fearr ariamh ar bhradáin ach lagtrá i gConamara

Máirtín Ó Catháin

TÁ cuid den bhuachtáil is fearr ariamh le baint as tionscal na feilméireachta bradán faoi láthair...ach ar an drochuair níl mórán táirgíochta i gConamara anois. Tá beagnach €8,000 dá íoc ar thonna bradáin feilme faoi láthair - sin dúbailt ar an bpraghas a bhí orthu beagán blianta ó shin. Tuairim €3,500 a chosnaíonn sé tonna bradán a chur ar an margadh - sin ag cur costas ábhar agus saothair sa gcomhaireamh. Fágann sin go bhfuil os cionn €4,000 brabúis as chuile thonna bradán. Ach, níl ach tuairim is 1,000 tonna sa mbliain dá tháirgiú i nGaeltacht Chonamara anois; bhí thart ar a dheich n-oiread sin dá tháirgiú i gcuanta an cheantair sna 1990í nuair a bhí an tionscal níos láidre. Ach chuaigh an tionscal i léig de réir a chéile agus b'éigean d'Údarás na Gaeltachta socruithe éigeandála a dhéanamh cúpla bliain ó shin le beocht a choinneáil sna bradáin i nGaeltacht Chonamara.

Bhí galair ar an rud ba mhó a rinne scrios; tharla sé scaití gur chaill feilméaraí thart ar 80% dá gcuid stoc. Tá córais nuaí oibre ann anois agus níos mo tuisceana ar an gcaoi is fearr leis na cliabháin a lonnú agus a aistriú anonn agus anall. Tuigtear go bhfuil smacht ar na galair, den chuid is mo. Ach tá fiacha móra ar dhreamanna sa tionscal. Sa mullach air sin tá riaráistí le n-íoc ar ais acu ar cheadúnais ag dul siar roinnt blianta. Meastar go bhfuil leathmhilliún euro le n-íoc ar riaráistí ceadúnais ag comhlachtaí i gConamara.

Tá cómhráití ar bun leis an Roinn Talmhaíochta agus Mara faoi seo agus tá Údarás na Gaeltachta ina lár. Tá moltaí ann go n-íocfaí na riaráistí ar ais in imeacht bliain go leith ach tá seo an-trom ar fhormhór na gcomhlachtai; tuigtear, mar shampla, go bhfuil €60,000 le n-íoc ar ais ag comhlacht beag amháin. Ciallaíonn seo uilig nach bhfuil comhlachtaí feilméireachta bradán in ann a dhul in aice le suíomhanna ar na cuanta mar nach bhfuil na ceadúnais acu.

Idir an dá linn tá an t-éileamh anláidir ar bhradáin Chonamara.

"Tá roinnt le déanamh ag an ngan-ntan bradán leis an bpraghas," a deir urlabhraí sa tionscal i gConamara. "Ach tá an branda orgánach ar bhradáin Chonamara anois agus tá anghlaoch orthu dá bharr sin freisin." Ar Mhór-Roinn na hEorpa is mó atá éileamh ar na bradáin agus tá an Eilbhéis ar cheann de na margaí is fearr anois. Tá roinnt de bhradáin Chonamara dá gcur go Meiriceá seasta freisin - ach, mar a tharlaíonn sé, is in Heathrow a chuirtear ar na heitleáin thras-Atlantacha iad. Tugann na leoraithe na bradáin as Conamara go Londain. Is é an t-údar is mó atá leis sin ná go bhfuil an táille as Londain go Meiriceá níos saoire go mór ná an táille a bhainfí amach sa tSionainn nó i mBaile Átha Cliath.

Ag bronnadh geansaithe nua CLG na Ceathrún Rua an tseachtain seo bhí Seán Mac Donncha (Cathaoirleach CLG na Ceathrún Rua), Tony Óg Ó Mistéil ó Chógaslann Agatha (úraitheoir nua fhoireann CLG na Ceathrún Rua), Niall Ó Briain (Captaen) agus Seán Ó Cinnchnámha. Chun tosaigh tá Iarlaith agus Conal Ó Mistéil.

Rí an Chladaigh, Michael Lynskey agus Méara na Gaillimhe, Michael Crowe, ag bronnadh painéil faoi shean-Rí an Chladaigh ar Phríomhoide Scoil Náisiúnta an cheantair. Bhronn an Músaem na painéil ar fad ar an scoil i ngeall ar an ath-chóiriú atá ar bun ansin. PIC: REG GORDON

Cathair na Gaillimhe

Painéil bronnta ag iarsmalann ar scoil sa gCladach

Caroline Ní Chualáin

BHRONN Músaem Cathrach na Gaillimhe painéil mar bhronntanas ar scoil náisiúnta sa gCladach i nGaillimh an tseachtain seo. Is é seo an chéad bhronntanas atá bronnta ag Músaem Cathrach na Gaillimhe. I láthair ag bronnadh an bhronntanais bhí Méara Chathair na Gaillimhe, an comhairleoir Michael Crowe, agus rí an Chladaigh Michael Lynskey.

Ar na téamaí a chlúdaíonn na painéil tá tithe ceann tuí, an cleachtas rí a bheith sa mbaile agus meath na Gaeilge sa gCladach. Rinne Príomhoide Scoil Náisiúnta Naomh Nioclás cur síos ar an tabhartas mar "bhronntanas an-suntasach" agus dúirt go raibh siad an-bhródúil iad a fháil.

Ghabh Méara na Gaillimhe buíochas leis an iarsmalann as ucht an tabhartais agus dúirt sé go bhfuil súil aige go neartóidh sé seo an ceangal idir Músaem Cathrach na Gaillimhe agus scoileanna amach tríd an gcathair. Deir an Méara Crowe, "Is uirlis oideachais fhíorluachmhar iad, agus níl aon dabht ach go gcuirfidh siad le taithí foghlama na leanaí atá ag freastal ar an scoil seo."

Bhí na painéil dhá n-úsáid i Músaem Cathrach na Gaillimhe mar thaispeántas a léirigh bunús agus traidisiúin an Chladaigh . Tá súil ag an iarsmalann topaic an Chladaigh a chlúdach ar bhealaí eile sna blianta amach romhainn. Thug an iarsmalann an tabhartas i rith obair athfhorbartha atá ar siúl faoi láthair acu. Beidh taispeátas difriúil ar gach urlár agus beidh siad uile réidh an samhradh seo.

Urraitheoir nua ag foireann CLG na Ceathrún Rua

Caroline Ní Chualáin

FÓGRAÍODH an tseachtain seo go beidh Cógaslann Agatha ar an gCeathrún Rua ag déanamh urraíochta ar fhoireann sinsir peile CLG na Ceathrún Rua. Beidh an fhoireann ag tabhairt a n-aghaidh ar fhoireann peile Chill Ainnín i gCraobh Shinsir Peile na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo chugainn i Staid an Phiarsaigh.

Dúirt Seán Mac Donncha, Cathaoirleach CLG na Ceathrún Rua, "Tá áthas ar an gcumann urraitheoir nua a fháil ag am go bhfuil lagtrá eacnamaíochta sa tír agus tá an cumann an-bhuíoch de Tony Óg Mistéil as ucht urraíocht a dhéanamh ar an bhfoireann." Tá CLG na Ceathrún Rua ar an bhfód le breis agus 40 bliain.

300 socrúchán oibre ar fáil do ghairmithe i nGaillimh

Caroline Ní Chualáin

TÁ an deis ag gairmithe le taithí i nGaillimh dhul ar ais ag obair tar éis do 300 socrúchán oibre a bheith dhá soláthar ag Begin Again. Is éard is Begin Again ann ná clár cur chun cinn gairme atá forbartha ag an Irish Centre for Business Excellence (ICBE). Rinneadh lainseáil ar an chlár in 2010 agus tá os cionn 400 duine dífhostaithe curtha amach i socrúchán oibre amach tríd an tír.

Tá 240 díobh seo ar ais i bhfostaíocht. Tugann clár Begin Again deis de rannpháirtithe páirt a ghlacadh i socrúchán oibre ar feadh 12 seachtain le comhlacht feiliúnach. San áireamh sa chlár tá meascán de thraenáil dheimhnithe, intéirneacht agus meantóireacht. Deir Gaillimheach a chríochnaigh an clár le gairid, John O'Reilly, "Tá cúnamh tugtha ag clár Begin Again dom fostaíocht a fháil, freisin saineolas acu le déileáil le riachtanais an chomhlachta ar bhealach an-phroifisiúnta. Is é Begin Again an t-aon chlár a d'ofráil aon rud ceart i dtaobh deiseanna fostaíochta." I measc na gcomhlachtaí a bhfuil páirt glactha acu sa chlár tá comhlachtaí rathúla cosúil le Supermacs, Boston Scientific agus Bewleys. Is é an Labour Market Activation Fund a dhéanann maoiniú ar an chlár. Tá an clár Begin Again dírithe go príomha ar ghairmithe le taithí, a thabharfaidh taithí agus scileanna luachmhara chuig comhlacht nó gnó má fhaigheann siad deis oibriú leo.

Caithfidh go mbeidh rannpháirtithe atá ag glacadh páirte sa chlár Begin Again a bheith i dteideal cúnamh dífhostaíochta ón Roinn Leasa Shóisialaigh ar feadh tréimshe trí mhí. Coinníonn rannpháirtithe an tsocrúcháin oibre a gcuid sochar leasa shóisialaigh. Rinne an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh anailís ar riachtanais traenála i gConamara in éineacht le Begin Again agus beidh cruinniú eolais oíche Dé Luain seo chugainn in Oifig Comhfhiontar na Ceathrún Rua in éineacht le hionadaithe uaidh Leap Advisors. Tá an cruinniú eolais curtha ar fáil do dhaoine ar mhaith leo páirt a ghlacadh sa chlár agus freisin d'fhostóirí a thaitneoidh leo.

Sligeach

Pidgin Gaeilge

Caroline Ní Chualáin

TÁ deireadh seachtaine darb ainm Pidgin Gaeilge dhá eagrú an deireadh seachtaine seo in ionad Gyreum, Béal Átha na gCarraigíní i Sligeach. Tá an deireadh seachtaine dírithe ar dhaoine le beagán Gaeilge chun teacht le chéile agus í a labhairt lena chéile trí imeachtaí ceoil, cócaireachta, surfála, siúil agus fánaíochta.

Beidh na himeachtaí faoi stiúir daoine le Gaeilge líofa. Deir Eoin Craven atá ag eagrú an deireadh seachtaine, "Táim ag iarraidh ar dhaoine an méid Gaeilge atá acu a labhairt gan aon bhrú agus aon imní faoi bhotúin ghramadaí a dhéanamh". Is é seo an chéad deireadh seachtaine den imeacht bheith dhá reáchtáil san Ionad ach deir Eoin Craven, "Tá súil againn Pidgin Gaeilge a eagrú uair amháin gach mí." Is féidir tuilleadh eolais a fháil uaidh Eoin ag 087-7690962 nó 071-9165994 nó trí ríomhphost ag info@gyreum.com

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ag nascadh na Gaeilge leis an ealaín

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH Na Gaeil Óga CLG, i gcomhpháirt leis an ealaíontóir aitheanta Ultach Seán Pól Ó Flanagáin, ag eagrú taispeántas ealaíne ina rachaidh 25% de bhrabús gach pictiúir a dhíoltar i dtreo Chumann Lúthchleas Gael lán-Ghaeilge na príomhchathrach.

Seolfaidh Niamh Ní Shúilleabháin, láithreoir ALT Éire, clár ealaíne agus ceoil ar Raidió na Life, an taispeántas ag 7in ar 18 Bealtaine i gClub Chonradh na Gaeilge. Le linn mhí na Bealtaine beidh Na Gaeil Óga CLG ag tabhairt faoi chomórtas tiomsaithe airgid ina rachaidh foirne beaga in iomaíocht lena chéile chun príomhdhuais an chomórtais a bhaint amach tríd an méid is mó airgid a bhailiú don chlub nua. Is í ballraíocht saoil leis an chlub an phríomhdhuais atá le baint agus le linn na míosa tabharfaidh na grúpaí éagsúla faoi chlár dúshlánach d'imeachtaí tiomsaithe airgid.

Is é seo an chéad taispeántas ealaíne ag Seán Pól Ó Flanagáin i mBaile Átha Cliath. Leanann Athimprisean, a bheidh ar siúl ag Club an Chonartha le linn mhí na Bealtaine, an taispeántas anrathúil, Impressions Part 1, ag Gailearaí Gerard Dillon i mBéal Feirste i mí Eanáir.

Iardhalta de chuid Choláiste Feirste, tá Baitsiléir Ealaíon sa Mhínealaín agus san Ealaín Fheidhmeach bainte amach ag Seán Pól ó Ollscoil Uladh. Tá seónna déanta aige i mBéal Feirste agus i nDún na nGall agus tá coimisiúin faighte aige le haghaidh dearadh leabhair agus dearadh seite.

"Tá an-áthas orainn go bhfuil ealaíontóir aitheanta cosúil le Seán Pól Ó Flanagáin sásta tacú leis an chlub nua s'againn agus is sampla seo de na naisc gur féidir a chothú i measc na n-ealaíon agus gnéithe eile den chultúr Gaelach ar leas a chéile," a dúirt Seán Ó hAdhmaill ó Na Gaeil Óga, CLG. "Cuirtear fáilte roimh chách ag an seoladh oifigiúil, agus deis ar dóigh a bheidh ann píosa ealaíne ar ardchaighdeán a fheiceáil, an píosa ealaíne a phlé leis an ealaíontóir agus a cheannach más spéis leat. Ar a bharr sin, beidh a fhios agat gur ag tacú le togra Gaelach sa phríomhchathair a bheidh tú agus tú ag ceannach pictiúir ag taispeántas Athimprisean."

Leanfaidh an taispeántas ealaíne idir an 18-25 Bealtaine i gClub Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, BÁC 2. Tá leathanach ócáide Facebook bunaithe don ócáid dar teideal Reimpressions.

Baile Átha Cliath

Ceolchoirm tiomsaithe airgid do Ghaelscoil Inse Chór

REÁCHTÁLFAR ceolchoirm Dé Sathairn 21 Bealtaine i gclubtheach Chumann Lúthchleas Gael, Gaeil na Life, Baile Átha Cliath, chun airgead a thiomsú do Ghaelscoil Inse Chór.

Beidh scoth na gceoltóirí ag seinm idir cheol traidisiúnta agus cheol nua-aimseartha agus is deis iontach í an ghig seo oíche shóisialta a chaitheamh trí Ghaeilge.

I láthair ar an oíche beidh Anthony Furey and the Youngfolk, banna ceoil iontach a bhfuil stíl acu go bhféadfaí cur síos a dhéanamh air mar mheascán de Mumford and Sons agus Josh Ritter. Chomh maith leis sin beidh Conor Byrne, an fliúiteadóir cáiliúil a bhfuil gradam náisiúnta buaite aige, agus Fiach Moriarty an laoch ceoil atá le cloisteáil ag canadh i nGaeilge ar na dlúthdhioscaí Ceol atá mar thionscnamh ceannródaíoch de chuid Sheachtain na Gaeilge/Chonradh na Gaeilge.

Cuirfear tús leis an gceol ag 8.30 in agus leanfaidh sé ar aghaidh go 11.30 in. Tá fáilte roimh chách páirt a ghlacadh san fhéasta ceoil agus is é €10 atá ar na ticéid.

Sealbhú an Traidisiúin: Comhdháil sa Choláiste Ollscoile

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH comhdháil á reáchtáil in Institiúid na hÉireann don Léann Daonna sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, idir 9.15rn - 4.30in Dé hAoine seo chugainn, 20 Bealtaine. Sealbhú an Traidisiúin is teideal don chomhdháil, agus léifear réimse leathan páipéar faoi ghnéithe éagsúla de sheachadadh thraidisiúin agus oidhreacht na Gaeilge. Seolfar Clár Amhrán Mhaigh Cuilinn, le Ciarán Ó Con Cheanainn (nach maireann) ag 5in i Seomra Caidrimh na Foirne (B104), Áras Newman. I measc na gcainteoirí a bheidh i láthair ag an gcomhdháil tá Ríonach Uí Ógáin, Ciarán Ó Gealbháin, Méadhbh Nic an Airchinnigh, Róisín Nic Dhonncha, Máire Ní Neachtain, Diarmuid Ó Giolláin, Peadar Ó Ceannabháin, Lillis Ó Laoire, Seán Ó Duinnshléibhe agus Pádraig A. Breatnach. Tá clár na comhdhála agus eolas breise ar fáil ar www.sealbhuantraidisiuin.wordpress.com. Is iad Niamh Ní Shiadhail, Meidhbhín Ní Úrdail agus Ríonach Uí Ógáin atá ar choiste na comhdhála.

Scoil Samhraidh sa Choláiste Olllscoile BÁC

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH scoil samhraidh trí lá ar siúl i UCD idir 28-30 Iúil na bliana seo, ar théama an cheangail idir litríocht na Gaeilge agus an stair. Scoil idirnáisiúnta a bheidh ann, a phléifidh le litríocht Ghaeilge na hÉireann agus na hAlban, agus eagrófar í in ómós do Shomhairle MacGill-Eain, a rugadh céad bliain ó shin (cé nach é a shaothar siúd príomhábhar na scoile). Tabharfar turas leath lae ar Ghleann Maoiliúra i gCo. Chill Mhantáin mar chuid den scoil. Áit í sin a bhfuil baint aici le filíocht thábhachtach ón 16ú agus ón 20ú haois. Bheadh an scoil seo an-fheiliúnach do mhic léinn iarchéime, d'fhochéimithe atá ag smaoineamh ar iarchéim sa Ghaeilge, nó dóibh siúd ar spéis leo litríocht na Gaeilge. Tá eolas cuimsitheach faoin scoil ar fáil ar www.ucd.ie/icsifl/scoilsamhraidh.html. Níl ach líon teoranta áiteanna ar fáil, agus b'fhiú d'éinne a bhfuil spéis aige/aici ann r-phost a chur chuig maire.niannrachain@ucd.ie a luaithe agus is féidir. Is cóir an táille (€20 i gcás na mac léinn) a chur chucu faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

Seoltaí leabhair san ardchathair

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH dhá sheoladh leabhair i mBaile Átha Cliath anocht.

Ar 7.30in i Halla Fhoras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, seolfar an leabhar nua-fhoilsithe, Féiniúlacht, Cultúr & Teanga i Ré an Domhanda. Tá an leabhar curtha in eagar ag Breandán Mac Cormaic agus foilsithe ag Coiscéim. Is é an tOllamh Alan Titley a sheolfaidh é agus cuirfear sóláistí ar fáil don ócáid.

Ansin ar 8.30in i gClub Chonradh na Gaeilge seolfar leabhar nua-fhoilsithe le Pádraig Mac Fhearghusa, Geasa agus Dánta Eile. Is é an craoltóir aitheanta Cathal Póirtéir a sheolfaidh an cnuasach filíochta seo, atá foilsithe ag Coiscéim. Cuirfear sólaistí ar fáil don ócáid agus tá fáilte roimh chách. Seo an séú leabhar filíochta ón Uasal Mac Fhearghusa agus tá sé ina eagarthóir ar an iris liteartha, Feasta, le blianta.

Ceatharlach

An Fhéile Phan-Cheilteach i gCeatharlach in 2012 agus 2013

IS é Ceatharlach atá roghnaithe mar óstbhaile na Féile Idirnáisiúnta Pan-Cheiltí do na blianta 2012 agus 2013.

Is comhcheiliúradh ar oidhreacht shaibhir chultúrtha na sé náisiún Ceilteach atá i gceist leis an fhéile agus beidh daoine as Éirinn, as Albain, as Cymru, as Manainn, as an gCorn agus as an mBriotáin ag tarraingt ar Cheatharlach le haghaidh na n-imeachtaí éagsúla agus na gcomórtas amhránaíochta, rince, ceoil agus eile.

Is deis í chomh maith d'ionadaithe ó na tíortha Ceilteacha bailiú le chéile chun a spriocanna teanga, cultúir, spóirt agus gnó a chothú agus a neartú. Déantar turasóireacht, trádáil agus tráchtáil idir-Cheilteach a spreagadh chomh maith agus is gné shainiúil den fhéile iad na hoícheanta náisiúnta nuair a chuireann gach tír taispeántas dá gcultúr féin i láthair an phobail.

Bunaíodh an Fhéile Phan-Cheilteach i gCill Airne sa bhliain 1971 agus bíonn sí ar siúl gach bliain an tseachtain tar éis na Cásca ar feadh sé lá. Ba sa Daingean i gCiarraí a reáchtáladh féile na bliana seo agus deir coiste áitiúil Cheatharlach gur mór an onóir gur roghnaíodh a mbaile féin mar ionad na féile don dá bhliain as a chéile ag tosnú le Féile 2012 ar 10-15 Aibreán.

Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge chun a bheith ar an gcoiste eagrúcháin agus má tá suim ag daoine a bheith páirteach agus cabhrú leis na hullmhúcháin tá tuilleadh eolais ar fáil ó Ghlór Cheatharlach ar 059 9158105 / 085 1340047 nó scríobh chuig eolas@glorcheatharlach.ie

Cill Dara

Féile Léitheoireachta Chill Dara ar ais arís!

Meadhbh Ní Eadhra

CUIRFEAR tús le Féile Léitheoireachta Chill Dara inniu ag 6in nuair a osclófar go hoifigiúil í in Ionad Ealaíona Bhruach na hAbhann, sa Droichead Nua, agus leanfaidh an fhéile ar aghaidh go dtí an Domhnach 15 Bealtaine.

Seo an dara bliain den fhéile seo a bheith ar siúl agus d'éirigh go hiontach leis anuraidh.

Aidhm na féile ná deis a thabhairt do léitheoirí ó chlubanna leabhair agus ón ngnáthphobal bualadh le húdair, agus le léitheoirí eile, chun na leabhair a phlé agus spreagadh a fháil le bheith mar chuid de chlub leabhair sa todhchaí.

I measc imeachtaí na féile tá léamha ó údair, agallaimh, seisiúin sínithe, turas siúlóide, taispeántais drámaíochta agus neart eile.

I mbliana, tá líon mór údar ag glacadh páirte san fhéile, agus tá cuid acu iontach cáiliúil ar fad. Ina measc tá Alex Barclay, Arlene Hunt, Kevin Barry, Dermot Bolger, Cathy Kelly, Yvonne Nolan agus Peter Sheridan. Is féidir an liosta iomlán a fheiceáil ar www.kildare.ie/library/readersfestival/authors.

Anocht, tar éis don mhéara an fhéile a oscailt ag 6in, beidh Peter Murphy i gcomhrá le Maria Doyle Kennedy, ó 7.30in.

Tosóidh imeachtaí an lae amárach le turas siúlóide le Mae Leonard ag 11rn, agus leanfaidh neart imeachtaí eile ar feadh an lae, go dtí 9.30in nuair a chuirfear tús le club na féile. Beidh Lorcán Mac Mathúna ag canadh, agus seinnfidh Daire Ó Breacáin an fhidil. Chomh maith leis sin, beidh filíocht le cloisteáil ó John McAuliffe agus Leanne O'Sullivan, i dteach tábhairne Johnson. Beidh club na féile saor in aisce do chách. Críochnóidh an fhéile Dé Domhnaigh, i ndiaidh do Cathy Kelly léamh óna saothair agus leabhair a shíniú. Beidh Dermot Bolger, Peter Sheridan agus Carlo Gébler i gcomhrá lena chéile ag an am céanna, óna 11rn ar aghaidh.

Is iad Seirbhís Leabharlanna agus Ealaíon Chill Dara a d'eagraigh an fhéile.

Is féidir áiteanna a chur in áirithint d'imeachtaí na féile trí chuairt a thabhairt ar www.riverbank.ie nó glaoch ar 045 448327

Ceartúchán

In eagrán na seachtaine seo caite de Gaelscéal (06.05.11), bhí scéal againn faoi léiriú nua de chuid Aisteoirí Bulfin sa New Theatre i mBaile Átha Cliath dar teideal 'Oícheanta i nGéibheann'. Ba bhotún a bhí sa scéal seo agus níl an léiriú seo á stáitsiú ag an gcompántas drámaíochta faoi láthair. Ár leithscéal faoi aon mhíthuiscint.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cumann nua siúil bunaithe i gCarn Tóchair

Meadhbh Ní Eadhra

CUIREADH tús iontach leis an chumann siúil nuabhunaithe, Siúlóirí An Chairn, an tseachtain seo caite. Ag seoladh an chumainn i gCarn Tóchar, Co. Dhoire, tháinig aoichainteoir Tommy Collins, as cumann siúil Chill Rátha, agus thug sé léargas ar na buntáistí a bhaineann le siúlóid agus roinn sé a thaithí lena ghrúpa féin, na 'Wednesday Walkers' atá ar an bhóthar le deich mbliana anuas.Fuair gach duine a chláraigh leis an chumann clár na siúlóidí atá beartaithe thar na naoi seachtaine amach anseo go dtí deireadh mhí an Mheithimh. Clúdaíonn an clár siúlóidí i rith an lae agus tráthnóna atá fóirsteanach do gach ábaltacht.

Beidh na siúlóidí i rith an lae ar siúl gach Máirt ar 10rn ag fágáil ó Ionad Acmhainní An Chairn. Beidh na siúlóidí tráthnóna ar siúl gach Céadaoin ar 7in (áiteanna bailithe éagsúla). Maireann na siúlóidí uile idir 30 - 60 nóiméad agus is féidir a ghiorrú nó a shíniú de réir ábaltachta.Beidh clár na siúlóidí ar fáil ó Shiopa An Chairn nó ar an suíomh idirlín www.ancarn.org nó má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Leonne ag An Carn 028 79549978.

Siúlóirí An Carn - cuireadh tús iontach leis an chumann siúil nuabhunaithe an tseachtain seo caite nuair a seoladh i gCarn Tóchair i gContae Dhoire é.

Dún na nGall

Scéim nua le turasóirí a mhealladh

Danny Brown

TÁ scéim úrnua fógartha ag roinnt tithe tábhairne i gContae Dhún na nGall le turasóirí a mhealladh chuig tábhairní agus bialanna sa chontae le bia agus deochanna as an cheantar a bhlaiseadh.

Donegal Good Food Taverns an t-ainm atá ar an scéim úr seo agus tá sé mar pholasaí acu a oiread bia agus deoch áitiúil agus is féidir a chur ar fáil do chuairteoirí le taispeáint caidé atá ar fáil sa réigiún.

Lainseálfar an tionscadal i Nancy's Bar in Ard a' Rátha Dé Luain agus fógraíodh an tseachtain seo fosta go mbeadh siad ag iarraidh a chinntiú go mbeadh ceol beo i dteach tábhairne amháin den ghréasán gach oíche den tseachtain.

Is iad seo a leanas an 11 teach tábhairne atá páirteach sa scéim:

Nancy's Bar, Ard a' Rátha; 22 Main Street, Na Cealla Beaga; The Village Tavern, Tamhnach an tSalainn; Dawros Bay, Ros Beag; The Tavern, Cill Chluaine; Tábhairne Leo, Mín na Leice; The Beachcomber, Rath Maoláin; Wilkins Bar, Mín an Lábáin; The Bayview Bar, An Clochán Liath; The Lobster Pot, Ailt an Chorráin; The Travellers Inn, Baile na nGallóglach.

Dúirt urlabhraí thar ceann an tionscadail go bhfuil súil acu cur leis an líon tábhairní atá páirteach sa ghréasán amach anseo.

Caillteanas mór ag comhlacht óstáin

Anton Mac Cába

CEAPADH leachtaitheoir ar an chomhlacht gur leis óstán i nDún na nGall, an Carlton Redcastle ag Carraig Mhic Uidhilín in Inis Eoghain.

De réir na gcuntas ba dhéanaí a comhdaíodh leis an Oifig Um Chlárú Cuideachtaí, chaill an comhlacht €666,412 in 2008. Ba mhéadú sin ó €311,545 in 2007. Bhí easnamh €1,253,032 ag an chomhlacht. Is é Anthony J Fitzpatrick ó Fitzpatrick O'Dwyer i Luimneach a ceapadh mar leachtaitheoir.

Bhí 113 ag obair san ostán in 2008. Is óstán ceithre réalt é.

Is iad na stiúrthóirí ar Carlton Redcastle ná Michael Kearney, go bhfuil seoladh i gCo. Chill Dara aige; Kevin O'Driscoll, go bhfuil seoladh i mBaile Átha Cliath aige; agus John Varley, go bhfuil seoladh i dtuaisceart Chonamara aige. Is leis an Carlton Hotel Group an comhlacht.

Tá óstán an Carlton Redcastle ar oscailt ar fad. Cheannaigh an bhainistíocht é. Is é an Redcastle Hotel and Spa atá anois air.

Cuid den ghrúpa a bhí i láthair i gCeannáras CLG Ard Mhacha le déanaí, nuair a reáchtáladh dianchúrsa Gaeilge. D'fhreastail 40 duine ar na ranganna agus beidh CAIRDE ag eagrú tuilleadh dianchúrsaí gach mí as seo amach.

PIC: SEÁN Ó MAOILSTÉ

Doire

Deiseanna Gnó do Bhliain Chultúir 2013

Meadhbh Ní Eadhra

REÁCHTÁLADH imeacht eolais faoi Chathair Chultúir 2013 i gCathair Dhoire Dé Máirt, chun eolas a fháil ar dheiseanna gnó mar chuid de bhliain chultúir 2013. Is iad Comhlacht Cultúir 2013 agus Comhlachas Tráchtála Dhoire, i bpáirt le BT, a d'eagraigh an ócáid. Bhí gnóthaí áitiúla i láthair agus iad ag iarraidh eolas a fháil ar dheiseanna gnó, chomh maith le deiseanna urraíochta agus comhpháirtíochta.

Bhí Shona McCarthy, Príomhfheidhmeannach nuacheaptha an Chomhlachta Cultúir 2013 agus Martin Bradley, Cathaoirleach, ar fáil le léargas a thabhairt ar Straitéis Urraíochta agus Tacaíochta Corparáidí de chuid Ryan Williams - Seaimpín Rannpháirtíochta ón Grafton Employment Group.

Dúirt Shona McCarthy go raibh sé tábhachtach naisc a chruthú leis an phobal gnó.

"Tá an earnáil chorparáideach sa chathair ag léiriú an-spéis i bhfeachtas Chathair Chultúir 2013 agus ba mhaith linn bheith ag plé leis an phobal gnó. Tá lúcháir orainn an deis seo a thapú chun pobal gnó na cathrach a choinneáil cothrom le dáta maidir le deiseanna do chomhlachtaí bheith páirteach mar urraitheoirí agus mar infheisteoirí ar Chathair Chultúir 2013 agus imeachtaí eile roimh an bhliain mhór," ar sí.

Chuir Sinéad McLaughlin, Príomhfheidhmeannach ar Chomhlachas Tráchtála Dhoire, fáilte roimh an imeacht, agus í ag rá gur chuidigh sé leo a mbaill go léir a choinneáil ar an eolas faoin ról is féidir leo a imirt le cinntiú go mbainfear amach bliain rathúil chultúrtha in 2013.

"Mar phríomhghlór an phobail ghnó sa cheantar seo tá lúcháir orainn bheith in ann an t-imeacht seo a chomheagrú le Comhlacht Cultúir 2013 agus BT," ar sí. "Tá muid ag dréim le tógáil ar an dea-chumann a mhaireann idir an earnáil phríobháideach agus a tacaíocht don bhliain 2013."

Mí an Cheoil i gCultúrlann Uí Chanáin

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ féasta mór ceoil agus damhsa ar siúl i gCultúrlann Uí Chanáin i mí na Bealtaine. Ar an Satharn 14 Bealtaine, amárach, tiocfaidh John McSherrry, Mike McGoldrick agus Donogh Hennessy ar ais le chéile ar an ardán mar chuid de thuras eisi-

ach. Tá dhá bhliain déag imithe ó chuir John McSherry, Donogh Hennessy agus Michael McGoldrick a rian daingean ar cheol traidisiúnta na hÉireann mar bhaill Lúnasa. Bhí an chéad dá albam, Lúnasa agus Otherworld, úrnua. Idir amanna, bhí réimeanna ardmheasa ag an tríréad fuinniúil mar cheoltóirí aonair agus le cuid de na bannaí is fearr sa ghnó: Banna Sharon Shannon, Capercaille, Flook, At First Light agus Coolfin. Athaontaíonn an cheolchoirm seo triúr de na mic is cáiliúla de cheol traidisiúnta na hÉireann agus is féidir le gach leantóir ceoil a bheith ag súil léi.

Tugann an deireadh seachtaine seo, ó 20-22 Bealtaine, traidisiún na hÉireann agus traidisiún na hAlban le chéile i bhFéile Dhamhsa Dhoire. Mar chuid de na himeachtaí beidh ranganna damhsa céime Gaelach ar an bhunleibhéal agus ar an mheánleibhéal, ceardlann ar dhamhsa céime na hAlban agus ceolchoirm fleáchais le scothcheoltóirí agus scothdhamhsóirí ón dá thír le Caroline Reagh, Brenda O'Callaghan, Margaret Wray, Joe McGuiggan, Jim McGrath, Claire McGrath, Jeannette Durnin agus Fin Moore.

Ar an Satharn 28 Bealtaine, léireoidh an banna ceoil 'Qui Hi Ha?' cur chuige iomlán úr ar cheol Ceilteach. Is banna Catalónach é 'Qui hi ha?' ina bhfuil Ricard Ros (píb uilleann, feadóg íseal, basúcaí, feadóg stáin agus bosca ceoil), Marta Barbero (veidhlín, guth agus éifeachtaí), Rubén Fajardo (giotár fuaimiúil agus maindilín Iodálach), Anna Bollo (méarchlár), Francesc Balsells (giotár doird), Antonio Miranda (bodhrán, cnagadh, croitear), Abraham Noguera agus Patxi Gallego (gléasanna éagsúla). Cuirtear síos ar stíl ceoil an bhanna seo mar cheol Ceilteach Éireannach ina bhfuil stíleanna eile níos Latino, Meánmhara agus sícideilí trialacha ann. Seo oíche nach ndéanfar dearmad uirthi!

Chun níos mó eolais a fháil cuir scairt ar 028 71264132 nó tabhair cuairt ar ár suíomh idirlín www.culturlann-doire.ie

An Dún

Séisiún na Bealtaine

Meadhbh Ní Eadhra

CUIRFEAR tús anocht le himeachtaí shéasúr an tsamhraidh de chuid Chonradh na Gaeilge, Boirche Íochtair, i gContae an Dúin. Beidh tráth na gceist ar siúl anocht ar son na naíscoile, ag 9in sa Harbour Inn, an Caisleán Nua.

Beidh fáilte mhór chroíúil roimh gach duine tráthnóna amárach freisin sa Halfway House, Áth na Long, áit a mbeidh craic den chéad scoth, ag tosú ag 8in le Clamairí Ard Mhacha. Tuilleadh eolais ag www.conradhnagaeilge-boircheiochtar.com.

Imeachtaí Uladh

Féile Ealaíona na Ceathrún Ardeaglaise, Béal Feirste, 2-31 Bealtaine, www.cqaf.com

The Secret Sisters (Ceolchoirm), Garraithe na Lusanna, Béal Feirste @ 7in, 17 Bealtaine

'The Crucible', dráma le Arthur Miller, Amharclann an Lyric, Béal Feirste, 3 Bealtaine - 5 Meitheamh

Deireadh seachtaine na n-eilifint sa Zú, Béal Feirste, 14-15 Bealtaine, www.belfastzoo.co.uk

Féile Dhamhsa Dhoire, Cathair Dhoire, 20-22 Bealtaine

An ceoltóir iomráiteach Duke Special agus é i mbun ceolchoirme i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste, Dé Sathairn seo caite. Aistríodh ceann amháin d'amhráin an Diúic - Digging an Early Grave nó Tochailt Uaighe Ró-Luath - go Gaeilge le haghaidh an albaim CEOL 09 cúpla bliain ó shin agus sheinm sé le ceoltóirí traidisiúnta ar an oíche. PIC: FRAINC MAC CIONNAITH



Ag dianchúrsa Gaeilge i gCeannáras CLG Ard Mhacha le déanaí, bhí an Nua-Shéalannach seo ag teagasc Trasna na dTonnta ar an ghiotár don mheánrang!

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Múscraí

Turas Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí ar mhaithe le hobair chothabhála i Reilig Ghobnatan

Seán Ó Loingsigh

TÁ sé beartaithe ag Cumann Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí a dturas bliantúil a reachtáil ar an nDomhnach an 22 Bealtaine ar mhaithe le hobair chothabhála a bhíonn ar bun ag Coiste Scrín Ghobnatan sa reilig den ainm céanna i mBaile Bhúirne.

Is é seo an tríú turas dá leithéid atá eagraithe ag Cumann Honda 50 Mhúscraí ó bunaíodh an cumann in 2009. Tá coiste gníomhach ag an gCumann a roghnaíonn cúis charthanachta ar leith chuile bhliain.

Bailíodh €20,000 do Chumann Leoicéime na Leanaí in Ospidéal na Trócaire i gcathair Chorcaí de thoradh an turais a d'eagraigh Cumann Honda 50 Mhuscraí dhá bhliain ó shin agus anuraidh bhronn an Cumann €6,500 ar charthanas Cúnamh Leighis Ailse atá lonnaithe in Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh.

I mbliana tá sé beartaithe ag an gCumann Honda 50 turas gluaisrothar agus sean-ghluaisteán a reachtáil ó Bhaile Bhúirne go Beanntraí ar an mbealach trí Chill Gharbháin i gCiarraí agus ar ais trí Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh, chomh maith le turas rothar go Barra Chuma ar theorainn an dá chontae, agus siúlóid áitiúil i gceantar Bhaile Bhúirne.

Beidh daoine a bheidh ag glacadh páirte i dturas na bliana seo ag íoc €20 an duine mar tháille iontrála agus is é €5 an táille do rannpháirtithe faoi 16 bliain d'aois a bheidh ag dul ar an dturas rothaíochta agus ar an tsiúlóid.

Is ag meán lae ón Muileann i mBaile Bhúirne a chuirfear tús leis an dturas agus beidh beárbaiciú i dteannta ceoil an tráthnóna sin nuair a fhillfidh lucht an turais ar an Muileann.

Sárcheoltóirí ag teacht go dtí an tIonad Cultúrtha

Seán Ó Loingsigh

TÁTHAR ag súil go mór le ceolchoirm anocht, Dé hAoine 13 Bealtaine, san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne mar a mbeidh na ceoltóirí Olov Johansson, Conor Byrne, Gerry O'Beirne agus Tom Morrow ar stáitse.

Is máistir aitheanta ceoil nó 'riksspelman' mar a thugtar air ina thír fhéin é an Sualannach Olov Johansson a chuaigh i bhfeidhm go mór lena chuid ceol draíochtúil san Ionad Cultúrtha nuair a sheinn sé an nyckelharpa, veidhlín Sualannach, ag ceolchoirm gur ghlac sé páirt ann anuraidh. Is duine de bhunaitheoirí an ghrúpa Väsen é go bhfuil gradam Grammy buaite acu.

Tráthúil go maith is fliúiteadóir é Conor Byrne a sheinn sa ghrúpa a bhí ag tionlacan an amhránaí Eimear Quinn nuair a bhuaigh sí an Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse a reachtáladh in Oslo in 1996. Eisíodh albam aonair leis in 1998, ceann a léirigh a uncail Luka Bloom agus ar a bhfuil uncail eile leis, Christy Moore, chomh maith leis an amhránaí Liam Ó Maonlaí.

Sheinn sé i dteannta Ronnie Drew leis tráth dá raibh agus le Paul Brady.

Is giotáraí agus cumadóir amhrán é Gerry O'Byrne go bhfuil an domhan siúlta aige le 35 bliain anuas lena chuid ceoil. Sheinn sé tráth i dteannta an amhránaí cháiliúil Marianne Faithfull agus tá amhráin leis taifeadta ag Mary Black, Maura O'Connell agus Muireann Nic Amhlaoibh.

Is ball é an veidhleadóir Tom Morrow de Dervish, grúpa nár éirigh go ró-mhaith leo sa chomórtas Eoraifíse i Helsinki in 2007, ach ní chuirfidh san isteach ar an slua san Ionad Cultúrtha. Is sárcheoltóir é Tom Morrow go bhfuil Comórtas Fleadh Cheoil Uile-Éireann buaite aige ar an veidhlín. Cuirfear tús leis an gceolchoirm san Ionad Cultúrtha anocht ar a 8.30in.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ciorcal Comhrá Ghaeltacht na Déise cois tine sa Seanachaí le déanaí.

Corca Dhuibhne

Cic fada ar na bóithre

Breandán Mac Gearailt

TÁ an rabharta mór agus an aimsir bhreá a lean Féile na Bealtaine agus an Fhéile Phan-Cheilteach gafa tharainn. San idirlinn tá aimsir gharbh ghaifeach ag gabháil a stealladh orainn, ach má tá, táthar ag réiteach d'Fhéile Chultúrtha eile a bheidh gafa le Ráiseanna Bhéal Bán a bheidh ar bun le linn dheireadh seachtaine na Cincíse.

Ceann de na comórtais a beartaíodh a eagrú le déanaí agus a bheidh ar siúl

Dé hAoine ná Cic Glic. Is leagan é seo den gCic Fada, ach sa chás seo ar an mbóthar a bheidh an comórtas. Is ó Thír Shiubháin go dtí an mBuailtín a bheidh an comórtas, sin timpeall 4km. Gan amhras, is é an duine go mbeidh an líon ciceanna is lú aige a thabharfaidh an bua leis, ach cuirfear pionós orthu siúd a chuirfidh an chaid/liathróid thar claí. Mar sin is beag an mhaith caid ard lá gaoithe ná lascadh fada cam. Beidh ar an iomaitheoir an chaid a choimeád íseal agus, más féidir, casadh beag a chur san iarracht in aon áit ina mbeadh cúinní.

Níl aon chúinne an-ghéar ar an gcúrsa ach in áiteanna tá na clathacha an-íseal. Beidh an comórtas seo an-oiriúnach don bhfear/bean atá sárghlic.

Leabhar filíochta 'As Gaineamh' seolta

IS é Gabriel Fitzmaurice, an file dátheangach ó Mhaigh Mheáin, a sheol an

leabhar filíochta is déanaí ó pheann Simon Uí Fhaoláin, 'As Gaineamh', sa Chaifé Liteartha sa Daingean an Domhnach seo caite.

Mhol Mac Muiris an fear óg Simon go bhfuil carn duaiseanna gnóthaithe aige as a chumadóireacht, ag áireamh Dhuais Cholm Cille fé dhó agus Duais Glen Dimplex na Gaeilge as a chéad chnuasach, 'Anam Mhadra'. Léigh Simon roinnt dá chuid dánta os comhair an tslua bhreá a bhí i láthair. Saolaíodh Simon i mBaile Átha Cliath ach tógadh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne é.

Coiscéim a d'fhoilsigh agus €7.50 an luach.

Ómós do Mhícheál Ó Fionnáin

NÍ raibh spás tarrac na gcos in Óstán na Sceilge oíche Dé Domhnaigh seo

tharainn nuair a tháinig daoine ina sluaite ó chian agus ó chongar le hómós a thabhairt don Dochtúir agus File Mícheál Ó Fionnáin a fuair, 'cuireadh na Nollag' an Nollaig seo caite. Ba é Pádraig Ó Sé Fear a' Tí agus chuir Rachel Ní Fhionnáin, iníon Mhíchíl, fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

Bhí ceoltóirí ó chian agus ó hongar, a bhformhór ón gceantar, mar aon le filí agus amhránaithe agus gach duine acu ag cur a mbuíochais in iúl don bhfear pobail cineálta a bhunaigh an fhéile sé bliana déag ó shin.

Orthu siúd a ghlac páirt bhí Áine Uí Laoithe, Eibhlín Uí Chearna, Feargal Mac Amhlaoidh, Cian agus Eibhlín Ní Bheaglaoi, Aoife agus Gráinne Grainbhéal, Páidí Mharthain Mac Gearailt, Aoileann Nic Gearailt, Seán Ó Ceallacháin, Bríd Ní Mhórain, Bannaí 'Dreoilíní' Shráid na nGabhar agus Shráid Eoin, Eibhlís Ní Chinnéide, Pauline Scanlon, Muiris Mac Ginneá, Marcas Mac Riocaird, Philip Ó Cúirnín, Maidhc 'Dainín' Ó Sé, Joan Maguire, Aogán Ó Muircheartaigh, Louis Ó Maolchatha, Philip King, Eoin Duignan, Mossie Ó Scanláin, Aoilín Ní Shé, Diarmaid De Faoite, Aodh Ó Coileáin, John Saunders, Joan Lyne, Trish Hendricks, Lorcán Fingleton, Breandán agus Clíodhna Ó Beaglaoi.

Seo véarsa as ceann de na dánta molta a aithrisíodh faoi Mhícheál.

"Dheargaigh sé conair ealaíon go síoch sóch,

Bheartaigh láthair, do bháird, do saoithe, don ainniseoir,

Cois mara na bhfaoileann i nDaingean na mbád is seoil,

Mar a n-eascaródh síol dúchais dea-chéirde ár bpór."

Is í Áine Uí Ghrainbhéal a d'eagraigh agus a chomhordaigh an ócáid ardáin. Ghabh an Dr Peadar Ó Fionnáin, Cathaoirleach na Féile, buíochas le gach duine a bhí i láthair, go mór mór iad siúd a bhí ar stáitse agus dúirt gur dócha go raibh a athair ríméadach as an oíche agus a fheabhas a d'éirigh le Féile na Bealtaine na bliana seo.

Cór Rúiseach ar cuairt

CEANN de na hócáidí ba mhó a thaitin leis an bpobal aitiúil as an liodán de shármhíreanna an dá fhéile, ná an cheolchoirm a bhí ag an gCór Rúiseach Sirin, a chan iomainn ó Cheartchreideamh na Rúise i Séipéal an Bhuailtín. Bhí an Séipeal lán ach is beag duine a mheas go mbeadh an ócáid chomh taitneamhach agus a bhí. Ní fir agus mná a bhí an-tógtha le feabhas an Chóir ach ógánaigh.

Con ag an bPan-Cheilteach

NÍ raibh ar chumas Chon Uí Chonaill, bunaitheoir na Féile Pan-Cheiltí, bheith i láthair d'oscailt na Féile sa Daingean i mbliana mar a raibh daichead bliain a bunaithe á cheiliúradh. Bhí Con ar an leaba ach tháinig sé i rith na féile. Fearadh fáilte mhór roimhe. Bhronn Susan Ní Churnáin ón gCoiste áitiúil mias de chuid Chriostal an Daingin Uí Dhálaigh air. Bhí ionadaithe ó na náisiúin Cheilteacha i láthair don ócáid.

"Bhíomar an-sásta," arsa Mícheál de Mórdha, Cathaoirleach na Féile, "go raibh Con, fear iontach, ábalta a bheith linn. Tá súil againn go mbeidh sé i mbarr a shláinte go luath le cúnamh Dé."

Siompóisiam Polaitíochta

IS in Aonad an Bhlascaoid i nDún Chaoin a bhí Siompóisiam Polaitíochta bliantúil Fhéile na Bealtaine ar bun arís i mbliana. Ba í Gret O'Connor ó TG4 a bhí sa chathaoir. Ceathrar cainteoir a bhí ag plé an ábhair 'An bhfuil an éirim ionainn le sinn féin a rialú'. D'aontaigh gach duine acu go raibh. Bhí láthair cruinnithe an Ionaid plódaithe.

Dar leis an Teachta Eorpach Seán Kelly caithfear a bheith praiticiúil inár gcinntí

agus caithfear deireadh a chur le bónais. Mheas an tOllamh le Stair sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, Diarmuid Feirtéar, go gcaithfí an córas poilitíochta a leasú agus a athmheas ó bhun go barr. Dar le Dylan Haskins, craoltóir, gur cheart go mbeadh baint níos treise ag coistí pobail agus a leithéid le struchtúr na polaitíochta faid is a mheas an Seanadóir Marcas Ó Dálaigh go gcaithfí bunreacht nua a shealbhú ina mbeadh cumhacht le haon chamastaíol nó a leithéid a tharlódh sa státchoras nó sa saol polaitíochta a thabhairt os comhair na gcúirteanna. Chuirfeadh sin cosc ar bheartais aimhleasta, dar leis. "Ní hiad na Sasanaigh, na Gearmánaigh, na Francaigh ná na Meiriceánaigh a roghnófá le tú a rialú i bhfianaise a staire bacaí féin," arsa an Dálach a thug samplaí den mbacaí sna tíortha sin.

Leabhar ar fhilí Chorcaí

FAD is a bhí daoine ag baint sásaimh as leabhar Simon bhí leabhar eile

filíochta á sheoladh sa Díseart sa Daingean. Ag tagairt don leabhar, 'Anois teacht an Eala', Filí Chorcaí Innti agus an Réabhlóid Chultúra', dúirt Dónal Mac 'n tSíthigh a sheol é, nach raibh bunchleite amach ná barrchleite isteach sa leabhar.

"Bhaineas an-sásamh as agus molaim go hard an léargas a thugann an t-údar, an Dr. Tadhg Ó Dubhshlaine, dúinn sa leabhar seo ina bhfuil sé ag déanamh mionscagadh ar obair na bhfilí ó Ollscoil Chorcaí a d'eascair as ré na hirise Innti agus obair na bhfilí eile mar Louis de Paor agus Colm Breathnach a bhfuil cáil bainte amach acu.

Dar le Ó Dubhshláine, a chóirigh agus a chuir an leabhar in eagar, ba é

Michael Davitt Bob Dylan na Gaeilge. Ba iad Michael Davitt, Liam Ó Muirthile, Gabriel Rosenstock agus Nuala Ní Dhomhnaill croílár na hirise Innti.

An Sagart a d'fhoilsigh, €20 a luach. Tá 416 leathanach faoin chlúdach crua san opus seo de chuid Thaidhg, a bhuaigh duais liteartha an Oireachtais sa bhliain 2008.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Bealtaine, 2011

TRÁCHTAIREACHT

Bolgam tae i measc na gcomharsan – an cosán ar ais do Fhianna Fáil?

Máirtín Ó Catháin

DÚIRT sé liom go mb'ionann Páirtí Poblachtánach Mheiricea agus Fianna Fáil in Éirinn sa gcaoi a gcoinníonn siad ceangal leis an bpobal. Chuir sé leis an bhfealsúnacht sin - fear Loch Garman: "Tá na Poblachtánaigh níos gaire do chroí an phobail. Faigheann siad buillí anois agus aríst ach tá ceangal acu leis na daoine nach bhfuil ag na Daonlathaigh. Is iad Fine Gael macasamhail na nDaonlathach thiar in Éirinn - rúinne beag deighilte amach ón bpobal".

Taobh istigh de dhoras an Kennedy Memorial Library a bhí sé suite ar a shocúil. Fear fad-bhreathnaítheach - caipín bréidin feistíthe go néata ar a cheann agus ciall na haimsire le tabhairt faoi deara ar a chuid cainte. Feilméara as Loch Garman a bhí ag caitheamh coicíse saoire i mBoston lena dheirfiúr. Ní fhéadfadh sé a theacht an taobh seo gan cuairt a thabhairt ar an ionad cuimhneacháin don Uachtarán John F. Kennedy; as a chontae féin a tháinig sinsir an Uachtaráin in aimsir an Ghorta Mhóir. Ach an trathnóna sin, an 2ú lá de Shamhain anuraidh, bhí chuile chosúlacht ann go mbainfeadh an Páirtí Poblachtánach cor as na Daonlathaigh sna Stáit Aontaíthe. Lá toghcháin lár-téarma a bhí ann. Mar a thárla sé ba cothrom an lae sin díreach 50 bliain roimhe sin a toghadh iarrthóir na nDaonlathach John Fitzgerald-Kennedy ina Uachtarán ar Mheiricea agus bhíothas ag ceiliúradh na hócáide sin san Kennedy Library an trathnóna sin. Bhí staidéar grinn déanta ag feilméara Loch Garman ar an toghchán sin in 1960 agus bhí staidéar déanta aige freisin ar an toghchán lár-téarma agus an ghluaiseacht nua a bhí bunaithe sa bPáirtí Poblachtánach in 2010 - an Tea Party. Bhí aicmí den phobal i Meiricea a bhí ag magadh faoin "Tea Party" ach ní údar magaidh a bhí ann nuair a comhaireadh na vótaí. Buaileadh buille ar an Uachtarán Obama agus tháinig Teach na nIonadaithe in Washington faoi smacht na bPoblachtánach.

An mbeidh ceannasaíocht Fhianna Fáil in ann dul i bhfeidhm ar an phobal arís?

Ach nach raibh an taoille tuile in aghaidh Fhianna Fáil sa mbaile in Éirinn? "Tá" arsa fear Loch Garman "ach beidh siad chun cinn ar an Lucht Oibre san Olltoghchán ina dhiaidh sin féin". Nuair a d'inis sé dom gur fear "tally" do Fhine Gael a bhíodh ann mhéadaigh mo shuim sa méid a bhí le rá aige. "Ó b'fhearr liom go mbeadh a mhalairt le rá agam faoi Fhianna Fáil ach níl" a deir sé agus muid ag dul i measc an tslua a bhí ag comóradh bhua an Chinnéidigh leathchéad bliain roimhe sin.

"Ní éireoidh le Fianna Fáil sa toghchán amach romhainn ach, ina dhiaidh sin féin, tá a gcosa daingnithe acu níos fearr sna pobail ná atá ag Fine Gael. Sin é an t-údar gurb iad a bhíonn i gcumhacht an chuid is mo den am".

Is mór a d'athraigh an saol ó shin.

Bhí lorg an éadóchais ar chaint Éamoinn Uí Chuív an tseachtain seo. Mac iníon de Valera bunaitheoir pháirtí Fhianna Fáil. An cheist a bhí ag Ó Cuív: "an féidir an iomhá a chur na meáin ar Fhianna Fáil mar dhream a bhí ag crochadh thart le boic mhóra i mBaile Átha Cliath a bhriseadh?" Creideann Ó Cuív go raibh na meáin as bealach, go poinnte. Ach creideann sé freisin gur tharraing cuid de lucht Fhianna Fáil - tá a bhformhór imithe anois a deir sé - an cháil sin orthú féin. An leigheas? "Caithfidh muid a dhul ó phobal go pobal" a deir sé " agus na cumainn a neartú. Caithfimid Fianna Fáil a thabhairt ar ais i measc na ndaoine san áit is dual dó". Ach creideann Éamon Ó Cuív go dteastaíonn eagar níos fearr ar na cumainn freisin.

Ar bhealaí go leor bhíodar ar mhúnla eagrúcháin an "Tea Party" i Meiricea i 2010. Go deimhin féin d'oibrigh na Cinnéidigh an córas céanna ina gcuid feachtas sa tseanaimsir.

"Ní chreidim gur ceart go mbeadh an chumhacht chéanna vótála ag cumann a bhfuil triúr ball cláraithe ann agus atá ag cumann a bhfuil slua maith ann agus é ag obair go maith" arsa Ó Cuív.

Tá trí vóta ag chuile chumann ag coinbhinsiún. Tá beagnach 3,000 cumann ag Fianna Fáil ar fud na tíre i gcónaí ach níl cuid acu ag gníomhú mórán. Bhídis an-bhiogaithe scaitheamh; go deimhin thagaidís le chéile i dteach na gcomharsan i mbailte fearainn.

Ar bhealaí go leor bhíodar ar mhúnla eagrúcháin an "Tea Party" i Meiricea i 2010. Go deimhin féin d'oibrigh na Cinnéidigh an córas céanna ina gcuid feachtas sa tseanaimsir. Bhíodh Rose Kennedy ag tabhairt grúpaí ban le chéile ag cóisireacha tae ar fud Bhoston 60 bliain ó shin agus í ag déanamh stocaireacht pholaitiúil dá clann mhac. Cóisireacha tae, comhluadar agus comhar na gcomharsan - seanmhúnla Fhianna Fáil

Is gearr go dtosóidh ceannaire Fhianna Fáil Micheál Ó Máirtín a chamchuairt ar thoghcheantair na tíre ar fad sa gcéad mhór-iarracht le hathbheochan a dhéanamh ar an bpáirtí ó rinneadh scrios orthu san Olltoghchán. Creideann Éamon Ó Cuív go dtuigeann an ceannaire an chruóg atá ann agus an tábhacht atá leis na cumainn.

An mbeidh Micheál Ó Máirtín in ann iad a mhuscailt no an mbeadh Éamon Ó Cuív in ann é a dhéanamh níos fearr?

B'fhéidir gurb í sin ceist a dhúiseofar in intinn fhear Loch Garman, agus in intinn bhaill Fhianna Fáil le himeacht aimsire.

Latha mòr don SNP agus do na Gàidheal?

Déanann **Griogair Labhruidh** anailís, i nGaeilge na hAlban, ar bhua mór an SNP i dtoghchán Holyrood an tseachtain seo caite, agus ar na himpleachtaí a bheidh ann do Ghaeil na tíre

ANNS a' bhliadhna 1934 chaidh buidheann ùr len abradh iad an 'NPS' a chuir air bruthach. Chinn a' bhuidheann a' seo, ùidh air n-ùidh, gus an deachaidh an aithneachadh mar 'Phàrtaidh Nàiseanta na h-Albann' (SNP) agus fad fiaraidh nam bliadhnaichean mòra sin tha gach ball is fear-taic air a bhith a' strì gun sguir airson an toradh a thàinig a-mach à taghadh na Pàrlamaid air feasgar dihaoine seo chaidh. Fa dheòidh, do bhrìgh gun do bhuainich am pàrtaidh am mòr-thomhais de shuidheachan, tha làn-chothrom aca air cunntas-bheachd a chumail air neo-eisimeileachd na h-Albann.

Fìor adhartas dha-rìreadh! Ach dè is brìgh don bhuannachd ghlòrmhor a' seo do Ghàidheil na h-Albann?

Tha Ailig Salmond a-nise a' toiseachdinn air an dàrna teirm aige mar Phrìomh Mhinisteir na h-Albann agus chan eil teagamh nach eil ar cànan fhathast ann an eatorras. Ged a tha an SNP a' feuchainn ri fada a bharrachd a dhèanamh airson a' chànain na tha gin de na buidheannan Aonachdach, 's e mo mhòr-bheachd-sa gum faodadh iad a bhith a' dèanamh beagan tuille, chan ann a-mhàin airson na Gàidhlig, ach airson dùthchas nan Gàidheal san fharsaingeachd.

Mar sin fhèin, dè tha san amharc aig an SNP airson na bliadhnaichean air thoiseachd? An seo, dearcaidh mi a-mhàin air na tha an rùn daibh don Ghaidhlig anns a' ghairm-fhollaiseach a chuir iad a-mach ron taghadh (nach eil, 's imear mi ag ràidhinn, ri fhaodainn anns a' Ghàidhlig air an eadar-lìon).

A thaobh foghlaim, tha e ag innse gun dèan iad 'sgrùdadh air ciamar a bheir iad a-staigh còir air foghlam tro mheadhan na Gàidhlig far a bheil fèill riantanach ann. Tuille rannsachaidh agus sgrùdaidh? Nach ann bitheanta a chì sinn na facail ud ceangailte leis a' chànain Ghàidhlig? Fèill riantanach? 'S e 's ciall do sin gum feum àireamh shònraichte de phàrantan a bhith ann agus foghlam tro mheadhan na Gàidhlig a dhìth airson an cuid-cloinne anns a' choimhearsnachd mun tèid 'sgrùdadh' a dhèanamh airson sgoil Ghàidhlig, no mar is bitheanta aonad Gàidhlig am broinn sgoil Bheurla a chuir air bruthach.

Gasta gu leòr - ach tha duilleachas agam mu dheidhinn na fèill riantanaich a' seo.

Tá Alex Salmon ag iarraidh cur in iúl do phobal na hAlban gur fiú dóibh neamhspleáchas a bhaint amach.

Tha a chuid-mhòr de Ghàidhealtachd na h-Albann (taobh a-mach de na h-Eileanan an Iar) a-nise Galldaichte tro eilthireachd nan Gàidheal, an cron a rinn foghlam Bhreatainn agus an sìor-thaomadh a-staigh de chleachdanan (agus sluagh) à Galldachd agus Sasainn

'S e tha a' cuir mòr-bhacadh air an fhèill riantanaich nam bheachd-sa gu bheil fior dhì-mhisneachd am measg nan Gàidheal fhèin anns a' chultair Ghàidhealach. Tha a chuid-mhòr de Ghàidhealtachd na h-Albann (taobh a-mach de na h-Eileanan an Iar) a-nise Galldaichte tro eilthireachd nan Gàidheal, an cron a rinn foghlam Bhreatainn agus an sìor-thaomadh a-staigh de chleachdanan (agus sluagh) à Galldachd agus Sasainn. Tha mòran de na Gàidheal a tha fhathast anns na dùthchanan a' sin deàrr-làn le beul-aithris is dual-chainnt bheartach a tha ann an cunnart a dhol às. Gu driod-fhortanach ge-tà, mar as bitheanta, cha tèid foghlam tro mheadhan na Gàidhlig a thabhann anns na h-àiteanan a' sin idir, 's ma thèid, cha e an dual-chainnt no an dualchas a bhuineas don àite a bhios ga bhrosnachadh.

Dè na nithean is urrainn don SNP a bhith a' dèanamh mu dheidhinn nan linntean de chruaidh-gheur-leanmhainn agus eile a tha a' cuir stad air fèill riantanaich airson foghlam tro mheadhan na Gàidhlig agus air fèin-mhisneachd?

Dh'fhaoidte gun tog corra Ghàidheal òg misneachd às na clasaichean 'Scottish Studies' a chaidh a ghealladh anns a' ghairm-fhollaiseach, 's iad air am mìneachadh mar '... a distinct strand of learning focused on Scotland and incorporating Scottish History, Scottish Literature, the Scots and Gaelic languages, wider Scottish culture and Scottish current affairs.'

Dh'fhaodadh gum biodh an iomairt a' seo fior shoirbheachail ach tha e na chomann orm ag ràidhinn gun do chlisg mi nuair a chunnaic mi am facal 'Scots and Gaelic languages' air an tarraing le chèile anns an aon anail. Tha Alba airson a' mhòr-chuid dealaichte na dà leth a thaobh cultair agus cànan, Alba nan Gàidheal agus Alba nan Gall. Cha tèid mi nas fhaide a-staigh don sgaradh a' seo ach a bhith ag innse gur e fior bhriseadh-dùil a bhiodh ann domhsa nam biodh cainnt agus eachdraidh nan Gall fhathast gan teagaisg air a' Ghàidhealtachd mar a bha iad fo Shasainn. Tha dualchas, eachdraidh agus litreachas na Gàidhealtachd (eadhon ann an àiteanan a tha làn-Ghalldaichte mar sgìre Loch Laomainn) beartach agus iomadh-fhillte gu leòr leotha fhèin às eugmhais dualchas nan Gall.

A' dearcadh a-rìthist air a' ghairm-fhollaiseach, chìthear gu bheil 'Gaelic Action Plan' anns an amharc aca gus an uimhir de luchd-bruidhinn na Gàidhlig a chuir air fheabhas chor 's gum bi iad co-ionnan ri àireamhan 2001 ron bhliadhna 2021. Mu choinneamh sin tha e ag innse gu bheil a dhith orra 'inbhe na Gàidhlig a thogail air feadh na h-Albann' agus 'taic a thoirt do na dùthchanan Gàidhealach as làidire le a bhith a' cur a' chànain gu feum mar chànan nan coimhearsnachd'.

Bu ghasta leam fhìn a bhith a' faicinn oidhirpean anns a h-uile ceàrn Ghàidhealach 's chan ann dìreach anns na crìochan as làidire, oir tha dual-chainntean agus dùthchas prìseil anns gach sgìre Ghàidhealach ann an Alba a tha làn-àraidh air cùram a dh'aindeoin na àireimh de dhaoine aig a bheil iad. Saoil leam-sa gum b' e dleastanas ar ginealach-sa a bhith a' dèanamh cinnteach nach tèid iad às ann an àiteanan mar Earra-Ghàidheal mar shamhla.

A thaobh nan ceàrn anns a bheil an cànan air a bruidhinn as bitheanta, tha mi an dòchas nach ann falamh a tha geallaidhean an SNP oir cha lèir dhomh gun gabhadh leasachadh a dhèanamh a' sin mur a cuir iad stad air mòr-eilthireachd nan òg. Tha na h-Eileanan an Iar air mòran de na Gàidheal òga a chall agus mur a dèan am BBC, Bòrd na Gàidhlig agus buidheannan cumhachdach eile den t-seòrsa sin an oidhirp gus obair a chuir air bruthach dhaibh air a' Ghàidhealtachd, cha ghabh gealladh an SNP thoirt gu rath. Tha a' Ghàidhealtachd fhathast mar a bha i ri linn mo sheanar, tha na h-iteagan bòidheach aig na h-eòin a tha fad às.

Tha smaoin agam gum faodadh piseach a thighinn air an àireamh de luchd-bruidhinn na Gàidhlig ro 2021 ach càit am bi iad?

Tha an ceangal eadar tìr is teanga, eadar an Gàidheal agus a' Ghàidhealtachd ga bhristeadh a h-uile latha ann an Alba agus cha lèir dhomh fhìn nithean anns na tha an rùn don SNP a ni atharrachadh air sin fhathast.

'S e an ginealach a' seo a chuireas bonn-stèidh na h-Albann a-sìos agus 's e mo mhòr-dhòchas gun dean an SNP tuille gus ar dùthaich, dual-chainnt agus daoine a thoirt air ais le chèile. Ge beag an obair a tha ga dhèanamh aig an ìre seo, bidh am blàth 's a' bhuil.

Chan eagal dhomh nach e fèin-rìaghladh na h-Albann a' chiad-cheum dhuinn mar Ghàidheil air fèin-mhisneachd agus tha mi a' guidhe buaidh agus pìseach do dh'Ailig Salmond agus a bhuidhinn airson an teirm a tha air thoiseachd.

Gluais

buidheann - grúpa, páirtí
a chuir air bruthach - a chur ar bun, a bhunadh
ùidh air n-ùidh - de réir a chéile
a' strì gun sguir - ag snámh in aghaidh easa
feasgar - tráthnóna
cunntas-bheachd - reifreann
neo-eisimeileachd - neamhspleáchas
adhartas - dul chun cinn
teagamh - amhras
cànan - teanga
ghairm-fhollaiseach - forógra
ron taghadh - roimh an toghchán
's imear mi - ní mór dom
bitheanta - minic
àireamh shònraichte - uimhir áirithe
duillicheas - deacracht
eilthireachd - eisimirce
idir - in aon chor
iomairt - togra, scéim
soirbheachail - rathúil
mu choinneamh sin - chomh maith leis sin
inbhe - próifíl
bu ghasta leam - ba mhaith liom
oidhirpean - iarrachtaí
ceàrn - ceantar
geallaidhean - gealltanais
piseach - biseach
bonn-stèidh - bunsraith
aig an ìre seo - ag an nóiméad seo

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Bealtaine, 2011

Deireadh le laethanta saoire scoile

Conall Ó Móráin

CEANN de na fáthanna a ndéantar ceiliúradh ar Lá Nollag ar 25 Nollaig ná, ar ndóigh, go raibh seancheiliúradh ag na págánaigh thart ar an am céanna. Ghlac Críostaithe 'ar iasacht' an lá féile seo, nó gar dó, nuair a bhí siad ag lorg lá mór ceiliúrtha dóibh féin. In ainneoin go ndeir na Deich nAithenta nach cóir bheith ag goid, d'fhéadfaí a rá gur 'ghoid' na Críostaithe an lá seo ar a gcuid iomaitheoirí págánacha. Nuair a roghnaigh siad Lá Nollag ní raibh ar na Críostaithe lá ceiliúrtha nua a chruthú ach amháin é a bhogadh ar aghaidh cúpla lá agus a leagan féin den lá féile a chur ar fáil dá lucht leanúna. Bhí lá nó laethanta ceiliúrtha ag muintir na tíre seo thart faoin am céanna ar feadh roinnt mhaith mílte bliain, in áiteanna cosúil le Brú na Bóinne, agus b'shin na glúine sular chuala aon duine faoi Naomh Pádraig agus an soiscéal.

Págánaigh agus an scoilbhliain

Ar an gcaoi chéanna is féidir búnús págánach, bunaithe ar na séasúir nó ar an mbliain gréine, d'fheiceáil thart ar fhormhór na laethanta móra ceiliúrtha atá againn i rith na bliana. Ach cé nach féidir liom teacht ar fhoinse phágánach maidir le laethanta saoire scoile is féidir liom bheith cuibheasach cinnte go bhfuil na séasúir bainteach go mór leis na laethanta breátha fada saoire ag na meánscoileanna. Nuair a bhíodh feirmeoireacht an-tábhachtach i gcúrsaí geilleagair na tíre seo, agus nuair nach raibh tarracóirí agus innill bainte flúirseach, is páistí na bhfeirmeoirí a rinne an obair i rith shéasúr an fháis agus shéasúr an fhómhair. Dá bhrí sin bhí ciall agus bunús eacnamaíochta le saoire fhada a thabhairt dos na páistí ionas go mbeidís in ann cabhrú sa bhaile.

Baint an fhéir agus an staicín eorna

Leis na blianta tá titim an-mhór i líon na bhfeirmeoirí lánaimseartha agus fás mór san am céanna tagtha ar líon na gconraitheoirí feirme a thagann uair sa bhliain chun an talamh a threabhadh nó an fómhar a bhaint. Tá ré páistí óga ag obair go dian ar fheirmeacha caite. Curtha ina áit tá tromluí bliantúil na dtuismitheoirí a thosnaíonn leis an cheist sin - "céard a dhéanfaidh muid leis na páistí go cionn mhí Mheán Fómhair?"

Fiú mura mbeadh sé i gcoinne an dlí páistí a fhostú, fiú mura mbeadh rialacha daingne ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir leo siúd a bhíonn ag obair thart ar an bhfeirm (an suíomh oibre is measa gach aon bhliain i dtéarmaí iad siúd a ghortaítear nó a mharaítear agus iad ag obair), ní dóigh liom go bhfuil ró-fhonn ar dhéagóirí na linne seo na laethanta saoire a chaitheamh ag baint féir nó ag gearradh móna. Bíonn siad 'gnóthach' anois ar na Coláistí Gaeilge, ag foghlaim conas rince Bhaint an Fhéir a dhéanamh, agus ar chúrsaí oiliúna eile, rud a deir liomsa nach bhfuil an gá céanna leis na laethanta saoire scoile fada céanna. I ngan fhios dóibh féin, tá siad fós ar scoil.

Alltacht ar mhúinteoirí

Cuirfidh aon mholadh maidir le hathrú ar fhad na saoire samhraidh alltacht ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí araon. Oireann sé go mór dos na múinteoirí go bhfuil briseadh breá fada acu, briseadh go nglacaim leis atá ag teastáil go géar uathu chun aisghabháil a dhéanamh tar éis a gcuid iarrachtaí smacht a chur ar bhuachaillí agus cailíní i rith na bliana. Ar ndóigh ní gá a rá go n-oireann aon bhriseadh ón scoil don ghnáthdhalta scoile.

Scoil ag tosnú ag a deich a chlog ar maidin

Ach ní féidir, chun bheith réadúil faoi, athrú bunúsach a dhéanamh ar théarmaí chonradh oibre na múinteoirí mura bhfaigheann siad rud éigin thar n-ais mar chúiteamh. Ach d'fhéadfaí é seo a dhéanamh, rud a bheadh buntáistiúil do gach taobh, bunús gach dea-mhargaidh. Gearr ceithre seachtainí as na laethanta saoire samhraidh - lig dos na scoileanna leanúint ar aghaidh go dtí deireadh mhí an Mheithimh. Má bhíonn scoileanna ar oscailt ar a mhéid seacht n-uaire sa lá sin 35 uair an chloig sa tseachtain nó 140 uair an chloig sa mhí. Anois roinn na huaireanta sin amach ar an ngnáthbhliain scoile agus lig do dhaltaí, agus múinteoirí, teacht ar scoil uair an chloig níos deireanaí, abair a deich a chlog, gach lá. Go teoiriciúil rachadh sé chun leasa gach duine dá ndéanfaí seo. Bíonn an lá geal faoin am sin ar maidin, rud maith maidir le sábháilteacht.

Chiallódh sé nach mbeadh ar mhúinteoirí agus daltaí suí i mbrú tráchta, gach maidin, ag cur amú a gcuid ama, mar go mbeadh an trácht ídithe go mór faoin am sin. Chiallódh sé go mbeadh briseadh uair an chloig bhreise, gach lá, ag na múinteoirí, rud a chiallódh gurbh fhusa dóibh teagasc ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Is tuistí a bhformhór iad féin freisin agus ba chóir go n-oirfeadh an t-athrú dóibh siúd freisin mar nach mbeadh orthu gníomhaíochtaí d'fháil dá gcuid páistí ar feadh mhí an Mheithimh. Agus cosnaíonn aon ghníomhaíocht airgead agus, gan iad, shábhálfadh sé seo airgead ar gach duine.

Éagórach ar bhunscoileanna

Dá mbeadh uair an chloig bainte den lá scoile ar na daltaí ba chóir go mbeadh siad níos ábalta dá gcuid obair scoile. Cheanglódh an tsaoire shamhraidh isteach le saoire shamhraidh na mbunscoileanna freisin. Nach ait an rud é go mbíonn ar dhaltaí óga mí bhreise a chaitheamh ar scoil. Cheapfá gur ar mhalairt bealaigh a d'oibreodh sé?

An t-aon dream nach mbeadh sásta leis an athrú seo ná na daltaí meánscoile féin. Tá triúr acu agam. Ní bheidh siad róshásta liom nuair a léann siad an méid seo ar scoil!

Seo chugainn an sneachta dearg

Eoghan Ó Néill

FAIR plé do Tom Elliott.

Faoi dheireadh thiar polaiteoir atá sásta a rá go neamhbhalbh an rud a gcreideann sé ann. Agus tá siad sin chomh hannamh le sneachta dearg.

Tá a fhios agam gur ghabh ceannaire an UUP leithscéal, ar bhealach, as 'dríodar' a tabhairt ar lucht tacaíochta Shinn Féin.

Ach is maith a thuigeann tú, agus mé, gur tugadh air an 'mea culpa' a rá. Ní raibh a chroí istigh sa leithscéal. Bhí a chroí is a anam go huile is go hiomlán sa ráiteas a rinne sé in Inis Ceithleann oíche Aoine seo caite.

Creideann sé gur dríodar iad Sinn Féin.

Ráiteas a chuir na ceannairí polaitiúla eile agus na meáin mhórluachacha le daoraí. An dánacht aige! Chomh caolaigeantach leis! Tut tut!

Níor chuir a chaint mise le bannaí. Agus tá mé cinnte de nár ghoill sé mórán ar lucht tacaíochta Shinn Féin. Thug a chaint glór do na scórtha míle Aontachtach a chreideann gur dríodar iad Sinn Féin is lucht a dtacaíochta. Agus creid uaim é - tá siad ann ina scórtha míle a chreideann sin. Gan trácht ar na scórtha míle Aontachtach a chreideann gur dríodar iad Caitlicigh is náisiúnaigh. Ach is i gcogar agus as radharc na meán a deir siad sin anois.

Sula dtéann duine ar bith againn ar a chapall ard ag scairteadh faoi chomh déistineach is a bhí caint Tom Elliott áfach éist arís leis an rud a dúirt sé.

Níor mhol sé do dhuine ar bith dul amach agus Sinn Féinithe a ionsaí. Ná Caitliceach a ionsaí. Ná leatrom a dhéanamh ar dhuine ar bith.

An rud a rinne sé ná gur léirigh sé i bhfocal an déistin atá air agus ar go leor Aontachtaithe mar nár bhain siad an cogadh. Seachas bua a fháil fuair siad comhréiteach a thug orthu cumhacht a roinnt le Sinn Féin. Agus is fuath leo sin.

Tá a fhios agam gur Oráisteach é Tom Elliott. Tuigim nach bhfuil sé róthógtha faoin CLG ná faoi dhaoine aeracha ach oiread. Agus is maith is eol dom gur iarbhall den UDR é. Is furasta agus rófhurasta beag is fiú a dhéanamh de agus dá chaint.

Tom Elliott, ceannaire an UUP, a lig racht uaidh beo ar an teilifís an tseachtain seo caite.

Ach is Aontachtaí é a chaith culaith an UDR agus a chuir é féin i gcontúirt a scaoilte nó a phléasctha ar bhóithríní Fhear Manach oíche i ndiaidh oíche mar gheall ar an rud ar chreid sé ann. Rinne sé amhlaidh nuair a bhí polaiteoirí áirithe ag troid a gcogaidh siúd ó sheomra cúil nó ó stiúideo teilifíse.

I gcaint Tom Elliott in Inis Ceithleann, dá mhéid a easaontaím leis, tá macalla den phaisean agus den fhearg a mhothaíonn go leor gnáthdhaoine a mhair feadh na dTrioblóidí. Fearg mar nach bhfuair siad an bua a bhí uathu in ainneoin an méid a d'fhulaing siadsan is a bpobal is a ngaolta. In ainneoin an méid a gealladh dóibh.

Dúirt Tom Elliott an fhírinne, faoi mar a fheiceann seisean é, agus is tearc a mhacasamhail i gcaint 'shofaisticiúil' pholaiteoirí an lae inniu.

Ach b'fhearr liom an fhíorthuairim aige a chloisteáil os ard seachas é a bheith faoi cheilt agus faoi chosc.

B'fhearr liom dul i ngleic lena argóintí seachas cead cainte a dhiúltú air agus ar a mhacasamhail.

Tá meon Tom Elliott iontach coitianta i measc lucht tacaíochta an UUP is an DUP. I measc pholaiteoirí an UUP is an DUP. Ach níl de dhánacht ag duine ar bith de na polaiteoirí sin an fhírinne a rá.

Agus tá meon Tom Elliott le sonrú ar bhonn laethúil in iompar scair nach beag den phobal Aontachtach. Sa dóigh a gcaitheann siad le ceisteanna cothromais agus roinnt cumhachta. Sa doicheall a chuireann siad roimh Chaitlicigh is náisiúnaigh is Sinn Féinithe ina saol. Sa naimhdeas atá acu do gach rud Éireannach. Ní athróidh toirmeasc ná cosc cainte a ndearcadh. Caithfear plé leo.

Mar fhocal scoir tréaslaím a mbua leis na Gaeilgeoirí sin a bhain suíochán sa Tionól nó sna Comhairlí i dToghcháin na seachtaine seo caite.

Chuir sé áthas orm Conradh na Gaeilge a bheith ag eisiúint ráiteas roimh an toghchán ag moladh do dhaoine vótáil ar bhonn na Gaeilge. Ach is mó i bhfad atá de dhíth. Caithfidh Gaeilgeoirí dul san iomaíocht sna toghcháin ó thuaidh.

Shaothraigh 'People Before Profit' agus Éirigí vóta cuibheasach ard. Agus shaothródh iarrthóirí maithe Gaeilge vóta maith dá rachadh siad chun cinn.

Tréaslaím go háirithe le triúr comhairleoir de chuid Shinn Féin i mBéal Feirste a bhfuil líofacht Ghaeilge acu agus atá fréamhaithe i saol Gaelach na cathrach. Mar atá Máirtín Ó Muilleoir, Caoimhín Mac Giolla Mhín agus Niall Ó Donnghaile.

Tá Niall Ó Donnghaile ar fhear óg chomh cumasach is bríomhar is a casadh orm le fada an lá. Fuair sé iomlán a chuid oideachais sa Ghaelscolaíocht, ag Naíscoil Mhic Airt, i mBunscoil Phobal Feirste, i gColáiste Feirste. Is mór a chuirfidh sé le Comhairle Bhéal Feirste.

Ainriail? Agóid? An earnáil phríobháideach le híoc arís!

Páidí Ó Lionáird

Tá an Roinn Airgeadais ag díriú isteach ar chistí pinsin, agus beidh impleachtaí dá bharr.

MAR cholún leanta ar an méid a chuireas díom an tseachtain seo caite, ba mhaith liom an scéal a oscailt amach ábhar.

Ar ndóigh, mar pheata an tí agus an té ab óige de chlann mhór, dáréag - deichniúr buachaill agus beirt chailín, bhí saol an mhada bháin agam i bhformhór slite. Sea, cinnte bhí dualgais sa bhreis orm fhéin, mo dheartháir Eoghan agus mo dheirfiúr Eibhlín nuair a bhí an chuid eile acu imithe ar a mbealaí féin, cuid acu cáilithe agus pósta lena gcúramaí féin, cuid eile fós i mbun cáilithe in éagsúlacht ollscoileanna agus coláistí oiliúna fud fad na tíre.

Nuair a chuimhním ar na híobairtí a dhein mo mhuintir d'fhonn gach ní a chur ar phláta dúinne, faighim deacair é a chreidiúint - ar thuarastal amháin, bhí teaghlach mór á chothú agus á cháiliú.

B'shin an méid a bhí ó mo mháthair agus ó m'athair - sinne a chur ar an mbóthar ceart, nó na bóithre cearta, a thabharfadh deis dúinn ár gcuid féin a bhaint amach, ár gcuid teaghlach féin a chruthú agus ár bpréamhacha a chur síos mar shaoránaigh úsáideacha, fhreagracha. Bronnadh orainn eiticí maithe oibre agus meon pobail.

Agus ar an bhformhór, baineadh san amach. Bhí béim i gcónaí áfach ar an bpost sábháilte stáit. Post mar mhúinteoir nó post le háisíneacht éigin stáit, Comhairle Contae, an Státseirbhís nó mar sin de.

Ní chothódh a leithéid de phost saol an ard-nóis agus ní bheifeá in acmhainn pálás a cheannach ach chomh beag, ach bhí cúiseanna ciallmhara lena mianta. Bheadh tuarastal seasta, reatha agus rialta agat. Ina theannta sin bheadh pinsean luachmhar ar mhéid áirithe den dtuarastal oibre.

Anois freagair ceist dom: cé ag aois sna déaga nó as sin go tríocha cúig a thug aon aird riamh ar phinsean? "Nach rud é sin a bhaineann le sean-daoine?"

Botún.

Is cuimhin liom cé chomh sásta is a bhí mo mhuintir nuair a ghlaos orthu le hinsint dóibh go raibh post buan múinteoireachta gnóthaithe agam i Scoil Oilibhéir, i dtuaisceart chathair Chorcaí. Sásta agus fuascailte táim cinnte. Bheadh gach ní i gceart anois don té ab óige. Jab déanta agus clann tógtha.

Níor leor san domsa áfach. Theastaigh níos mó uaim agus bheadh orm glaoch orthu arís le mo chinneadh an post buan a chaitheamh ar leataobh a chraobhscaoileadh agus mé sa tóir ar na réaltaí sna meáin.

Níl aon phinsean ceart agam ná ceann ar bith dar fiú trácht air. Thosnaíos ceann ceart go leor roinnt blianta ó shin – an aois sin go mbítear ag éirí buartha sáraithe agam. I ndiaidh sé bliana ag íoc go míosúil, fuaireas tuairisc deireadh bliana a d'inis scéal an uafáis. Leath a luacha imithe le sruth.

Botún eile? B'fhéidir. Beidh le fios.

Cinnte tá slí bheatha mhaith saothraithe agam le ceithre bliana déag anuas. Éiginnte? Cinnte. Mírialta? Go minic. Taitneamhach? Bhuel deirim i gcónaí gur beag obair atá déanta agam ó shin.

Tá an-chuid ama agus an-chuid deireadh seachtainí, Domhnach agus laethanta saoire bainc agus eaglasta oibrithe ó shin agam - trí Lá Nollag ina measc. É sin ráite, nuair a deirim nach ionann is obair é, is é atá i gceist agam ná go bhfuil an oiread taitnimh bainte agam as mo chuid oibre, bhuel 90% de ar aon nós, nach bhféadfainn a rá gur obair chrua a bhí ann.

Tá sé éiginnte áfach. Níl aon phinsean ceart agam ná ceann ar bith dar fiú trácht air. Thosnaíos ceann ceart go leor roinnt blianta ó shin - an aois sin go mbítear ag éirí buartha sáraithe agam. I ndiaidh sé bliana ag íoc go míosúil, fuaireas tuairisc deireadh bliana a d'inis scéal an uafáis. Leath a luacha imithe le sruth.

Táim fós ag íoc isteach sa chiste pinsin sin. Fós ag íoc isteach mar gur beag an rogha atá agam. Níl rochtain agam ar an méid atá ann go dtí 2024, de réir dlí. Caithfidh mé leanúint leis.

Anois tá an rialtas tar éis a fhógairt go bhfuil sé i gceist acu reachtaíocht a dhréachtadh a thabharfaidh cead don Roinn Airgeadais a lámha a chur sa phota sin agus 0.6% dá luach (atá de shíor ag titim) a thógaint.

Agus táimse in ainm is a bheith sásta faoi seo? Tá agus na céadta míle eile mar mé atá ag íoc isteach i gciste pinsin príobháideach, fad is nach mbaintear le cistí pinsin na hearnála poiblí? I ndairíre?

Tá go leor de m'iar-chomhghleacaithe múinteoireachta fós i mbun na gairme sin. Cuid acu ina bpríomh-oidí fiú. Cuid acu mar phríomh-oidí siúil, gan dualgas na cailce orthu. Níl a gcuid postanna ná an staid ina bhfuil siadsan ró-tharraingteach ach an oiread ach, d'ainneoin na gciorruithe ar fad, tá rud amháin acu nach bhfuil a shárú le fáil i measc na ngnáth-oibrithe príobháideacha - tá geallúint an stáit acu go n-íocfar pinsean deimhnitheach leo ón lá a stopann siad ag múineadh go mbaineann siad an clár mór cailce sin sa spéir amach agus tuarastal gach coicís go dtí sin.



Ní gá domsa bheith ag cur leis an aighneas atá cruthaithe ag rialtas i ndiaidh rialtais idir oibrithe san earnáil phoiblí agus iad siúd atá ag saothrú san earnáil phríobháideach ach táim deimhin de go mbeidh aighneas ann agus go mb'fhéidir nach dtuigeann an rialtas seo go bhfuil pointe na hainrialach sroiste!

B'fhéidir nach mbeidh tinte á lasadh agus agóidí foréigneacha ar shráideanna na hard-chathrach, mar a tharlaíonn sa chomharsanacht mór-roinne, ach beidh agóid. Beidh, ceal cothromaíochta.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ag troid i gcoinne an tseicteachais

TÁ coimhlint fhada stairiúil idir an dá fhoireann sacair is cáiliúla in Alba agus tá cúiseanna na coimhlinte sin ar eolas ag daoine i gcéin agus i gcongar, ach go háirithe ag muintir na tíre seo.

Tá scoilt ann go fóill i nGlaschú idir an pobal a bhfuil cúlra Éireannach Caitliceach acu agus an pobal a bhfuil a bhféiniúlacht nasctha leis an Phrotastúnachas Briotanach agus, cé nach bhfuil mórán tábhachta sa lá atá inniu ann leis na creidimh féin, tagann an taighneas seo idir an dá thraidisiún chun cinn ag ócáidí áirithe bliain i ndiaidh bliana. An léiriú is mó ar ndóigh ar an scoilt ná cúrsaí spóirt agus an iomaíocht ghéar idir Celtic agus Rangers. Tá go leor le rá faoi cad atá tar éis titim amach ar pháirc na himeartha i mbliana - tá an buntáiste anois ag an fhoireann ghorm le díreach cluiche amháin fágtha i bPríomhroinn na hAlban - ach ar an drochuair is eachtraí nach mbaineann leis an aicsean ar an pháirc in aon chor atá ag baint na gceannlínte idirnáisiúnta amach arís eile.

Is le bainisteoir na gCeilteach, Neil Lennon, is mó a bhaineann na heachtraí seo mar go bhfuil feachtas náireach drochthuarach á dhíriú air ag daoine áirithe le tamall anuas. Tá taithí ag fear chontae Ard Mhacha ar bheith ar an taobh mícheart d'ionsaithe seicteacha - thug lucht leanúna Thuaisceart na hÉireann íde dó go minic agus é ag imirt don fhoireann chéanna ar an ábhar gur náisiúnaí a chuir air geansaí Celtic a bhí ann - agus tá na gníomhartha is déanaí ina éadan i ndiaidh a thabhairt le fios nach bhfuil deireadh leis an dearcadh sin go fóill.

Níl bagairtí báis ná ionsaithe pearsanta tuillte ag aon duine inár sochaí agus nuair a chuimhnítear gur fear spóirt é Neil Lennon éiríonn an scéal níos ainspianta fós. Ach tá dáiríreacht ag baint leis na bagairtí seo nach féidir neamhaird a thabhairt air. Is iomaí feachtas a rinneadh thar na blianta le cur i gcoinne an tseiceachais sa ghnáthshaol agus i gcúrsaí spóirt ach is léir nach féidir luí siar ar an obair seo go fóill. Sa lá atá inniu ann níl aon áit ann le haghaidh iompair den chineál seo, iompar a chuireann saol daoine eile i mbaol, agus tá dualgas ar chách gach iarracht a dhéanamh chun an teachtaireacht seo a scaipeadh i measc tacadóirí sacair agus i measc an phobail mhóir araon.

Ag an phointe seo tá dualgas chomh maith ar pholaiteoirí - mar go bhfuil gné pholaitiúil ag baint leis an cheist seo - anseo agus in Alba labhairt amach go láidir in aghaidh na mbagairtí. Tá obair oideachais de dhíth chun deireadh a chur leis an dearcadh seanchaite atá beo i measc daoine áirithe go fóill agus ní mór leanúint ar aghaidh ag troid i gcoinne an tseicteachais sa spórt agus sa saol.

LITIR OSCAILTE chuig Banríon Shasana

Haigh a Lizzie

NÍ thig liom a chréidiúnt nach mbeidh mé anseo nuair a thagann tú. Ar aon nós beidh an eochair faoin mhata. Bí ar do chomporc!

Sílim i ndáiríre gur Ryanair an bealach is fearr. Tá fhios agam gur pian sa tóin a bhíonn ann corruair, ach níl sé chomh holc leis an Stansted Express. Nuair a bhaineann tú BÁC amach, tá bus an Airport Coach díreach taobh amuigh den doras. An rud is fusa ná sin a ghlacadh go dtí Bewleys Bhaile na Lobhar (€8) agus as sin faigh tacsaí anseo.

Tá go leor bia sa chuisneoir. Fiú amháin crúbóga portáin a fuair mé an uair dheireanach a bhí mé sna Ceala Beaga. Tá fhios agam! Tá chuile rud istigh a bheas uait tá mé ag ceapadh. Rollaí leithris srl. Fuair mé cúpla buidéal vino dearg tí Aldi.

Anways, níl ann ach fadhb bheag bhídeach amháin. Tá's agat Josh agus a chuid ailléirgí? Bhuel, ní bheidh do chompánach beag ábalta bheith istigh san árasán. Ach NBB, tá go leor spáis sa ghairdín. Tá's agam! Brón orm.

Ach tá mé cinnte go maithfidh tú dom é nuair a fheiceann tú an geansaí Árann a d'iarr mé ar Rosaleen Hegarty a dhéanamh dó! Chuaigh sí i dteagmháil le Kerry Woolen Mills agus d'iarr sí orthusan treabhsar beag den bhréidín a dhéanamh dó fosta! (Ach níl mé cinnte caidé mar a oibreoidh sin amach. Do Chorgi like.) Cén ceann atá tú a thabhairt leat ar aon nós? Emma, Linnet, Monty, Holly, Willow, Cider, Berry, Candy nó Vulcan? Cén ceann a, ehm, chaill tú an uair sin? Phaos nó Mummy nó rud éigin mar sin an ea?

Ar aon nós, bí cinnte nach dtugann tú an Dotty sin leat! Nó an Dottie atá uirthi? Níl sé tuillte ag geansaí Aránn ar bith go mbeifí ag dul i bhfiáin leis. Bíodh baint aige leis an bhanphrionsa Áine nó ná bíodh! Beidh sí i gcró na madraí muna mbíonn sí cúramach. An madra, ní Annie!

Ar aon nós, bhí ana-chraic againn sa Meyrick i nGaillimh ag an ócáid tiomsaithe airgid údaí do Khate agus Will. No a oinseach (díreach ag magadh a ghrá), bhí an t-airgead á bhailiú do Chumann na hÉireann um Chosaint Leanaí. Tá fhios agam go mbeidh tú sásta sin a cloisteáil. Tar éis a ndearna an friggin Dotty sin (arís!) ar na páistí bochta sin sa pháirc.

Agus muid ag caint faoin bhainis ríoga, nach iontach an mac mic sin Will? Dochreidte gur chuir sé mí na meala ar ceal leis an seandaideo sin, Nick Barnett, a shábháil. Nach bhfuil fhios againn uilig gur thit sé d'aon ghnó, mar a d'admhaigh a bhean chéile Philomena, díreach le go dtiocfadh Wills chun a tharrthála?

Bhuel, caithfidh mé rith. Cuir shout nuair atá tú tuirlingthe.

Barróg mhór mhillteach,
Xxx
Aisling Ní Acamé

PS Chuir mé éadaí leapa úr-nite ar mo leaba. Le do thoilllll bí cúramach ar eagla go mbeifeá ag cur fuil shróine arís.

PPS Cén fáth a bhfuil mé á scríobh seo i nGaeilge Qhueenie? Sure nach bhfuil fhios againn uilig go maith go bhfuil níos mó Gaeilge agatsa ná mar atá ag buachaillí bó rialtais na tíre seo?

PPPS Bí ionraic leat féin. Nach raibh ruainnín beag bídeach féin d'éad ort nuair a chuala tú go raibh O'Bama ag teacht anseo ar dtús? Chalaque!

PPPPS Ar eagla go bhfuil tú dubh dóite de na himeachtaí atá a reáchtáil ag na boic sin san Áras duit ar an 17ú, cén fáth nach dtagann tú ar cuairt chugam i Muineachán? Bheadh sé tráthúil is dóiche.

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Ní mór athmhachnamh a dhéanamh ar Chomórtas an Chailín Ghaelaigh: Léitheoirí Gaelscéal

TÁ an tromlach de léitheoirí Gaelscéal den bharúil gur cheart deireadh a chur le Comórtas an Chailín Ghaelaigh ag Comórtas Peile na Gaeltachta, nó é a athrú ionas gur féidir le buachaillí páirt a ghlacadh ann chomh maith.

Sa chéad phlé phoiblí riamh ar an chomórtas, **síleann 42.4% agaibh gur comórtas seanfhaiseanta gnéasaíoch (sexist) é** nach bhfuil feiliúnach i sochaí nua-aoiseach.

Scríobh léitheoir amháin, Méabh Mhic Shamhráin, ar Facebook go bhfuil an comórtas "cosúil leis na Lovely Girls ar Fr Ted" agus i mbarúil Hugh Corcoran "is rud gnéasaíoch amach is amach é".

Tá 24.2% den bharúil gur chóir go roghnófaí Buachaill Gaelach ag Comórtas Peile na Gaeltachta, mar aon le Cailín Gaelach.

Agus **deir an tríú cuid agaibh, 33.3%, gur cuid de stair Chomórtas Peile na Gaeltachta é** an Cailín Gaelach agus ba chóir é a choinneáil.

Is cinnte go bhfuil ábhar macnaimh sna torthaí do lucht eagraithe agus leanúna an Chomórtais.

Ceist na Seachtaine seo chugainn: Ar cheart, mar a deir an Taoiseach, "fáilte ríoga" a chur roimh Bhanríon Shasana?



Comórtas gnéasaíoch 42.4%
Cuid de stair CPG 33.3%
Buachaill Gaelach freisin 24.2%

Tugaimis grá don Ghaeilge ar mhór-ardán Eorpach an cheoil

Concubhar Ó Liatháin

"ÉISTIGÍ, éistigí, cloisim arís é, ceol an ghrá..."

Ba é sin an céad líne ón amhrán deireannach i nGaeilge a sheas an fód ar son na hÉireann i gComórtas na hEoraifíse. Go deimhin ba é 'Ceol an Ghrá' an t-aon amhrán i nGaeilge a rinne ionadaíocht ar son na tíre ó thosaigh an ceiliúradh cultúrtha seo sna 50í.

An bhliain seo chugainn, beidh dhá scór bliain caite ó chan Sandy Jones an t-amhrán a chum Joe Burkett agus ar chuir Liam Mac Uistín na focail leis i nDún Éideann.

Tugadh an méid sin chun solais i gclár faisnéise spéisiúil a chraol TG4 ag an deireadh seachtaine agus babhta ceannais de chomórtas Eoraifíse na bliana seo ag teannadh linn Dé Sathairn.

Le linn do Sandy bheith ag canadh i gcraobh na hEoraifíse, phléasc tine ealaíne go giorraisc sa lucht féachana mar agóid ó aondachtaithe, maítear, in éadan dhánaíocht na hÉireann amhrán Gaeilge a chur san iomaíocht i gcomórtas idirnáisiúnta.

Lean Sandy léi ag ceol agus chríochnaigh an comórtas le 72 marc agus sa 15ú áit as 18 iomaitheoir. Mura bhfuair Sandy Jones an teachtaireacht ón ghiorraisc aondachtach nach raibh fáilte roimh an amhrán i nGaeilge, fuair RTÉ, an craoltóir náisiúnta, ar a bhfuil freagracht ag Aontas Craoltóireachta na hEorpa maidir le roghnú iontráil na tíre seo, go soiléir é. Níl amhrán i nGaeilge tágtha i ngiorracht scread asail do Chomórtas na hEoraifíse ó shin.

Má bhí aon locht ar chlár TG4, níor thug sé aghaidh ar an gceist mhór a bhí agam. Cén fath nach bhfuil amhrán Gaeilge curtha san iomaíocht ó shin?

Dá am agus don chomórtas seo, b'amhrán den scoth é 'Ceol an Ghrá'. Cé nár bhuaigh sé, d'éirigh níos fearr leis ná mar a chruthaigh amhráin eile ón dtír seo le blianta beaga anuas. Ní bhfuair amhrán na hÉireann ach 25 pointe anuraidh agus le dhá nó thrí bhliain roimhe sin níor éirigh leis an iontráil Éireannach gabháil thar an babhta leathcheannais. Sheolamar turcaí nach raibh Gaeilge ná Béarla aige chuig an Eoraifís in 2008 leis an amhrán 'Irelande Douze Pointe' - n'fheadar an bhfuil sin cruinn ceart i dteanga ar bith!

Tá Jedward ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann ag comórtas na hEoraifíse i mbliana.

PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Ní raibh iarracht Éireannach sa 'Bharr 10' ach dhá uair ó 1999 agus bhaineamar an áit dheireannach amach den gcéad uair in 2007.

Is comórtas é an Eoraifís atá dírithe ar an amhrán is fearr san Eoraip a aithint - cé go mbíonn an sprioc sin dofheicthe go minic sa cheo draíochta ar an ardán ar an oíche mór. Is faoi RTÉ atá sé an comórtas a reáchtáil sa tír seo, cuireadh a thabhairt do scríbhneoirí amhrán liricí agus ceol cuí a chumadh, scagadh a dhéanamh ar na hiarratais agus gearrliosta d'amhráin a chur ós comhair na tíre don Chomórtas Náisiúnta. Bhí tráth ann go mbíodh seo ina oíche mhór ann féin ach anois níl ann ach mír ar an Late Late Show, teach fuar don Ghaeilge riamh.

I mbliana - agus le roinnt blianta anois - ní raibh amhrán Gaeilge le clos i mbabhta ceannais na hÉireann. I mbliana ba é an t-amhrán "Lipstick" a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh sa chomórtas. Is iad an cúpla gruaigeach, Jedward, a cheolann an t-amhrán ach b'iad Daniel Priddy, Lars Halvor Jensen agus Martin Michael Larsson, cumadóirí ceoil ón Danmhairg, a chum é.

Tá na torthaí imithe an oiread sin chun donais go bhfuil ár gcraoltóir náisiúnta, ar a bhfuil dualgas reachtúil an Ghaeilge a chur chun cinn, anois ag déanamh aithrise ar Chumann Sacair na hÉireann agus a gcuid iarrachtaí imreoirí sacair le dúchas Éireannach a aimsiú chun imirt ar son na tíre. Ní léir go bhfuil fiú seanmháthair de bhunadh na tíre i ngéaga ginealaigh na gcumadóirí a chuir iarracht na bliana seo chun tosaigh.

An t-amhrán deireannach i nGaeilge ar chuimhin liom é bheith san iomaíocht sa chomórtas náisiúnta, ba é 'Bon Bon Carr'. Cé nach liric é a bhí thar mholadh beirte ó thaobh doimhneachta de, bhí bua éigin san fhonn a d'fhág mé á cheol faoi m'anáil agus in ainneoin chomhairle na n-aingeal. Tháinig 'Bon Bon Carr' agus amhráin ar nós 'An Dreoilín' chuig an gComórtas Naisiúnta via comórtas 'Réalta' RnaG, comórtas chun iontráil Ghaeilge a roghnú agus a bhí thar a bheith rathúil. Cuireadh deireadh leis in 2002/3, tráth go raibh an craoltóir ag iarraidh ciorruithe móra a chur i bhfeidhm. Cé go raibh rath ar RTÉ idir 2003 agus 2008, níor deineadh 'Réalta' a atbheochan. Mar sin, gan agó, chuir an craoltóir náisiúnta deireadh leis an Ghaeilge san Eoraifís.

Beidh go leor i measc phobal na Gaeilge a déarfaidh nach cailliúint é. Nílimse ina measc. Táimid ró-ardnósach, cuid againn.

Ní fhéadfadh sé ach cuidiú le stádas na Gaeilge bheith ar ardán a mbeadh aird ag breis is 200 milliún duine air, fiú nach mbeadh i gceist ach seal gairid. Dhéanfadh sé níos mó i gcúpla nóiméad ar son stádas agus úsáid na teanga ná mar a dhéanfadh maidhm pháipéarachais, tuarascálacha oifigiúla agus foirmeacha dothuigthe agus dolíonta.

Nuair a bheidh Eoraifís na bliana seo curtha thar abhainn, pé toradh a bheidh ag Jedward ar ár son, ba cheart teagmháil a dhéanamh le RTÉ chun a chur in iúl go bhfuil sé thar am deis a thabhairt d'amhrán Gaeilge, an teanga oifigiúil eile, bheith páirteach ar ár son sa cheiliúradh cultúrtha Eorpach seo.

Éistigí, éistigí, an gcloisfimíd arís é, ceol an ghrá?

Deireadh na hEoraifíse ag teannadh linn?

Bernie Ní Fhlatharta

CÉARD a tharla don Eurovision? Seo é an comórtas amhrán mór a mbíodh muid ar fad ag súil go mór leis ó thus na bliana.

Is cuimhin liom an bhliain a bhuaigh ABBA le Waterloo. Bhreathnaigh clann s'againne air in 1974 ar an teallach le chéile. Bhí sé chomh maith leis an bpaidrín!

Tá mise ag breathnú ar an Eurovision ó bhí mé i mo ghasúr. Is dóigh gur i ndubh agus bán a chonaic mé é an chéad uair ar theilifís an-bheag!

Is cuimhin liom gurbh é an clár Skippy, lonnaithe san Astráil, an chéad chlár a chonaic mise ar an mbosca. Is cuimhin liom an tráthnóna sin ar nós gur inné a bhí ann. Muid ar fad timpeall an teallaigh ag breathnú air an teilifís amach romhainn. Is dóigh ar bhealach gur chuir sé deireadh leis an bpaidrín i dteach s'againne agus gur athraigh teacht na teilifíse an tír ar fad.

Ag an am sin, ba é an Eurovision an ócáid ba mhó a bhí craolta ar an teilifís beo. Ba rud mór é, teagmháil leis na tíortha sin ar fad beo agus seo roimh shatailít. Chuir sé iontas mór orainn.

Tá gach uile rud a tharlaíonn anois le feiceáil ar YouTube ar an bpointe beagnach go ndéanann daoine neamhshuim de rudaí.

Cheap muid an uair sin go raibh an stíl iontach, go raibh na hamhráin thar barr (agus bhí go leor acu an-mhaith) agus go raibh brionglóid againne an domhan mór a fhéiceáil, bhuel an Eoraip ar a laghad.

Ach inniu tá an oiread meán thart timpeall orainn go bhfuil an saol mór feicthe ag na gasúir sula dtéann siad ar scoil fiú thríd an méid teilifíse a fheiceann siad.

Agus tá gach uile rud a tharlaíonn anois le feiceáil ar YouTube ar an bpointe beagnach go ndéanann daoine neamhshuim de rudaí.

Ach dháiríre, b'iontach an ócáid é an Eurovision tráth. Bhíodh an bhótáil iontach nuair a bhí sé cothrom, nuair nach raibh tíortha ag bhótáil dhá chéile ag brath ar an tíreolaíocht. Tá an spraoi cinnte imithe as an gcomórtas seo inniu.

Tá caighdeán uafásach i mbliana agus anois tá gach uile sheans go n-éireoidh go maith le Jedward, ag canadh d'Éirinn.

Tá an bheirt thar fóir ach is iontach an fuinneamh atá acu agus ní chuireann siad as dhomsa ar chor ar bith, cé go gcuireann siad déistin ar go leor daoine.

Níl ann ach comórtas ag deireadh an lae ach ceann a bhfuil airgead mór taobh thiar dhó fós cé go gcreidim féin go bhfuil a chuid laethanta beagnach istigh.

CÚRSAÍ SAOIL

Tá cathlán amháin lán-Ghaeilge bhfuil an teanga sábháilte ann?

Labhraíonn **Treasa Bhreathnach** le triúr ón gCéad Chathlán Coisithe chun an cheist seo a phlé agus chun ról agus todhchaí an Chéad Chathláin i sochaí ár linne a fhiosrú.

Is i mbeairic stairiúil na Rinne Móire ar imeall chathair na Gaillimhe atá an Chéad Chathlán lonnaithe agus é timpeallaithe ag na ballaí móra arda atá coitianta in aon bheairic ar a bhfuil saighdiúir le hairm ag an ngeata. Cé nach bhfuil baol láithreach ann do shlándáil na beairice i gcathair na Gaillimhe, fós féin is beairic agus cathlán iomlán gníomhach é an ceann sa Rinn Mhór agus é sin le n-aireachtáil ó fhuaimeanna na bpiléar ag teacht ón raon lámhaigh. Chas an Captaen Brian Ó Domhnaill, as an Mionlach ó dhúchas, liom ag an ngeata agus cuireadh fáilte fhial romham i nGaeilge líofa.

Is as na Cealla Beaga í an saighdiúir

Aoife McGettigan agus í san Arm le ceithre bliana anuas, ach cén fáth ar roghnaigh sí dul san Arm an chéad lá riamh? "M'athair, is dóigh, a rinne an cinneadh dom. Bhí suim agam sa bhanaltracht agus bhí mé tosaithe ar chúrsa banaltrachta agus timpeall sé nó seacht mí déanta agam, nuair a chuala mé go bhfuair mé áit san Arm," a deir Aoife agus í ag labhairt liom trí Bhéarla. "Tá deartháir agam a d'fhág an scoil nuair a bhí sé 13 bliain d'aois le dul isteach san Arm agus b'eisean an duine ba mhó den chlann a bhí ag déanamh go maith sa saol. Tá beirt deartháir eile agam a d'fhág an ollscoil roimh a gcúrsaí a chríochnú, agus is dóigh gur shíl m'athair gur post maith a bhí san Arm agus go raibh sé ar cheann de na poist is cinnte sa lá atá inniu ann, le pinsean agus rudaí mar sin."

Mar aon leis an Arm féin, ní hé beairic na Gaillimhe an chéad rogha a bhí ag Aoife agus í ag déanamh cinneadh faoi cén bheairic ar mhaith léi a bheith stáisiúnaithe ann. "Rinne mé iarratas don bheairic i bhFionnúir ach ní bhfuair mé é sin, bheadh an rogha agam iarratas a dhéanamh arís ach is maith liom Gaillimh," arsa Aoife. An bhfuil sé deacair uirthi feidhmiú i gCathlán ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga fheidhmeach agus gan Gaeilge aici féin? "Ní raibh mórán suime agam sa Ghaeilge agus mé ag dul ar scoil agus ní ceantar Gaeltachta í na Cealla Beaga, ach táim ag foghlaim agus tá súil agam dul ar chúrsa Gaeilge ag deireadh na míosa." Is cúrsa Gaeilge seachtaine atá i gceist leis an gcúrsa a bhíonn á reáchtáil ag an Chéad Chathlán cúpla uair sa bhliain. Cé nach mbeifeá ag súil go mbeadh duine ar bith líofa tar éis seachtaine, is tús maith atá ann agus é lonnaithe i gceartlár Ghaeltacht Chonamara, sa Cheathrú Rua. Le tionchar athair Aoife chomh láidir i dtreoir a saoil, an bhfuil aiféala uirthi go ndeachaigh sí isteach san Arm ar chor ar bith? Deir Aoife, "Tá beagán aiféala orm nár chríochnaigh mé an bhanaltracht. Níorbh fhéidir liom a rá gur bhreá liom é, ach tá buntáistí agus míbhuntáistí ag gach post." Bíonn an deis ag oifigigh san Arm céim tríú leibhéal a dhéanamh ach níl an deis chéanna ag gnáthshaighdiúirí, agus leis an mbac san Arm ar ardú céime i láthair na huaire, is beag an baol go mbeidh Aoife ag críochnú a cuid staidéar banaltrachta go luath. Mar sin, cén todhchaí a fheiceann sí di féin san Arm amach anseo? "Tá deiseanna eile ag saighdiúirí ceird a fhoghlaim. Sílim go ndéanfaidh mé cúrsa cócaireachta amach anseo nó rud éigin mar sin," a deir Aoife.

Bunaíodh an Chéad Chathlán Coisithe in 1924 agus beairic na Rinne Móire féin in 1880 agus tá stair fhada lárnach ag an gCathlán i gcur chun cinn na Gaeilge san Arm agus stádas a thabhairt dár gcéad teanga oifigiúl. Is iad an Chéad Chathlán a chuir Acht Teanga i bhfeidhm sula raibh sé de dhualgas orthu é a dhéanamh agus táthar anois ar an dara scéim teanga. Tá 284 duine (scór bean san áireamh) sa chathlán faoi láthair agus is as Gaillimh, Maigh Eo, Sligeach, agus Dún na nGall iad, le tromlach na ndaoine ag teacht as Gaillimh agus Maigh Eo.

"Bhí tionchar mór ag an Acht Teanga ar an nGaeilge a chur chun cinn, níor fhan muidne go ndéarfaí linn céard a bhí le déanamh, d'éirigh muid ónar dtóineanna agus rinne muid é."
CeathrúSháirsint Peadar Ó Flatharta

Is as an Trá Bháin i Leitir Mór é an saighdiúir **Tomás Ó Flatharta** agus é san Arm ar feadh ocht mbliana. Bhí cinneadh deacair le déanamh ag Tomás chun dul san Arm mar gheall gur maraíodh a dhearthár Peadar a bhí mar bhall den Arm, i dTíomór Thoir in 2002. Ar chuir bás tragóideach a dhearthár isteach air agus é ag iarraidh cinneadh a dhéanamh i dtaobh dul isteach san Arm? "Tá sé ar nós 'chuile shórt, smaoinigh mé air agus mé ag rá 'meastú ar cheart dom dul ann'. Níl sé éasca dul ann [san Arm] tar éis rud mar sin, ach sa lá atá inniu ann, tá timpistí agus rudaí mar sin ag tarlú 'chuile lá. Dúirt mé go dtriailfinn é agus nuair a chuaigh mé ann thaitin sé liom. Anois tá cairde déanta agam a bheas agam don chuid eile de mo shaol. Tá sé ar nós 'chuile rud eile, d'fhéadfá a bheith sa mbaile agus ag siúl trasna an bhóthair; nuair atá do lá thuas, tá do lá thuas, agus faraor bhí a lá thuas agus sin a tharla. Sa lá atá inniu ann níl a fhios ag aon duine céard atá timpeall an chúinne," a deir Tomás.

Ba léir gur thug Tomás faoina shaol san Arm go dúthrachtach ón chéad lá a chuaigh sé ann, agus ó shin i leith tá dhá thuras thar lear déanta aige. Thaistil sé go dtí an Chosaiv in 2005 agus an Libéir in 2007, turais a mhair timpeall sé mhí. Deir Tomás, "Le dhá bhliain anuas tá stad curtha ar na turais ag dul anonn. Agus nuair a bhí siad ann chaithfeá a bheith dhá bhliain san Arm, nó b'fhéidir beagán taithí a bheith agat sula gcuirfí in aon áit thú. Ní scaoilfidís anonn daoine gan cúrsaí a bheith déanta acu san Arm nó aon cheo mar sin, chaithfeadh traenáil a bheith déanta agat ansin sula scaoilfí leat ar thurais. Ní 'chuile dhuine a fhaigheann seans imeacht leis an chaoi a bhfuil rudaí faoi láthair." Is é an taisteal ceann de na deiseanna a shíleann Tomás gur mhaith le daoine óga a thapú agus iad ag dul isteach san Arm. Cé gur cuireadh stop le turais thar lear de chuid an Airm le tamall anuas, cuirfear tús leis sin arís an tseachtain seo chugainn nuair a bheidh grúpa saighdiúirí Éireannacha

ag Arm na hÉireann, ach an

ag dul chuig an Liobáin.

"Is é sin ceann de na rudaí atá iontach maith faoin Arm, go bhfuil rud éigin difriúil á dhéanamh agat beagnach gach lá, mar shampla d'fhéadfá a bheith ag tabhairt cúnaimh don phobal mar a bhí muidne nuair a bhí na tintreacha i nDún an nGall ansin tamall ó shin, nó b'fhéidir ag obair ar dhualgas sa bheairic nó mar shlándáil do na bainc. Ní hé 'chuile lá a mbíonn gunna i do láimh ach tá sé go deas rud éigin difriúil a dhéanamh," a deir Tomás.

Mar bhall den Chéad Chathlán, agus mar Ghaeilgeoir dúchasach, an bhfeiceann Tomás go bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn ag an Arm féin agus ag an gCathlán? "Tá siad ag iarraidh an Ghaeilge a choinneáil ann, 'chuile fhógra a thugann muidne tá siad uilig thrí Ghaeilge agus roinnt maidineacha oibríonn muid trí Ghaeilge ar fad, agus na horduithe uilig i nGaeilge," arsa Tomás. Nach ionann orduithe i nGaeilge de chuid an chathláin seo agus

an chuid eile den Arm? "Tá an Béarla ag sleamhnú isteach. Tá an bheairic anseo sábháilte go maith cinnte, ach i mbeairic eile feiceann tú an Béarla ag sleamhnú isteach leis na horduithe. Tá cuid mhaith sa chathlán anseo nach bhfuil Gaeilge acu. Tá daoine anseo, muintir Chonamara den chuid is mó, nach labhróidh Béarla lena chéile ar aon nós, díreach cosúil lena bheith sa mbaile, ní dhéanfadh tú é, bheadh sé náireach. Ach tá roinnt daoine anseo as áiteacha eile, agus níl an oiread suime acu ann. Fadó, dá mbeifeá go maith ag spórt bheadh an t-uafás béime air, agus dá mbeadh Gaeilge agat shiúlfá isteach san Arm, ach anois níl an oiread béime air. Is é an peaca é mar is í an t-aon teanga atá againn í, dár gcuid féin." Mar sin gan an bhéim a bheith curtha ag an Arm ar an nGaeilge, an fiú go mbeadh an Chéad Chathlán ann ar chor ar bith, gan iallach a bheith á chur ar dhaoine Gaeilge a fhoghlaim, ná í a labhairt?

"Tá go leor staire ag baint leis an gcéad chathlán, tá dream as an taobh thoir de Ghaillimh nach mbeadh an oiread sin suime acu inti ach dream ón taobh thiar de Ghaillimh, ar nós muid féin, dream as Conamara nár mhaith linn go ndúnfaí Gaillimh mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta ná aon cheo mar sin. An chuid is mó atá i nGaillimh, is trí Ghaeilge atá sé agus má chailleann siad é sin tá siad ag cailleadh na teanga dúcháis. An méid atá ann [Gaeilge] is muidne atá á choinneáil ag imeacht. Nuair a tháinig mise in 2003 ní raibh ach b'fhéidir cúigear le Gaeilge dhúchasach as Conamara ach anois tá sé sna déaga, ach ba cheart go mbeadh níos mó béime ar an nGaeilge ná mar atá, ach tá go leor ann agus ba chuma leo faoi ach go bhfuil siad ag iarraidh a bheith san Arm ach caithfidh tú aontú leis an dá thaobh," arsa Tomás.

Bhí an baol ann faoin rialtas deireanach go ndúnfaí beairic na Gaillimhe go dtí gur shocraigh an t-iarAire Ó Cuív maoiniú a chur ar fáil dóibh chun a dtodhchaí a chinntiú. Mar sin, céard a bhíonn ar bun ag baill den chéad chathlán ó lá go lá? Mar aon le fórsaí slándála uile na tíre beidh siad iontach gnóthach le cuairt Uachtarán Mheiriceá agus cuairt Bhanríon Shasana nuair a bheidh timpeall 100 saighdiúir ón chathlán i mbun dualgais slándála. Beifear i mbun dualgais ar shlándáil imeallach nuair a eitlíonn banríon Shasana isteach go Baile Dhónaill.

Beidh suas le 35 duine ón chéad chathlán ag dul go dtí an Liobáin an tseachtain seo chugainn chomh maith, duine acu siúd an **CeathrúSháirsint Peadar Ó Flatharta**. Is é seo an ceathrú turas go dtí an Liobáin do Pheadar agus

"Tá an Béarla ag sleamhnú isteach. Tá an bheairic anseo sábháilte go maith cinnte, ach i mbeairic eile feiceann tú an Béarla ag sleamhnú isteach leis na horduithe. Tá cuid mhaith sa chathlán anseo nach bhfuil Gaeilge acu. Tá daoine anseo, muintir Chonamara den chuid is mó, nach labhróidh Béarla lena chéile ar aon nós, díreach cosúil lena bheith sa mbaile, ní dhéanfadh tú é, bheadh sé náireach." Saighdiúir Tomás Ó Flatharta.

is ann a bheidh sé le hachar sé mhí. Fear eile as Conamara é Peadar, as Béal an Daingin ó dhúchas ach é anois ina chónaí sa Cheathrú Rua lena bhean agus beirt chlainne, iníon atá 15 bliain d'aois agus mac atá ocht mbliana d'aois. Tá sé iontach soiléir óna bheith ag labhairt le Peadar go bhfeileann an tArm go mór dó agus go bhfuil sé féin déanta lena aghaidh. "An t-aon duine a raibh aithne agam san Arm ná mo sheanathair agus cé nár fhan sé ann i bhfad, is cuimhin liom é i gcónaí lena bhróga polished aige agus é breá díreach. Is é an pictiúr a bhí agam de shaighdiúir ná go raibh discipline ann, go raibh sé glan agus punctual agus is rudaí iad sin a chuaigh i gcion go mór orm. Is beag nach raibh mé bailithe go dtí an Astráil in 1988, bhí víosa faighte agam le dul ann mar bhí mé tar éis apprenticeship a dhéanamh mar mheicneoir agus ansin chuala mé faoin Arm. Dá mbeadh trí seachtaine eile fanta agam bheinn san Astráil."

Is léir nach raibh aon athrú intinne air faoin Arm go dtí seo. "Bíonn uaireanta ann go smaoiníonn tú faoi, céard atá mé a dhéanamh anseo, agus cinnte tharla sé sin dom sa Liobáin, ach fós féin ag deireadh an lae is rud é go raibh mé ag iarraidh a dhéanamh agus níl aon aiféala orm faoi aon rud a tharla ann go dtí seo." Tá trí bliana fichead caite ag Peadar san Arm ag an bpointe seo agus é anois 44 bliain d'aois agus é de rogha aige le dhá bhliain anuas éirí as; ar smaoinigh sé ar a leithéid a dhéanamh? "Is dóigh an rud a sheas dom i ndáiríre ná go bhfuil cúpla áit gur féidir leat a dhul san Arm agus níl mórán stáisiún nach raibh mé iontu. Ní bhfaighidh tú stalemate in aon áit i ndáiríre, bhí mé i mo sháirsint buíne le hos cionn 17 bliain agus is é an rud a thaitin liom go mór faoi sin ná go gcaithfidh tú sórt 'lead by example' a dhéanamh."

Is é Peadar duine den ochtar atá ar an gComhairle Ghaeilge d'Óglaigh na hÉireann a thugann an cabhlach agus an t-aerfhórsa san áireamh, an síleann sé féin go bhfuil an dóthain iallaigh á cur ag an Arm ar dhaoine chun dul i dtreo na Gaeilge? "An chaoi a bhfuil an saol faoi láthair, ní féidir leat iallach a chur ar dhuine ar bith ach b'fhéidir iad a threorú sa bhealach ceart. Bhí tionchar mór ag an Acht Teanga ar an nGaeilge a chur chun cinn, níor fhan muidne go ndéarfaí linn céard a bhí le déanamh, d'éirigh muid ónar dtóineanna agus rinne muid é. I láthair na huaire tá mé sásta go bhfuil an scéim sách láidir, níl aon fhadhb againn cloí leis. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iniúchadh orainn agus bhí siadsan sásta go raibh muid ag cloí leis an scéim," a deir Peadar.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Na cailíní a bhuaigh an dara háit i gComórtas Tráth na gCeist, Óg Ógras Uachtar Ard (Gaillimh), Déardaoin seo caite: Sarah Kate Butler, Rowan Bines, Molly Watts agus Ciara Tierney. PIC: TOM BRODERICK.

Cailíní as Óg Ógras Uachtar Ard (Gaillimh) a bhuaigh duaiseanna ag comórtas Tráth na gCeist Déardaoin seo caite. Sa phictiúr tá na cailíní a tháinig sa chéad áit: Andrea Welby, Mia Casburn, Eabha Geoghegan agus Laoise Gibbons. PIC: TOM BRODERICK.

Ceoltóirí cáiliúla ón ngrúpa "Téada" le ceoltóirí óga an Aonaigh ag an taispeántas a thug Téada agus Séamus Ó Beaglaoi i nDún Mhuire, An tAonach ar an Déardaoin seo caite. Ar chúl (ó chlé): Oisín Mac Diarmada, Lucia Ní Pharthaláin, Niamh Lonergan agus Seán Mc Elwain.Chun tosaigh: Róisín Ní Chiaragáin, Paul Finn, Colm agus Niall Ó Slatara.

Rug iascairí ón trálaer iascach an Maria Magdalana ar an iasc neamhghnách seo agus iad ag iascach ar an dtorcán (porcupine) amach ó na hOiléain Aráinn. Sa phictiúr tá Robert o' Neill Dún Mór Thoir, Philip Rolston Sligeach agus Michael John Kenny Sligeach Is seo an dara taifead atá déanta ar an iasc seo darb an Thalassobathia pelagic in Éirinn agus 21ú taifead go domhanda.

Seo cuid den slua mhór a bhí i láthair in Eaglais Anagaire i nDún na nGall an tseachtain seo caite do chuairt an chloig Eocairistigh. Tá páistí ó Scoil Náisiúnta Anagaire sa ghrianghraf, chomh maith leis na Sagairt Michael Herrity agus Jean Etienne.

COMHSHAOL

Ró-ghlan – Cuir fáilte roimh an namhaid!

Conn Ó Muíneacháin

DAR le mo dheartháir, tá rud amháin a fhágtar ar lár go minic as an gcomhairle oifigiúil i dtaobh chothú leanaí.

"Punt láibe", a deir sé, "Puiteach! Salachar!"

Níl sé ina riail daingean aige go gcaithfear punt iomlán a shlogadh, ach síleann sé gur maith an rud é sprioc ard a bheith agat!

Is é atá i gceist aige, dár ndóigh, ná gur chóir do pháistí a bheith amuigh faoin ngriain - ag fás agus ag foghlaim sa saol nádúrtha.

Ní smaoineamh nua aige é: is mar sin a tógadh sinn féin. "Salachar Glan" a thugadh m'athair air.

Ach seachas an ghriain agus an t-aer úr, tá eolaithe ann a bhfuil an tuairim acu go bhfuil maitheas sa salachar ann féin.

Tugtar an 'Hipitéis Ghlaineachta' air. Sin é an tuairim go gcuireann timpeallacht atá "ró-ghlan" isteach ar fhorbairt an chórais imdhíonachta.

Deineadh cur síos ar an dteoiric don gcéad uair in 1989. Rinne eolaí darb ainm David Strachan taighde ar na galair ailléirgeacha fiabhras léana agus eachma. Fuair sé amach go raibh níos lú cásanna de na galair sin i dteaghlaigh mhóra. Cheap sé go mb'fhéidir go raibh teagmháil níos mó ag na páistí sin le frídíní galair óna ndeartháireacha agus deirfiúracha - agus mar sin go raibh forbairt níos fearr ar a gcóras imdhíonachta.

Is córas cosanta é an córas imdhíonachta. Ionsaíonn sé rud ar bith a bhraitheann sé atá 'eachtrannach' nó 'seachtrach' sa chorp. Ach i gcás na ngalar ailléirgeach is amhlaidh go dtéann an córas cosanta thar fóir. Ní amháin go n-ionsaíonn sé an t-ionróir - ach déanann sé dochar don gcaisléan féin.

De réir mar atá an saol athraithe sa domhan forbartha (uisce glan, córais séarachais, leigheasanna antaibheathacha) tá laghdú mór tagtha ar ghalair 'an tríú domhain' (dinnireacht, calar, seadáin). Ach freisin tá méadú suntasach tagtha ar ghalair ailléirgeacha cosúil le plúchadh agus eachma.

Tá bitheolaíocht an chine dhaonna curtha in oiriúint do chogadh. Ní i saotharlann steiriúil a cruthaíodh sinn ach as an gcré féin (i scéal an Bhíobla), as an bpuiteach, i measc na naimhde. Tríd is tríd, is cogadh cothrom, síoraí a bhíonn i gceist leis an mbitheolaíocht. Mharaigh na galair na sluaite daoine ach bhí na daoine a mhair níos láidre. Mar a chéile dos na frídíní, an rud nach maraíonn iad, neartaíonn sé iad.

Uaireanta bíonn sos cogaidh, mar shampla i gcás 'fauna' na putóige. Tá na milliúin baictéir sna putóga i ngach aon duine againn. Ní dheineann siad dochar ar bith dúinn, go deimhin is amhlaidh go gcuidíonn siad linn ár gcuid bia a dhíleá.

Meastar go gcosnaíonn na baictéir sinn ó ghalair phutóga eile, mar shampla giosta candida, agus tá tionscal nua táirgí forbartha le blianta beaga anuas ar a dtugtar 'próbhitheacha': deochanna agus iógairt, go maíonn lucht a ndéanta go dtacaíonn siad le baictéir mhaithe na bputóg.

Tá amhras i measc eolaithe faoi éifeachtúlacht na dtáirgí seo ach is léir ón éileamh atá orthu go bhfuil an pobal sásta leis an dtuairim go bhfuil a leithéid de rud ann agus 'baictéir cháirdiúla'.

Ba cheart ligint do pháistí slut a bhaint as an 'salachar glan'.

Ach má ghlacfaimid le baictéir, an gcuirfimid an fháilte chéanna roimh phéisteanna?

Sa lá atá inniu ann tá an ruaig curtha ar phéisteanna seadánacha sa domhan forbartha, agus tá feabhas mór ar an tsláinte dá bharr. Ach tá tuairim nua anois ann faoi na péisteanna putóg, is é sin go dtugann siad cosaint ar ghalair uath-imdhíonachta.

I dtíortha neamhfhorbartha, tá péisteanna ag mórán daoine, ach tá ráta íseal ailléirgí ann i gcomparáid linn féin.

De réir na teoirice, is mar seo a oibríonn na péisteanna. I dtreo is go mbeidh siad in ann maireachtáil sa phutóg, is amhlaidh go gcuireann siad ceimiceán amach a chiúiníonn córas imdhíonachta an duine. Le himeacht aimsire tá an córas imdhíonachta dulta i ngleic leis seo, sa mhéid is go bhfuilimíd anois ag brath ar an seadán. Má imíonn na péisteanna, téann an córas cosanta thar fóir.

Tá an taighde sa réimse seo ag leanúint, agus níl breith chinnte sa chás go fóill. Ach tuairiscítear go bhfuil líon beag daoine a mbíodh ailléirgí go trom orthu, atá anois ag fáil faoiseamh ó 'theiripe heilminteach'. Is é sin le rá, péisteanna a thógaint go toileanach agus fáilte a chur roimh an sean-namhaid.

SCÉALTA COMHSHAOIL

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ioncam ár bhfeirmeoirí idir €18,000 agus €43,000 in 2010

Dar le suirbhé atá déanta ag Teagasc tháinig ardú de 48% ar ioncam feirmeoirí na tíre in 2010 i gcomparáid le 2009. Ba é an meánioncam d'fheirmeoirí sa bhliain sin ná €18,000. Deir Brian Moran ón eagraíocht Suirbhé Náisiúnta Feirme, "Is é €18,000 an meánioncam san earnáil i ngach cineál agus méid d'fheirm, ach tá éagsúlacht a lán in ioncam feirmeoirí áirithe trasna tograí feirmeoireachta éagsúla." Ba é an meánioncam d'fheirmeacha a fheidhmíonn ar bhonn tráchtála lánaimsire ná timpeall €43,000. Tá timpeall 30,000 den chineál sin feirme sa tír.

Éireannaigh ag smuigleáil adharca srónbheannaigh

Cúisíodh beirt Éireannach faoi iarracht a dhéanamh adharca srónbheannaigh a smuigleáil amach as Meiriceá. Is é Michael Hegarty (39) agus a dheartháir céile Richard O'Brien (26) a cúisíodh i gcúirt in Denver, Mericeá ag tús na seachtaine. Cúisíodh an bheirt trádálaithe seandálaíochta as cheithre adharc srónbheannaigh a cheannach ar luach $17,000, agus é ar intinn acu iad a smuigleáil ar ais go hÉirinn. Phléadáil siad ciontach agus gearradh pionós sé mhí sa phríosún orthu.

Stoic tuinníní gorma i mbaol sa Liobáin

Is é an Domhnach tús an tséasúir iascaireachta peas-saighneoireachta (eangach) sa Mheánmhuir ach chun cosaint a dhéanamh ar an tuinnín gorm (bluefin tuna) tá an WWF agus Greenpeace ag iarraidh go gcuirfí an séasúr ar fionraí. Tá an t-iarratas déanta acu ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní an Atlantaigh tar éis go ndeir an Liobáin go gceadóidh siad iascaireacht, cé nach bhfuil aon phlean iascaireachta i bhfeidhm acu do 2011. Níl aon bhealach gur féidir monatóireacht éifeachtúil a dhéanamh ar an iascaireacht de bharr na corraíola atá sa Liobáin faoi láthair agus tá an baol ann go mbeidh an plean caomhnaithe idirnáisiúnta do na héisc atá i mbaol i dtrioblóid má cheadaítear an iascaireacht.

Caithfear dul i ngleic le dumpáil dramhaíola

Ag seoladh de chuid an fheachtais 'The Countryside is Watching' an tseachtain seo, thug leascheannaire Fheirmeoirí Aontaithe Éireann foláireamh go bhfuil an fhadhb le bruscar as riocht uile faoin tuath. Deir sé, "Tá feirmeoirí ag tuairisciú leibhéil mhóra dumpála i bpáirceanna, agus i gceantair coillearnaí. Beidh ar na hÚdaráis Áitiúla a bheith níos géire orthu siúd a bhíonn ag dumpáil a gcuid dramhaíl tí go rialta in áit táillí bruscair a íoc. Tá sé do-ghlactha rabhadh d'fhíneáil a thabhairt d'úinéirí talún de suas le €130,000."

Sionnaigh Artacha i mbaol óna ngaolta dearga

Den chéad uair riamh, chonacthas sionnach ag cur isteach ar shionnach Artach taobh istigh dá uaimh pórúcháin. Tá sé faighte amach ag taighdeoirí sa Rúis go bhfuil an sionnach ag déanamh ionradh ar ghnáthóg an tsionnaigh Artaigh de bharr téamh domhanda. Tá an sionnach Artach i bhfad níos lú ná an gnáthshionnach agus níl sé leath chomh hionsaitheach (aggressive). Tá faitíos ar eolaithe go mbeidh na sionnaigh in ann an ruaig a chur ar an sionnach Artach.

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Scamall áirithe ar an chóras néalríomhaireachta

Diarmuid Ó Muirgheasa

LE cúpla seachtain anuas tá dhá mhórbhuile faighte ag an earnáil néalríomhaireachta (cloud computing).

Ar 21 Aibreán theip ar chóras néalríomhaireachta Amazon, agus ghlac sé beagnach ceithre lá orthu rudaí a chur ar ais nach mór ina gceart. Níos measa fós (agus tá an scéal seo deimhnithe ag Amazon iad féin), cailleadh comhaid áirithe go hiomlán agus go buan – tá daoine áirithe a shíl go raibh siad i ndiaidh an rud sábháilte a dhéanamh agus a gcomhaid a chur i lámha Amazon ach tá na comhaid úd anois caillte acu go deo.

Ó thaobh gnónna de, agus dar ndóigh go háirithe na gnónna sin a chaill sonraí, is eachtra ollmhór é seo, agus níl aon dabht ach go gcuirfidh sé seo daoine ag smaoineamh go fíorchúramach faoin gcoincheap néalríomhaireachta i gcoitinne. Beidh le feiscint an féidir le Amazon a chlú a shábháil nó an bhfuil dochar fadtéarma déanta.

Deirim i gcónaí le daoine cinntiú a dhéanamh go bhfuil a mbogearraí cothrom le dáta, ach de réir cosúlachta ní dúirt duine ar bith a leithéid le Sony.

Ní dócha go raibh mórán daoine aonair thíos leis seo ar fad, áfach, agus go háirithe ní raibh daoine aonair in Éirinn; de réir thuairisc Amazon, ba é in oirthear na Stát Aontaithe a bhí na fadhbanna le sonrú. Ag an am céanna, áfach, bhí eachtra eile ag titim amach, agus éifeacht aige seo ar aon duine a bhaineann úsáid as an Playstation 3 ar líne aon áit ar domhan. Aibreán 20 a bhí ann an uair seo, agus líonra Sony 'PSN'. Ar dtús dúradh go raibh cothabháil (maintenance) ar siúl, agus go mbeadh an líonra ag feidhmiú arís laistigh de chúpla lá. Níorbh fhada go raibh sé soiléir nach raibh sé seo ag titim amach.

Agus muid ag dul i gcló tá an líonra fós thíos, agus cé go bhfuil Sony ag maíomh go mbeidh sé ar ais ag feidhmiú faoin am a léann tú seo, beidh le feiscint. Tá dhá rud ach go háirithe atá go dona faoin eachtra seo. An chéad rud, agus b'fhéidir an rud a bheadh ag cur isteach ar chustaiméirí an méid is mó, ná gur cailleadh sonraí chártaí creidmheasa suas le 70 milliún duine. An dara rud ná an chúis a deirimse i gcónaí le daoine cinntiú a dhéanamh go bhfuil a mbogearraí cothrom le dáta, ach de réir cosúlachta ní dúirt duine ar bith a leithéid le Sony. Dar le saineolaí slándála, Dr. Gene Spafford ó Ollscoil Purdue, ní raibh an bogearraí ar fhreastlaithe Sony cothrom le dáta agus gan balla dóiteáin, agus bhí sé seo ar fad ar eolas ag Sony cúpla mí sular tharla an eachtra.

Dar leis an saineolaí céanna beidh costas suas le $21 billiún ar Sony agus ar na comhlachtaí creidmheasa mar gheall ar an eachtra. Maidir le clú fadtéarmach Sony, beidh le feiscint an bhfuil costas níos mó fós i ndán dóibh.

Agus muid ag caint ar líonraí, is fiú tagairt a dhéanamh do líonra de shórt eile, agus don chinneadh is déanaí ó Meteor fáil réidh le táillí fánaíochta (roaming charges) laistigh den Aontas Eorpach. Cinneadh mór é seo, cionn is gur iadsan an chéad chomhlacht in Éirinn lena leithéid de rud a dhéanamh, agus dar leo féin go sábhálfaidh a gcustaiméirí suas le 60% i gcomparáid le Vodafone nó O2.

Tá cúpla mionfhadhb ann, agus ceann amháin atá rud beag níos tromchúisí, ach ar an iomlán is nuacht iontach maith é seo d'aon duine a bhfuil fón acu ó Meteor. An chéad mhionfhadhb ná gur gá clarú don tseirbhís (seol téacs leis an bhfocal 'Europe' ann go 50104); muna ndéanann tú é sin iarrfar na hiarphraghsanna ort. An dara fadhb ná nach féidir na glaonna saor-inaisce a fhaigheann tú mar chuid den chonradh a úsáid agus tú thar lear – cé go mbeidh tú ag íoc praghsanna níos ísle le glaonna a dhéanamh mórthimpeall na hEorpa, beidh tú fós ag íoc as.

An fhadhb mhór ná costas an idirlín agus tú ag fánaíocht. Roimh an athrú seo bhí Meteor, agus gach aon duine eile, nach mór, ag gearradh os cionn €10 do chuile MB. Leis sin a chur i gcomhthéacs ceart, d'fhéadfá go héasca 50MB a úsáid laistigh de cúpla nóiméad ar Youtube (sin €500 imithe i gcúig nóiméad, ar eagla go gceapann tú go bhfuil an mata déanta agat). Tá feabhas tagtha air seo is cinnte – níl "ach" 99c/MB á ghearradh anois, ach fós féin d'fhéadfá €50 a chaitheamh iontach tapa ar fad. Is feabhas é, cinnte, agus caithfear a rá nach bhfuil an locht uile ar Meteor – dar leo tá costas 80c/MB ar an mhargadh mórdhíola, ráta atá ait, áiféiseach agus éagórach ar fad ag an am céanna. I gceann cúpla bliain breathnófar ar a leithéid de chostas mar éagóir uafásach. Go dtí sin, áfach, is fiú treoir a ghlacadh agus gan bheith ag smaoineamh ar an idirlíon agus tú thar lear, nó cinnte ní lasmuigh de chás éigeandála (agus ar 99c/MB... bhuel, is deacair cás ar bith dá leithéid a shamhlú!).



FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

IONAD NA DTEANGACHA
language centre

Fáiltíonn Ionad na dTeangacha Má Nuad roimh iarratais ar an gcúrsa Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh.

Cúrsa é seo a thugann deis do dhaoine atá ag obair mar mhúinteoirí cheana féin agus do dhaoine ar mhaith leo dul ag obair san earnáil seo cailíocht a bhaint amach i dteagasc na Gaeilge do dhaoine fásta.

- 10 gceardlann Shathairn atá i gceist leis an gcúrsa agus tionólfar i nGaillimh i mbliana iad. (10 r.n.-5 i.n.)
- Ina theannta sin, beidh ar rannpháirtithe an chúrsa cleachtadh múinteoireachta 40 uair an chloig a dhéanamh
- Is é €1500 an costas. Tá mionsonraí an chúrsa le fáil ag ***www.nuim.ie/language*** nó is féidir glaoch ar Róisín ag **01-7086417.**

Fáiltíonn Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, roimh iarratais ar an bpost seo a leanas:

Teagascóir Gaeilge agus Béarla
i
Beijing Foreign Studies University

don tréimhse

Meán Fómhair 2011 - Meitheamh 2012

IONAD NA DTEANGACHA
language centre

Beidh lóistín san áireamh leis an bpost
Tuilleadh eolais ó Róisín ar **01-7086417** nó
Roisin.nidhushlaine@nuim.ie

Spriocdháta: deireadh mhí na Bealtaine

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE
COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE

Cuirfidh an Coiste fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go hoiriúnach, le taithí, ar an bpost bainistíochta seo a leanas, a mbeidh éifeacht leis ó 1 Lúnasa, 2011.

PRÍOMHOIDE: **Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe**
Catagóir: X

Tuarastal/Liúntais
Beidh cáilíochtaí, coinníollacha seirbhíse agus scálaí tuarastail de réir rialachán na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Dírítear d'aird ar shuíomh Gréasáin an Choiste ***www.countygalwayvec.com*** le haghaidh tuilleadh sonraí poist.

Seosamh Mac Donncha,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

LEABHAIR AGUS ÁBHAIR

Glór na nGael

Ag tabhairt aitheantais d'obair na nGael thar lear tríd an gcomórtas Global Gaeilge
Foirmeacha iontrála 2011 ar fáil anois ar www.glornangael.ie

udar.ie

"In aois an tsraidbhaile domhanda...
'sé udar.ie siopa an tsráidbhaile"

Earraí Gaeilge agus Éireannacha ar fáil do Ghaeil in Éirinn agus thar sáile ar
www.udar.ie

Glór na nGael
ag ceiliúradh 50 bliain
d'obair le pobal na Gaeilge
ar fud na cruinne

www.glornangael.ie

Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie

Réimse leathan leabhar, CDs agus áiseanna do pháistí agus d'fhoghlaimeoirí fásta.

www.cic.ie

Lacáiste 20% suas go 31 Bealtaine ach an fógra seo a lua agus tú ag ordú.

BEATHA

Aoine an 13ú, an bhfuil sibh fós beo?

Má chreideann tú i bpisreoga seans maith go bhfuil tú á léamh seo agus tú fós sa leaba agus gan smaoineamh i do chloigeann éirí as, ós rud é gurb é seo Aoine an tríú lá déag.

Treasa Bhreathnach

TÁ Éire agus Éireannaigh lán le pisreoga. Tá daoine ann a chreideann iontu, dream eile a cheapann nach bhfuil iontu ach seafóid, ach is dócha go bhfuil an chuid is mó againn nach bhfuil iomlán cinnte fúthu bealach amháin ná bealach eile, ach é de nós againn iarracht a dhéanamh gan iad a tharraingt orainn féin.

Más faiteach atá tú ar Aoine an 13ú, is é an teideal ceart a thugtaí ar do thinneas ná 'Paraskevidekatriaphobia', ach mar aon le gach teideal eile ní hé go n-insíonn sé seo cén chiall atá leis an bhfaitíos. Is éard a chiallaíonn sé ná faitíos galrach (morbid) gan chiall, ach ar ndóigh ní hionann faitíos agus ciall riamh. Mar aon leis an chuid is mó d'fhaitíos ní san eolaíocht atá bunús an fhaitís agus ní theastaíonn fianaise uathu siúd a bhfuil faitíos orthu roimh an dáta áirithe, ach tá cúlra fada aige a chabhraíonn le daoine bunús a chruthú dó. Níl sé iomlán cinnte cárbh as a dtagann an phisreog faoi Aoine an tríú lá déag, ach tá a gcuid smaointe féin agus stair féin ag roinnt mhaith de chultúir agus é le fáil i litríocht éagsúil an domhain. Ba í an Aoine is coitianta chun daoine a chrochadh sa Bhreatain agus sa Róimh ach b'fhéidir go dtéann an cháil ar an lá níos faide siar ná sin. Bhí mí-ádh ag baint leis an Aoine féin ón 14ú hAois agus is í an teoiric is coitianta ná go bhfuil cáil ar an lá mar thoradh ar Chríost a bheith maraithe ar an Aoine. Bhí 13 duine i láthair ag an Suipéar Déanach chomh maith agus ba é an tríú aoi déag ag an suipéar ná Judas.

Bhí suntasacht faoi leith ag baint leis an uimhir 13 do Chríostaithe eile sa stair mar gheall gur iarr an Pápa go ngabhtaí agus go ndófar an 13 Teamplóir (Knights Templar) deireanach, chun deireadh a chur leis na Crosáidí (Crusades).

Ní hiad na Críostaithe amháin a raibh dinnéar cáiliúil acu le 13 aoí ann. I miotaseolaíocht na Lochlannach bhí 12 Dia Lochlannach i mbun dinnéara agus ba é Loki, an 13ú aoi. Agus na déithe i mbun an dinnéar a ithe shocraigh Loki ar dhuine de na déithe, Baldr, a mharú.

An bhfuil tú féin pisreogach faoi Aoine an 13ú?

Sa lá atá inniu ann tá bealach timpeall ar an fhadhb de 13 aoi dinnéar ag na Francaigh. Cuirtear daoine ar dtugtaí 'quatorziens' iad féin ar fáil mar aíonna do mhórdhinnéar chun an fhadhb de 13 aoi a sheachaint.

Síleann uimhireolaithe (numerologists) gurb í 12 an uimhir is iomlánaí dá bhfuil ann mar gheall go bhfuil 12 mí sa bhliain, agus 24 uair sa lá agus dá bharr go bhfuil mí-ádh ag baint leis an uimhir 13. Tá gach seans ann go dtagann sé seo ón uair a raibh 13 gealach lán sa bhliain ann agus go raibh fadhbanna ag na manaigh Ghréagóra leis an bhféile dá bharr.

Ní i ngach cultúr a bhíonn mí-ádh ag baint le hAoine an 13ú nó i ngach reiligiún fiú. I dtíortha ina labhraíonn siad Spáinnis táthar beagáinín difriúil sa chaoi is go síleann siad go bhfuil an mí-ádh ag baint leis an Mháirt. Tugtar 'Martes y trece' ar an lá agus síleann na Gréagaigh chomh maith gurbh ionann an Mháirt agus mí-ádh.

Sa Saícheachas (Sikhism) tá ráth ar an uimhir 13 agus gach bliain is é an tríú lá déag d'Aibreán oíche chinn bliana nó Vaisakhi agus é mar cheann de na féilte poiblí is mó sa Phuinseaib (Punjab) idir teorainn na hIndia agus an Phacastáin. Bhí ráth ag na Sínigh don uimhir 13 agus dar le foinsí stairiúla ag muintir na sean-Éigipte chomh maith

Deirtear nár cheart turas a thosú ar Aoine an 13ú, ach in Éirinn b'fhéidir nach bhfuil aon lá níos fearr le turas bóthar a thosú.

Is cosúil go mbíonn níos lú timpistí bóthair againn in Éirinn ar an Aoine an 13ú, ná ar aon Aoine eile sa bhliain. Níl sé iomlán cinnte an é seo mar gheall go bhfuil tiománaithe níos cúramaí ar an lá seo nó an é nach bhfuil siad ag dul thar leac an dorais ar an lá. Dar le suirbhé a foilsíodh in 2009 bíonn 14% níos lú timpistí againn ar Aoine an 13ú ná ar aon Aoine eile sa bhliain. B'fhéidir nach bhfuil ann ach go bhfuil muid níos cúramaí ar an lá cailiúil seo nó b'fhéidir go bhfuil fírinneacht éigin sna pisreoga, nó ar an taobh eile den scéal b'fhéidir go neartaíonn tú an fhírinneacht atá sna pisreoga má chreideann tú iad.

TIONCHAR AOINE AN 13Ú

- **Beidh mí-ádh ort má bhíonn 13 carachtar i d'ainm, smaoinigh ar na dúnmharaithe Charles Manson, Theodore Bundy, agus Jack the Ripper.**
- **Tá 13 cailleach i gcoibhín fia-chailleach (coven).**
- **I rásaíocht Formula 1, níl aon charr leis an uimhir 13 mar gur maraíodh beirt tiománaí a bhí ag tiomáint an chairr sin.**
- **Níl aon uimhir 13 i lató na hIodáile.**
- **Níor cheart turas a thosú ar an lá seo, agus tá mí-ádh uafásach i ndán do bháid a scaoileann seol inniu chomh maith.**
- **Is é cárta an bháis an 13ú cárta i gcártaí Tarot.**

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Pléisiúr na scríbhneoireachta

Fógrófar buaiteoirí Ghradaim Bisto 2011 sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath Dé Luain. I mbliana, ainmníodh leabhar Gaeilge, Mac Rí Éireann, ar ghearrliosta Ghradaim Bisto agus labhair údar an leabhair seo, **Caitríona Hastings**, le **Meadhbh Ní Eadhra** faoi.

FÓGRÓFAR buaiteoirí Ghradaim Bisto 2011 sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath Dé Luain. I mbliana, ainmníodh leabhar Gaeilge, Mac Rí Éireann, ar ghearrliosta Ghradaim Bisto agus labhair údar an leabhair seo, Caitríona Hastings, le Meadhbh Ní Eadhra faoi.

Seo an dara bliain gur ainmníodh leabhar le Caitríona Hastings agus An tSnáthaid Mhór ar ghearrliosta Ghradaim Bisto, agus deir Caitríona gur 'onóir ollmhór' é ainmniúchán a fháil, agus go n-ardaíonn sé próifíl na leabhar go mór. Is as Tír Eoghain do Chaitríona ó dhúchas ach tá cónaí uirthi i nGaillimh lena fear chéile le tamall. Tá beirt pháiste acu atá ar an ollscoil anois agus tá níos mó ama ag Caitríona díriú isteach ar a cuid scríbhneoireachta.

Bhíodh sí ag léachtóireacht in Ollscoil Chúl Raithin agus in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe, ach anois tá deireadh tagtha leis sin go léir agus is mór an buntáiste é sin dá cuid scríbhneoireachta.

"Leis an teagasc ar fad a bhí ar bun agam, ní raibh fuinneamh cruthaitheach fágtha agam. I mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh gach bliain, fuair mé splanc chruthaitheach arís, nuair a tháinig deireadh leis an teagasc don bhliain," a deir Caitríona, agus í ag smaoineamh siar.

Ach anois, tá seans ag Caitríona a cuid ama a úsáid mar is mian léi féin, agus tá an scríbhneoireacht mar chuid lárnach dá saol. Bhí dúil aici i gcónaí sa bhéaloideas agus sa Ghaeilge, agus rith sé léi lá amháin gur cheart do dhuine éigin na seanscéalta béaloidis a athinsint, ar bhealach nuálach.

"Gan na scéalta a scríobh síos, chaillfí saibhreas mór cultúrtha," ar sí.

Achan uair ar smaoinigh Caitríona faoi na scéalta béaloidis, chonaic sí pictiúir ina hintinn. Mar sin, le tamall fada, bhí sí ag lorg ealaíontóra a bheadh in ann cuidiú léi na scéalta béaloidis a athinsint ar an mbealach ceart.

"Bhí sé iontach deacair an duine sin a aimsiú," ar sí. "Ach bhí an t-ádh liom gur bhuail mé le hAndrew Whitson agus lena bhean chéile, Caitríona Nic Sheáin, ag an Oireachtas i gCathair na Mart cúpla bliain ó shin. Bhí a fhios agam láithreach gurb é Andrew an duine a bhí de dhíth orm chun na pictiúir a tharraingt le dul leis na scéalta."



Caitríona Hastings agus Andrew Whitson, leis an leabhar álainn Mac Rí Éireann.

Is iad Andrew agus Caitríona a bhunaigh an comhlacht foilsitheoireachta, An tSnáthaid Mhór, chomh maith.

Nuair a foilsíodh Balor, an dara leabhar de chuid Chaitríona, shíl daoine a mhór de agus bhí anéileamh air. Bhí an scéal céanna amhlaidh leis An Gréasaí Bróg agus na Sióg, a ainmníodh ar Ghearrliosta Ghradaim Bisto anuraidh.

Tá i bhfad níos mó i gceist leis na leabhair seo ná gnáthscéalta do pháistí. Tá siad níos cosúla le saothar ealaíne ná rud ar bith, agus creideann Andrew Whitson gur cheart go mbeifeá in ann leabhar a chrochadh ar an mballa agus amharc air mar shaothar ina iomláine.

"Is rud ealaíonta é leabhar," a deir Caitríona. Tá sí féin agus Andrew ag cur seanscéalta ar fáil arís i bhfoirm nua agus tá éileamh ar na scéalta seo, nó bíonn daoine á gceannach go seasta.

Ach, mar a tharlaíonn go minic i gcás leabhair Ghaeilge, bíonn deacrachtaí ag daoine teacht ar na leabhair sna siopaí.

"Bíonn múinteoirí agus tuismitheoirí sa tóir ar ábhar léitheoireachta do pháistí i gcónaí," arsa Caitríona. "Ach tá géarchéim dáileacháin agus díolacháin ann maidir le leabhair Ghaeilge. Tá an iomarca ar a n-aird ag foilsitheoirí na Gaeilge, agus tá sé ionann is dodhéanta gach rud a dhéanamh. Dá mbeadh Áis agus Foras na Gaeilge ag déanamh margaíocht cheart ar na leabhair, chuideodh sé go mór."

Tá tábhacht mhór ag baint le suíomhanna idirlín, dar le Caitríona, agus tá suíomh breá nua ag an tSnáthaid Mhór anois. Tá cúinne speisialta ann do pháistí, agus tá blag ann freisin, chun deis a thabhairt do dhaoine scríobh air.

Nuair nach mbíonn an bhean ildánach seo ag scríobh scéalta do pháistí, bíonn sí páirteach i ngrúpa filíochta i gceartlár na Gaillimhe, san Ionad Ealaíona.

"Tagann muid le chéile gach Aoine, agus bíonn muid ag scríobh filíochta i mBéarla agus i nGaeilge," ar sí. "Tá an-phobal litríochta i nGaillimh. Táim chun leanstan ar aghaidh ag scríobh filíochta. B'fhearr liom sin a dhéanamh ná bheith ag scríobh próis, sílim."

Nuair a bhíonn Caitríona ag scríobh do pháistí, deir sí gur 'prós fileata' de chineál éigin atá ann.

"Bíonn luach ag gach aon fhocal a scríobhann tú," ar sí.

Cé gurb iad na scéalta béaloidis is mó a ndíríonn an t-údar seo isteach orthu, tá sí i ndiaidh scéalta dá cuid féin a chumadh fosta, rud a thaitníonn go mór léi.

"Tá Andy ag obair ar scéal beag a scríobh mé féin faoi láthair, faoi chailín beag a chaithfidh aistriú ó áit amháin go háit eile. Leanann na préacháin í an bealach ar fad," ar sí. Ó chrann go crann an teideal oibre atá ar an leabhar.

Is léir go dtugann an scríbhneoireacht an-phléisiúr ar fad do Chaitríona agus tuigeann sí céard a thaitníonn leis na páistí, freisin.

"Is maith leo scéalta eachtrúla, carachtair a dtig leo ionannú a dhéanamh leo. Bíonn suim acu i rudaí gránna, i dtroid, san fhuil agus i rudaí greannmhara," ar sí. "Ní maith leo nuair a bhíonn na scéalta ródháiríre."

Is fearr le Caitríona a bheith ag scríobh ar maidin, uair nach mbíonn sí tuirseach. Bheadh neart codlata de dhíth uirthi, is léir, leis an méid oibre atá ar bun aici!

Agus muid ag plé na deacrachta a bhíonn ag go leor scríbhneoirí Gaeilge maidir le cumas teanga agus cumas tuisceana na ndaoine óga, agus an bhearna idir an dá rud, deir Caitríona go bhfuil sé an-tábhachtach nach mbeidh na leabhair róshimplí.

"Ar ndóigh, nuair a bhíonn tú ag scríobh do pháistí caithfidh tú scríobh ag an leibhéal ceart, ach ní hé sin le rá nár cheart dúshlán a thabhairt don léitheoir," ar sí. "Tá an rud céanna i gceist le canúintí. Sílim féin gur féidir le páistí a stór focal a shaibhriú agus a leathnú tríd bheith taithíoch ar na canúintí difriúla. Ní constaic iad na canúintí. Ach, tá bac síceolaíochta ag go leor daoine fásta i gcás na gcanúintí agus níl sé sin fíor i gcás páistí. Tá siad sásta focail nua a fhoghlaim."

Luann Caitríona cé chomh tábhachtach agus atá an t-aischothú a fhaigheann siad ó pháistí agus ó léitheoirí.

"Tugann sé spreagadh iontach dom," ar sí, agus is féidir é sin a aithint óna glór. Tá rud éigin iontach umhal faoin bhean seo a bhfuil an oiread sin bainte amach aici agus níl aon amhras ach go bhfuil aitheantas agus moladh tuillte go maith aici. Go n-éirí go geal le Caitríona agus Andrew Dé Luain ag Gradaim Bisto. Tá éacht mór déanta acu beirt!

COMÓRTAS!

Tá trí chóip de Mac Rí Éireann, leabhar álainn nua le Caitríona Hastings, a ainmníodh ar Ghearrliosta Ghradaim Bisto, le buachan ag léitheoirí Gaelscéal.



Ceist: Céard é teideal an chéad leabhair a d'fhoilsigh An tSnáthaid Mhór?

Tá freagra na ceiste ar fáil ar www.antsnathaidmhor.com. Seol freagra, le d'ainm agus seoladh, chuig meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie nó Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Contae na Gaillimhe, roimh Dé hAoine seo chugainn, 20 Bealtaine.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

App úrnua ag Raidió Rí-Rá

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ nuashonrú déanta ar shás, nó feidhmchlár, Raidió Rí-Rá don iphone agus anois tá an cairtstáisiún Gaeilge ag iarraidh leagan úr an app a chur go barr chairteacha iTunes!

Tá na mílte duine tar éis an sás a íoslódáil saor in aisce ó iTunes ó seoladh é ag tús 2010 agus anois tá gnéithe sa bhreis curtha leis sa leagan nuashonraithe.

"Bhí agus tá an-tóir go deo ar app Raidió Rí-Rá chun scoth an cheoil ó na cairteacha a chloisteáil, á chur i láthair trí Ghaeilge 24/7," a deir Traic Ó Braonáin, Cathaoirleach Raidió Rí-Rá. "Anois is féidir le héisteoirí amharc ar ár suíomh idirlín, cairdeas a dhéanamh linn ar Facebook agus an nuacht is déanaí a fháil ó shruth RSS ar an leagan nua den app."

Is é Raidió Rí-Rá an t-aon stáisiún a sheinneann ceol ó na cairteacha trí mheán na Gaeilge tríd an bhliain ar fad ar líne ag www.rrr.ie, le cláir á gcur i láthair ag an óige, don óige. Tá súil ag an cairtstáisiún go gcuirfidh an nuashonrú seo sás Raidió Rí-Rá i mbarr 25 na gcairteacha íoslódála ar iTunes an tseachtain seo.

"Tá Raidió Rí-Rá ag dul ó neart go neart le tamall anuas agus theastaigh uainn feidhmchlár an stáisiúin a fhorbairt chun sin a chur in iúl don lucht éisteachta iPhone. Leis an nuashonrú seo, táimid ag iarraidh ar éisteoirí a rá lena gcairde go bhfuil áis iontach cheoil agus Ghaeilge ar fáil dóibh ó Raidió Rí-Rá gan costas ar bith, agus iad a spreagadh leis an sás a íoslódáil in aisce ó iTunes nó www.rrr.ie/iphone inniu," arsa Aodhán Ó Deá, láithreoir de chuid an stáisiúin.

Gina Ní Chathasaigh, láithreoir Raidió Rí-Rá agus Miss Punchestown 2011, leis an bhfeidhmchlár iPhone de chuid an chairtstáisiúin Ghaeilge atá saor le híoschóipeáil ó www.rrr.ie/iphone/

Sa bhreis ar chraoladh ar líne tríd an bhliain ar fad, bíonn Raidió Rí-Rá ag craoladh beo ar an gcóras FM le linn mhí an Mhárta gach bliain mar stáisiún oifigiúil Sheachtain na Gaeilge agus i mbliana bhí teacht ar níos mó ná milliún daoine ar Raidió Rí-Rá agus é ar FM i gcathracha ar fud na tíre.

Is é an craoladh sealadach le linn mhí an Mhárta gach bliain an chéad chéim i dtreo stáisiún raidió Gaeilge don aos óg a chur ar an gcóras náisiúnta FM go lánaimseartha, dar le Traic Ó Braonáin, agus tá Raidió Rí-Rá de shíor ag iarraidh teacht ar mhodhanna éisteachta nua ionas gur féidir le daoine éisteacht leis an gcairtstáisiún aon uair ar mian leo, ar nós tríd an sás nua iPhone.

Tá obair idir lámha ag Raidió Rí-Rá chun sás Android a fhorbairt faoi láthair, tá siad ag amharc ar fhéidearthachtaí dul ar an gcóras DAB agus beidh siad ag dul i dtreo na teilifíse digití amach anseo chomh maith. D'eisigh Raidió Rí-Rá Albam Rí-Rá i gcomhar leis an Irish Daily Star le linn an chraolacháin i mí an Mhárta i mbliana freisin, albam le hamhráin ó na cairteacha aistrithe go Gaeilge ag leithéidí The Rubberbandits, The Coronas, Fox Avenue agus eile.

Tubs ag dul go dtí an Beeb

Treasa Bhreathnach

IN áit Graham Norton, is é Ryan Tubridy a bheidh le cloisteáil ar BBC Radio 2 ar feadh ocht seachtainí an samhradh seo a fhad agus atá Norton ar laethanta saoire.

Thosaigh sé comhráití leis an BBC in 2010 agus dá bharr beidh trí mhilliún éisteoir aige ó 23 Iúil, 10rn - 1in gach Sathairn. Ní amháin go mbeidh sé le cloisteáil ar BBC Radio 2 ach beidh sé fós ag craoladh a chláir féin ar RTÉ 2fm i rith an ama. Le seachtain anuas scaoileadh figiúirí lucht éisteachta de thoradh ar shuirbhé de chuid JNLR/Ipsos MRBI, a thaispeáin gur chaill clár Tubridy 14,000 éisteoir le bliain anuas.

Deir Lewis Carnie, ceannasaí na gclár in BBC Radio 2 agus 6 Music, "Tá sé i gcónaí iontach glóracha nua a thabhairt isteach go dtí an sceideal agus táim ar bís go bhfuil muid tar éis ceann de réalta móra eile na hÉireann a fháil chun a dhraíocht a oibriú ar Radio 2."

Acadamh Lir

Treasa Bhreathnach

CUIRFEAR tús le céim san aisteoireacht ag an gcoláiste úr, 'The Lir Academy', i gColáiste na Tríonóide, BÁC i mí Lúnasa.

Ní ar fhigiúirí CAO a bhí na 14 áit ar an gcéim bunaithe ach ar agallaimh agus éisteachtaí. Is é seo an chéad choláiste stáitse in Éirinn atá le céimeanna agus dioplómaí a bhronnadh ar a gcuid daltaí. Tá éagsúlacht áiseanna tógtha ag an gColáiste go speisialta don chúrsa, dhá stiúideo taibhithe, stiúideo damhsa, ceardlanna teicniúla agus spáis traenála. Tá sé d'aidhm ag an acadamh seo an chéad ghlúin eile d'aisteoirí, dearthóirí, stiúrthóirí, scríbhneoirí agus bainisteoirí stáitse, teilifíse agus scannáin a thraenáil.

Beidh réimse leathan aoi-léachtóirí ar cuairt, ina measc Colin Farrell, Saoirse Ronan, Jim Sheridan agus Conor McPherson.

Reality Bites

Treasa Bhreathnach

TÁ Bord Scannán na hÉireann ag tabhairt cuirí do dhaoine cur isteach ar mhaoiniú do thograí gearrscannáin faoin scéim 'Reality Bites'.

Tá sé i gceist ag an scéim tacaíocht a thabhairt don tsamhlaíocht agus bealaí nua scannánaíochta. Is féidir leis na tograí a roghnófar a bheith cruthaitheach nó le stíl iriseoireachta, breathnaitheach nó pearsanta ach caithfidh siad ar fad a bheith nuálach.

Is féidir le scannán a bheith i nGaeilge nó i mBéarla agus iad suas go 12 nóiméad ar fhad. Is é an t-uasbhuiséad do thograí ná €15,000 agus spriocdháta iontrála ná 10 Meitheamh. Cuirfear fáilte roimh fhoirne léiriúcháin de stiúrthóir agus léiritheoir ach taithí a bheith ag an mbeirt. Tá athruithe déanta ag Bord Scannán na hÉireann do chearta na scannán seo sa chaoi agus go bhfanfaidh na cearta leis an scannánóir do na tograí a fhaigheann maoiniú faoin scéim. Is féidir foirmeacha iontrála a íoslódáil ó shuíomh idirlín Bhord Scannán na hÉireann, www.irishfilmboard.ie

Scannáin Éireannacha in iomaíocht ag Féile Scannán Cannes

Treasa Bhreathnach

THOSAIGH Féile Scannán Cannes ar an gCéadaoin seo caite, agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an 22 Bealtaine agus, mar is gnách, tá cur i láthair láidir ag tograí Éireannacha. Beidh 19 scannán in iomaíocht don ghradam clúiteach 'Palme d'Or', agus rinneadh taifead ar cheann acu siúd, 'This Must Be The Place' leis an aisteoir Sean Penn i mBaile Átha Cliath.

Beidh 16 scannán Éireannach ina iomláine le feiceáil mar chuid den fhéile. Is scannán de chuid an stiúrthóra Rebecca Daly é 'The Other Side of Sleep', a roghnaíodh le bheith san áireamh mar chuid de choicís na stiúrthóirí don ghradam Camera d'Or. Is é an comhlacht léiriúcháin Fastnet Films a léirigh an scannán agus Rebecca ag leanúint stiúrthóirí clúiteacha eile mar Sophia Coppola agus Spike Lee a raibh a gcéad scannán le feiceáil sa rannóg seo ag Cannes. Is í Rebecca an chéad stiúrthóir baineann Éireannach a bheas san iomaíocht ann.

Féach ar

TV3: 'Bring back Bosco' Sa tsraith fhaisnéise seo breathnaítear ar scéal na gclár teilifíse do dhaoine óga in Éirinn. Taispeánfar cláir theilifíse mar Bosco do pháistí an lae inniu chun a fháil amach an mbreathnóidh siad ar a leithéid de chláir. Dé Luain @ 9.30in

Channel 4: 'The Hotel' Sraith fhaisnéise faoi shaol na foirne oibre agus na n-aíonna a fhanann in Óstán an 'Damson Dene' i lár Shasana. An tseachtain seo bíonn na haíonna ag gearán faoi gach uile rud san óstán, ó leagan amach an óstáin féin go dtí na glantóirí. Dé Domhnaigh @ 8in

History Channel: 'Ancient Aliens' Sraith ag breathnú ar 75 milliún bliain d'fhianaise de choimhthígh (aliens) ar domhan. Tá siad feicthe ar feadh na mblianta timpeall an domhain agus an chuma measartha céanna orthu, an bhfuil aon fhírinne sna scéalta? Dé Domhnaigh @ 8in

Éist le

Today FM: 'The Last Word' Sraith chúrsaí reatha leis na láithreoirí, Conall Ó Móráin agus Anton Savage agus iad ag scagadh scéalta faoi pholaitíocht, scannail agus cúrsaí eacnamaíocht na tíre. Dé Domhnaigh @ 10rn.

Newstalk: 'Tom Dunne' Clár maidine ina ndéanann an láithreoir réamhchúiseach, Tom Dunne, plé ar chúrsaí an lae. Luan go hAoine óna 10rn go dtí 12in.

Northern Sound 94-98fm: 'Agri View' Más mian libh an t-eolas is déanaí a fháil ar fheirmeoireacht agus ar thalmhaíocht, cuireann an clár seo fóram ar fáil leis an nuacht ar fad chomh maith le hagallaimh agus praghsanna na mart. Curtha i láthair ag Noel Murphy gach Déardaoin @ 8in.

Tionchar Bob fós beo beathach

Bhí cuimhne na sclábhaíochta fós láidir i gcuimhne na ndaoine agus bhí sé soiléir go raibh tionchar ag an gcultúr seo, ag Garvey agus ag Haile Selaissie ar Marley de réir mar a tháinig forbairt ar a chuid ceoil.

Ciarán Mac Fhearghusa

30 bliain ó shin an tseachtain seo fuair duine de na laochra ceoil is mó riamh bás agus gan ach 36 bliain d'aois sáraithe aige. Ar 11 Bealtaine 1981 d'imigh Robert Nesta Marley ar shlí na fírinne in Ospidéal in Miami agus é ar a bhealach ar ais go hIamáice tar éis dó an lucht féachana is mó riamh, don am, a tharraingt chuig a cheolchoirmeacha san Eoraip.

Trí bliana roimhe sin i Londain Shasana ghortaigh sé a bharraicín agus fuarthas amach go raibh ailse air, ach dhiúltaigh sé a bharraicín a bhaint ar an ábhar gur Rastafáraí a bhí ann. Scaip an galar ar fud a choirp go dtí a bholg, a ae, a scamhóga agus fiú chomh fada lena inchinn.

Mí roimh a bhás bronnadh ceann de na honóracha is airde go bhféadfaí bronnadh ar shaoránach Iamácach ach ní gnáth-laoch a bhí ann. Faoin am ar imigh sé ón saol bhí an fhís a bhí aige de 'One World, One Love' tar éis scaipeadh ar fud na cruinne. Bhí tionchar nach beag ag an gcreideamh a bhí aige mar Rastafáraí ar a chur chuige féin agus dar ndóigh bhí ról nach beag aige i gcur chun cinn an chreidimh chéanna.

Ach níor tháinig Rastafáraithe ar an saol go dtí na 1930í nuair a corónaíodh Ras Tafari Makonnen mar Impire na hAetóipe. Ghlac sé Haile Selaissie mar ainm agus mhaíodh go raibh sé mar an 225ú taoiseach i líne a chuaigh chomh fada siar le Menelik, mac Solomon agus Sheba.

Chreid lucht leanúna an tsoiscéalaí Iamácaigh, Marcus Garvey, gurb éard a bhí san impire nua gorm seo ná ceannaire na ndaoine gorma a bhí chun an Afraic a shaoradh ó choilínigh na hEorpa. Thuar Garvey, tar éis dul i gcomhairle leis an Tiomna Nua, go dtarlódh a leithéid agus chaith sé a shaol ag iarraidh oidhreacht Afracach na n-oileánach a spreagadh. Cúis a thóg Bob Marley air féin chomh maith.

Ach dar ndóigh ní hé an soiscéalaí Marcus Garvey an t-aon duine le hainm Éireannach a raibh tionchar aige ar cheol Bob Marley. Bhí múinteoir aige darbh ainm Joe Higgs nuair bhí sé níos óige agus a sheinn leis nuair a bhí sé níos sine. Chomh maith leis sin bhí beirt chara aige, Neville O'Riley agus Peter McIntosh, a bhí ina chéad bhanna ceoil 'The Wailing Wailers' agus tamall ina dhiaidh sin leis na 'Wailers'. Sa deireadh chuaigh Robert Nesta Marley amach leis féin, a bhean chéile Rita Anderson in éineacht le Marcia Griffiths agus Judy Mowatt, faoin ainm 'Bob Marley and the Wailers'.

Is iarmhar iad na hainmneacha seo d'oidhreacht coilíneachais Sasana agus Oilibhéar Cromail ach go háirithe a sheol breis agus 50,000 Gael go Barbadós mar sclábhaithe. Tuigtear gur mheasc siad le sclábhaithe ón Afraic agus gur bhogadar nó gur cuireadh iad in aghaidh a dtola arís go dtí Iamáice chun obair ar na plandálacha siúcra.

Bhí cuimhne na sclábhaíochta fós láidir i gcuimhne na ndaoine agus bhí sé soiléir go raibh tionchar ag an gcultúr seo, ag Garvey agus ag Haile Selaissie ar Marley de réir mar a tháinig forbairt ar a chuid ceoil.

D'éirigh thar cinn lena albam 'Rastaman Vibration' a tháinig amach in 1976. Bhí liricí an amhráin 'War' tógtha go hiomlán ó óráid inspioráideach Haile Selaissie ag Comhthionóil na Náisiún Aontaithe.

Ach leis an rath a tháinig ar cheol Bob Marley agus é ag seasamh go láidir ar son an Rastafáraí go hidirnáisiúnta, tháinig méadú ar a thionchar polaitiúil i measc óige na ngeiteonna san Iamáice chomh maith. Mar iarracht chun síocháin a chruthú idir ghrúpaí cogaíochta na slumaí a bhí ag milleadh na tíre d'eagraigh sé ceolchoirm saor in aisce don phobal in Kingston 5 Nollaig 1976. Ach ar an oíche roimhe bhris gunnadóirí isteach ina theach agus cé gur scaoileadh é níor éirigh leo é a mharú agus níor chuireadar stop leis an gceolchoirm ach an oiread.

Bhog sé go luath ina dhiaidh sin, áfach, go Londain áit ar thaifead sé a chéad dá albam eile 'Exodus' sa bhliain 1977 agus 'Kaya' sa bhliain 1978. Sa chnuasaigh seo d'amhráin ní hamháin gur chuir sé béim ar an ngrá ach chuir sé béim ar chumhacht na ganja chomh maith, atá mar dhlúthchuid den chreideamh Rastafárach dar ndóigh.

An bhliain dár gcionn in 1979 thaifead Bob Marley a 9ú albam 'Survival' a cumadh mar iarracht chun dlúthpháirtíocht Phan-Afracach a fhorbairt. Bhí clasaicigh ar an albam sin ar nós 'So Much Trouble In The World', 'Ambush In The Night' agus 'Africa Unite'. I measc na n-amhrán bhí an t-aintiún corraitheach 'Zimbabwe' do Róidéis (Rhodesia) san Afraic a bhí ag feidhmiú gan aitheantas tar éis dóibh an Fógra Neamhspleáchais Aontaobhach ón mBreatain a fhógairt. Is ábhar spéise é go raibh aitheantas oifigiúil fós ag Banríon Éilis II mar 'Bhanríon Róidéise' go dtí an bhliain 1970. I mí Aibreáin 1980 tugadh aitheantas idirnáisiúnta don stát sa deireadh agus tugadh Poblacht na Siombáibe air ó shin i leith.

Bhí cathréim an tsaoil ag a chéad albam eile 'Uprising' in 1980 ina raibh amhráin den scoth ar nós 'Could You Be Loved', 'Coming In From the Cold, 'Work' agus an traic iontach 'Redemption Song'. Ba é seo an t-albam deireanach a thaifead sé.

Deirtear in Iamáice go minic nach bhfuil a leithéid de rud ann mar 'fhíric'. Ach faoin solas gréine Iamácach is féidir codanna de mhiotas Bob Marley a aithint. Is iad sin gruamacht, an grá, an tuiscint agus cumas nádúrtha ceoil. Is fíricí iad seo. Agus tá rud amháin eile ann ar féidir linn a bheith cinnte faoi. Is é sin nár scríobh sé droch-amhrán riamh. Tá cnuasach suntasach de shaothar fágtha ina dhiaidh aige. "Tá an taisce de cheol a chum sé cosúil le ciclipéid" ar Judy Mowatt ó Bhob Marley agus na Wailers. "Nuair atá ort tagairt a dhéanamh don taisce sin, ar mhaithe le cás nó géarchéim áirithe, beidh amhrán ann i gcónaí a bhaineann le hábhar. B'fháidh ceoil é Bob'.

Nuálach ach traidisiúnta: Banna úr ar stáitse anocht

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ banna nua ceoil traidisiúnta, Triúr, ar an bhfód le dhá mhí anuas agus beidh siad ag cur a gcéad sraith de cheolchoirmeacha ar siúl in Amharclann Oileán Ealtanach i gCathair na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo. Beidh ceolchoirmeacha ar siúl anocht ag 8in, oíche amárach, Dé Domhnaigh agus Dé Luain chomh maith.

Is cláirseoir agus ceoltóir traidisiúnta í an Gaeilgeoir Gaillimheach Úna Ní Fhlannagáin, agus is é Ger Chambers (bosca ceoil) agus Brewen Favrau (píopaí, feadóg agus guth) atá mar chuid den ghrúpa ceoil léi. Tá neart éagsúlachta idir an triúr ceoltóir seo agus tá fuinneamh láidir le brath ina gcuid cheoil.

Tugann siad traidisiúin éagsúla Cheilteacha le chéile, is iad sin traidisiúin na hAlban, na Gaillimhe agus na Briotáine. Chas an triúr acu le chéile i nGaillimh anuraidh agus ó shin i leith tá siad ag casadh ceoil agus ag forbairt cairdis luachmhair. Deir an banna go dteastaíonn uathu ceol atá nuálach a chruthú, ach ag an am céanna tá siad ag iarraidh go mbeidh an ceol dílis don chultúr agus don traidisiún óna dtagann sé.



Tá aithne ar Úna Ní Fhlannagáin i gCúige Chonnacht ach go háirithe. Rinne sí staidéar ar an gceol ag an ollscoil agus bhain sí céim chéad onóracha amach. Tá neart duaiseanna agus gradam ceoil buaite aici ag Fleadh Cheoil na hÉireann, ag an Oireachtas agus ag féilte éagsúla eile. Múineann sí an chláirseach go háitiúil freisin. Is as Contae Mhaigh Eo do Ger Chambers agus is píobaire buach é Brewen Favrau.

Tá costas €10 / €7 ar thicéid agus tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.triur.ie.

OIDEACHAS

Cás na mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna Gaeilge le plé go luath

Meadhbh Ní Eadhra

REÁCHTÁLFAIDH Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta TEO (ESG) a gComhdháil Oideachais agus an Cruinniú Cinn Bhliana Dé hAoine seo chugainn, 20 Bealtaine 2011, in Óstán an Connemara Coast sna Forbacha i gcontae na Gaillimhe.

Deir Seán Breathnach ó Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, agus Príomhoide ar Scoil na bhForbacha, go bhfuil an ócáid seo an-tábhachtach, go háirithe i mbliana.

"Leis an mbrú atá ar na scoileanna Gaeltachta, go háirithe na scoileanna atá scoite amach, agus an baol atá ann go mbeadh roinnt acu i mbaol, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh siad in ann teacht le chéile ar an lá sin. Beidh deis acu roinnt den imní atá orthu a phlé. Sílim go mbeidh an-suim ach go háirithe sa cheardlann faoi chónascadh scoileanna beaga. Tabharfar deis do dhaoine a gcuid smaointe a chur ar an láthair agus plé oscailte a bheith ann," ar sé le Gaelscéal.

I gcás a scoile féin, deir an tUasal Breathnach gur scoil réasúnta mór í atá ag méadú ach go mbeadh imní air faoi na scoileanna sin atá i gceantair a bhfuil an Ghaeilge láidir iontu ach ina bhfuil an daonra ag laghdú.

"Sin í an áit a bhfuil an deacracht mhór, mar más rud é go dtiteann na huimhreacha sna scoileanna sin, ní bheidh aon tobar áitiúil don teanga. Tá sé an-éasca páistí a chur ar bhus go háit éigin, ach is é an ceangal dúchasach áitiúil sin atá muid ag iarraidh a choinneáil. Mar gheall go bhfuil an teanga chomh mór sin i mbaol, tá eisceacht speisialta le déanamh sa chás áirithe seo, sílim, chun an teanga agus na pobail bheaga sin a ghríosú agus a choinneáil beo sa todhchaí," a deir sé.

Cé nach mbeidh an tAire nua Oideachais, Ruairí Quinn TD, i láthair ag an ócáid Dé hAoine seo chugainn, deir an tUasal Breathnach go bhfuil sé féin agus a chomhghleacaithe ag súil go mbeadh an tAire 'ag smaoineamh go coinsiasach ar thodhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta, agus é ag déanamh plé agus ag teacht aníos le cinntí ó thaobh cúrsaí oideachais de'.

Is é an tAire Stáit sa Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciarán Cannon TD, a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil agus beidh scoth na n-aoichainteoirí i láthair chun plé a dhéanamh ar ábhair thábhachtacha a bhaineann leis an oideachas Gaeltachta. Beidh toghcháin á reáchtáil ag an gCruinnú Cinn Bhliana do Stiúrthóirí na heagraíochta, agus ceapfar Coiste na nOifigeach ó na stiúrthóirí sin tar éis an chéad chruinnithe don bhord nuacheaptha.

Tosóidh clárú toghcháin agus cártaí ballóide ag 9rn, agus is ag 9.30rn a bheidh an oscailt oifigiúil. Labhróidh an tAire Cannon agus cuirfidh Maireád Ní Chualáin, Uachtarán na heagraíochta, fáilte roimh chách. Beidh briseadh tae ann ag 10.30rn, agus tabharfar deis do dhaoine amharc ar na seastáin fosta.

Reáchtálfar dhá sheisiún i rith an lae, agus tosóidh an chéad cheann ag 11.15rn. Beidh ceardlann ann do bhunscoileanna agus ceann eile do na hiarbhunscoileanna. Is í Deirbhile Nic Craith ón INTO a bheidh ag tabhairt óráide uaithi ar dtús faoin teideal 'Cónascadh Scoileanna Beaga - Impleachtaí fostaíochtaí.' Beidh Maolsheachlainn Ó Caollaí ag labhairt faoin Ghaeilge san Ardteist agus pléifidh Muireann Ní Mhóráin ón gComhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Daltaí Gaeltachta agus na Scrúduithe Stáit. Leanfar ar aghaidh le plé oscailte i ndiaidh an dá cheardlann seo.

Beidh am lóin ann ag 12.45rn agus tosóidh Cruinniú Cinn Bhliana Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ag 2in. Mar chuid de seo, beidh toghcháin ar siúl do Ghnáth-Stiúrthóirí ESG TEO, ceapfar iniúchóir nua agus pléifear rúin 2011, i measc nithe eile. Beidh an dara seisiún den lá ar siúl ag a 3in, agus díreoidh an seisiún seo ar riachtanais speisialta sa Ghaeloideachas. Matthias Maunsell a bheidh ina bhun agus pléifear cás na mbunscoileanna chomh maith leis na hiarbhunscoileanna. Ag 3.50in, beidh Daithí Ó hAoláin ag caint faoi áiseanna nua matamaitice don bhunscoil agus don iarbhunscoil, ábhar a bhfuil go leor cainte faoi le tamall anuas. Críochnóidh imeachtaí an lae go gairid i ndiaidh 5in, agus beidh cruinniú an bhoird stiúrtha nua ann ó 4.30 go 5in fosta.

€30m le cur ar fáil do scoileanna na tíre

Meadhbh Ní Eadhra

FÓGRAÍODH tionscnamh post an rialtais Dé Céadaoin agus, mar chuid de seo, tá €30 milliún á chur ar fáil chun tógáil scoile a fheabhsú, deisiúcháin a dhéanamh agus le thart ar 3,000 post nua tógála a chruthú.

Beidh na tograí nua athchóiriúcháin agus athnuachana ar bun in 380 bunscoil agus meánscoil in Éirinn, agus cuirfear tús leo i mbliana. Tá sé seo dearbhaithe ag urlabhraí an Aire Oideachais, Ruairí Quinn.

Agus é ag fógairt na scéime tógála samhraidh siar i mí an Mhárta, thug an tAire Quinn faomhadh do thograí ar nós gáis, leictreachais agus obair mheicniúil, in 453 bunscoil agus iarbhunscoil. Is cosúil go mbeidh scoileanna a bhfágáil amach as an scéim sin agus as an tionscnamh nua post nua.

Beidh €20 milliún den airgead ag teacht ó acmhainní atá ag an Roinn Oideachais cheana féin, le €10 milliún breise ag teacht ón státchiste.

Cruthófar 2,400 post díreach mar gheall air, formhór acu in earnáil na tógála, chomh maith le 480 post indíreach.

Is féidir tosú ar na tograí seo láithreach agus feabhsóidh sé infreastruchtúr scoile na tíre.

An féidir leat scil a mhúineadh do dhaoine óga?

Meadhbh Ní Eadhra

Tá Ógras, ógeagraíocht Ghaeilge a dhéanann an-chuid oibre ar fud na tíre chun an Ghaeilge a spreagadh i measc an aosa óig, tá siad ag iarraidh liosta a chur le chéile de dhaoine a dhéanann ceardlanna i nGaeilge.

Tá siad ag lorg cabhrach ón bpobal teacht ar dhaoine. Má tá tú féin in ann aon chineál ceardlainne a reáchtáil trí Ghaeilge do chlubanna de chuid Ógras, m.sh. damhsa, ceol, ealaíon, cócaireacht, drámaíocht, eolaíocht srl, nó má tá aithne agat ar éinne atá in ann seo a dhéanamh agus a bheadh sásta é a dhéanamh, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig eolas@ogras.ie le d'ainm, d'uimhir theagmhála agus an scil atá agat. Tá leathanach Facebook ag Ógras freisin más mian le duine ar bith breathnú air.

COMÓRTAS!

Tá cóipeanna de *Ghaeilge Gan Stró* le buachan ag léitheoirí Gaelscéal.

Is cúrsa teanga ilmheán é *Gaeilge gan Stró! – Lower Intermediate Level* d'fhoghlaimeoirí fásta.

Chun cóip den chúrsa fiúntach seo a bhuachan, seol r-phost chuig meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie le d'ainm, do sheoladh agus an cúis gur mhaith leat an duais a bhuachan. Is féidir litreacha a sheoladh chuig Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Contae na Gaillimhe chomh maith.

Spriocdháta: 18 Bealtaine

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Cártaí leighis agus cártaí Cuairte LG (Liachleachtóir Ginearálta)

Ceist: Céard í an difríocht idir cárta leighis agus cárta cuairte LG?

Freagra:

Ceadaíonn cárta leighis duit seirbhísí leighis áirithe a fháil in aisce. Is iad na príomhsheirbhísí seirbhísí dochtúir teaghlaigh in aisce, cógais agus leighis ordaithe in aisce (seachas táille 50 cent in aghaidh na míre ordaithe), seirbhísí othar cónaitheach agus othar seachtrach in aisce in ospidéil phoiblí agus roinnt seirbhísí fiaclóra, optúla agus cluasliachta in aisce.

Cáilíonn sealbhóirí cárta leighis do shochair eile chomh maith. Íocann siad ráta laghdaithe den Mhuirear Sóisialta Uilíoch ar a n-ioncam. D'fhéadfadh siad a bheith díolmhaithe chomh maith as táillí iompair scoile agus táillí scrúdaithe Stáit (i scoileanna dara leibhéal le maoiniú poiblí) a íoc. D'fhéadfadh siad cúnamh airgeadais a fháil chomh maith le leabhair scoile a cheannach.

Le cáiliú do chárta leighis, caithfidh d'ioncam seachtainiúil a bheith faoi fhigiúr áirithe do mhéid do theaghlaigh. De ghnáth, clúdaítear do chéile nó do pháirtí agus do leanaí don réimse seirbhísí sláinte céanna. Is cártaí beaga plaisteacha iad cártaí leighis (cosúil le méid chárta creidmheasa). Beidh ainm do dhochtúra ar do chárta leighis. Go hiondúil, eisítear ar feadh bliana é, agus déantar athbhreithniú air ansin.

Ceadaíonn an cárta cuairte LG (Liachleachtóir Ginearálta) duit cuairt a thabhairt ar do dhochtúir teaghlaigh in aisce. Mura gcáilíonn tú do chárta leighis ar chúinsí ioncaim, d'fhéadfá cáiliú do chárta cuairte LG. Tá sé tástáilte ó thaobh acmhainne, ach tá na teorainneacha ioncaim 50% níos airde ná mar atá don chárta leighis. Ní chlúdaíonn sé aon chógais ordaithe agus ní thugann se teidlíocht duit d'aon seirbhísí leighis eile. (Tig le gach duine atá ina gcónaí in Éirinn nach bhfuil cárta leighis acu cúnamh a fháil le costas oideas faoin Scéim Íocaíochta Drugaí (SÍD. Faoin SÍD níl ort féin agus do theaghlach ach íosmhéid a íoc gach mí (€120 faoi láthair) ar chógais, leighis nó fearais ordaithe.)

Tig leat cuir isteach ar chárta leighis agus ar chárta cuairte LG ar an bhfoirm iarratais chéanna. Tig leat í a fháil ag d'Oifig Sláinte Áitiúil nó ag d'ionad sláinte, nó í a íoslódáil ó hse.ie. Seol ar ais an fhoirm chomhlánaithe chuig d'Oifig Sláinte nó ionad sláinte áitiúil.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121 nó (021 4521600).

FOLÚNTAIS

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar an bpost seo:

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na hEolaíochta Sláinte

Ollamh Bunaithe le Cnáimhseachas

Spriocdháta: 17 Meitheamh, 2011

Sonraí iarratais/nós imeachta:
Tuilleadh eolais agus foirm iarratais don phost seo ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Acmhainní Daonna:
http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/

An Oifig Acmhainní Daonna, OÉ Gaillimh, Gaillimh

T: 353 91 492151; R: hr@nuigalway.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10

Is fostóir comhdheiseanna é Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

www.oegaillimh.ie

Gradam na scoileanna sláintiúla bronnta ar Ghairmscoil Chú Uladh

DÉARDAOIN seo a chuaigh thart bronnadh an gradam 'Scoil Sláintiúil' ar Ghairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Mhóir, Co. Dhún na nGall, ag taispeántas san Ionad Cultúrtha i Leitir Ceanainn.

Tá na gradaim seo faoi stiúir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ghlac an scoil páirt ann ar dtús i mí Dheireadh Fómhair 2009 sular thóg sé dha bhliain san iomlán chun an gradam a bhaint amach. Ina dhiaidh dóibh coiste sláinte a chur le chéile sa scoil (ina raibh 13 scoláire, beirt mhuinteoir agus beirt ionadaí ó choiste na dtuismitheoiri) rinneadh taighde cuimsitheach ar phobal na scoile faoi chúrsaí sláinte. Fuarthas amach ó cheistneoirí go raibh gá le díriú isteach ar mheabhairshláinte agus go hairithe ar an bhulaíocht.

Cuireadh réimse gníomhaíochtai i bhfeidhm i rith na bliana chomh maith, uimhreacha tacaíochta sna dialanna scoile agus ar chúl na ndoirse sna leithris san áireamh. Cuireadh clár fógraí in airde chun obair an choiste a cur chun cinn agus bhí 'Spun Out' (suíomh tacaíochta don aos óg) mar leathanach baile ar achan ríomhaire sa scoil, chomh maith le leathanach Facebook darb ainm 'Feachtas Ghairmscoil Chú Uladh in éadan na bulaíochta'. Ar a bharr seo ceannaíodh 130 banda glas leis an teachtaireacht 'One Voice for Mental Health' orthu agus díoladh iad uilig sa scoil.

I dteannta na n-imeachtaí seo, mar choinníoll den tionscnamh, b'éigean don choiste seachtain in éadan bulaíochta a eagrú agus ghlac na daltaí páirt i gcluichí dúshlánacha sna ranganna corpoideachais chun comhoibriú a fhorbairt. Shínigh gach rang achainní in éadan na bulaíochta agus ghlac na scoláirí páirt i lá gorm ar an Aoine chun poiblíocht a thabhairt don ghalar dubh.

Bhí na himeachtaí anráthúil agus tá súil ag an choiste cur leis an obair a rinne siad go dtí seo ar an bhliain seo chugainn. Tá lúcháir ar an scoil gur ghlac siad páirt sa tionscnamh agus is léir ón réimse imeachtaí gur bhain an coiste féin agus pobal na scoile tairbhe mór as.

Crosfhocal 13.06.2011



NODANNA

TRASNA
1 Grúpa daoine, aicme, daoine ar aon ghairm beatha (3)
2 Abair rud éigin, úsáid do theanga (7)
5 I dtreo, chuig (4)
8 Sásta éacht a dhéanamh ar son do thíre (7)
9 Tar ar ais ón marbh (7)
11 Ainmhí feirme as a bhfaigheann muid bainne (2)
12 Ceantar toghchánach nó oifigiúil i gcathair nó baile mór (5)
13 Gléas a thógann grianghraif (7)
15 Deireadh, críoch (4)
17 Feoil a fhaightear as muc (5)
19 Seomra ar bharr an tí (6)
20 Mar a bheadh imeall scine (4)
21 Go dona, a mhalairt ar mhaith (3)
23 An pointe tosaithe, ar leibhéal an urláir (3)
24 Cúig, fiche, deich, seacht srl (6)
25 Rudaí a rá a chuireann eagla ar dhuine eile (6)

SÍOS
1 Cuirtear an réimír seo roimh aidiacht lena chiall a threisiú (2)
3 In -----, i bhfad ón talamh (5)
4 Polaiteoir atá i mbun Ranna Stáit (4)
6 Leacht luachmhar a chaithfimid a ól gach lá (5)
7 Saghas suíocháin (a mbeadh breitheamh ina shuí air b'fhéidir) (5)
8 Scláta, don díon nó don urlár, nó do bhalla an tseomra folctha (3)
9 Euro, punt, dollar srl (7)
10 Glac, beir (3)
11 Thar a bheith sásta leat féin agus ag maíomh as (7)
12 Brúidiúil, foréigneach, gan trócaire 9)
13 Calmacht, dánacht (8)
14 Fís, briongloid (7)
16 24 uair an chloig (2)
18 I dteagmháil leis, ina luí anuas (2)
20 Rud a thabhairt gan cead (4)
21 Déanta as an ábhar a chlúdaíonn caora (4)
22 Is leis seo a dhéanann daoine a gcuid gruaige slachtmhar (4)
23 Fáth, ciall, réasún (3)

Crosfhocal
06.0.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Anne Bowden
Co. Dhún na nGall.

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 18.05.11 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Scéalta na Réaltaí, Cúltaca agus Ár Scéal Féin

Searmanas chun Éirí Amach 1916 a chomóradh

BHÍ an tAifreann chomóradh bliantúil éirí amach 1916 ar siúl an tseachtain seo caite i Séipéal Croí rónaofa. I láthair bhí an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa, An Taoiseach Enda Kenny, Tánaiste Eamon Gilmore agus bhí polaiteoirí eile sinsearacha i láthair chomh maith le gaolta rannpháirtithe 1916. Leag an tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa síos fleasc ag an reilig ina cuireadh ceannaire éirí amach 1916 atá in aice an tseipéil. I seanmóir an Ardeaspag Mairtín d'iarr sé ar dhaoine na tire seo misneach agus mothú náisiúnta, bród náisiúnta agus toilteanas a bheith acu chun cabhrú leis an todhchaí. Dúirt sé nach mbaineann an sochaí le polasaithe amháin ach go mbaineann sé leis na daoine a mhaireann go cóir agus go macánta sa tsochaí. Deir sé nach mbainfear amach sochaí comhbhách mura n-éireoidh daoine suas ar a gcosa agus a bheith comhbhách.

An tAire Coimirce sóisialaí Joan Burton ag bualadh le leanaí óScoil Mhuire Leamhcán ag comóradh bliaintúil 1916 i Cnoc an Arbhair.

Plé sa rang

Cén fáth dar libh go bhfuil sé tábhachtach comóradh a dhéanamh ar rannpháirtithe Éirí Amach 1916?

Gluais

Searmanas - Ceremony
Éirí Amach 1916 - 1916 rising
Rannpháirtithe - Participants
Fleasc - Wreath
Reilig - Cemetery
Seanmóir - Sermon
Misneach - Hope
Toilteanas - Willingness
Macánta - Honest
Sochaí - Society
Comhbhách - Caring

An fiú an Idirbhliain?

Caoimhe Ní Ghruagáin, Coláiste na Coiribe, Gaillimhe

I ROINNT scoileanna, tá an rogha ann an idirbhliain a dhéanamh ach i gColáiste na Coiribe, Gaillimh, déanann gach duine é. Deireann na múinteoirí gur seans iontach é rudaí spéisiúla a dhéanamh ar scoil, seachas obair acadúil i gcónaí, agus go mbíonn tú níos aibí le haghaidh na hArdteiste. Tá an argóint ann go n-éiríonn daltaí leisciúil i rith na bliana agus bíonn sé fíordheacair a bheith díograiseach an bhliain dár gcionn. Aontaím leis an dá argóint.

Rinne muid féin gach ábhar i mbliana agus chuaigh muid ar roinnt turas lae. Tháinig aoichainteoirí isteach go dtí an scoil chun labhairt linn chomh maith ach ba é an rud ab fhearr a sheas amach domsa ná an ceoldráma. Bhain gach duine an-taitneamh as.

Fuair muid an deis dul ar thrí thaithí oibre le linn na bliana agus tá cúpla rud eile ag teacht aníos roimh an Samhradh. Is mór an trua é nach ndeachaigh muid ar thuras thar lear, áfach.

Ar an iomlán, tá mé sásta go ndearna mé an idirbhliain. Ba í an bhliain ab fhearr i mo shaol é mar ní raibh aon strus ann agus bhí go leor ama tar éis na scoile le haghaidh caitheamh aimsire agus cairde. Tá a fhios agam go mbeidh sé deacair orm obair an bhliain seo chugainn ach bhí briseadh ag teastáil idir an dá scrúdú stáit agus bheinn ró-óg chun an Ardteist a dhéanamh ag aois a 16. Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis agus ba cheart do gach dalta an cinneadh bheith acu é a dhéanamh nó gan é a dhéanamh.

Comórtas Nuacht na nÓg d'Iriseoirí óga an todhchaí

I gcomhair le Gael Linn agus SOCOS

An bhfuil suim agat san iriseoireacht? Tá Nuacht na nÓg agus SOCOS ag tabhairt seans duit MP4 a bhuachan gach mí. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach mí agus beidh na buaiteoirí míosúla san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann de Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Gael Linn

SOCOS teo

Seol iarratas chuig: caroline.nichualain@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheann teideal air. Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig: 'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ar Raidió Rí-Rá, liomsa Síne Nic an Ailí!

Rinne lucht leanúna na scannán ceiliúradh ar Lá Star Wars ar fud na cruinne le déanaí! Creideann leantóirí George Lucas áirithe gur chóir go ndéanfaí an lá a cheiliúradh ar an 25 Bealtaine, toisc gur sin an lá gur léiríodh an chéad scannán sa tsraith siar i 1977. Ach déantar lá neamhoifigiúil Star Wars a cheiliúradh go hidirnáisiúnta ar an 4 Bealtaine, áit gur leathnaigh comóradh ar an bhficsean eolaíochta ó scoileanna go hollscoileanna agus áiteanna oibre i mbliana, le duaiseanna ag dul don bhfeisteas is fearr ó na scannáin agus imeachtaí Warsie á reáchtáil ar fud an domhain. Thug LucasFilm le fios le déanaí freisin go mbeidh 6 scannán na sraithe á n-atheisiúint acu i 3-D sa phictiúrlann, ag tosú le léiriú The Phantom Menace ar an deichiú lá Feabhra 2012.



Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil camchuairt den chéad scoth geallta ag Britney Spears dá lucht leanúna an samhradh seo! Beidh an t-amhránaí ag dul ar an mbóthar lena halbam nua Femme Fatale an mhí seo chugainn, agus tá sceitimíní an domhain uirthi de réir dealraimh. Is í an rapcheoltóir iontach Nicki Minja a bheidh mar thaca ag Britney ar an gcamchuairt, áit go mbeidh 26 cheolchoirm á gcasadh aici, ag tosú i Sacramento ar an 16 Meitheamh. Roimhe sin áfach, beidh Britney ar ais ar an stáitse mar chomhóstach ar an bhféile cheoil Wango Tango i Los Angeles ar an 14 Bealtaine. Beidh Ke$ha, Akon, B.o.B., Ludacris agus Iyaz i measc na gceoltóirí a bheidh ag casadh ann agus is cinnte gur tús iontach do shamhradh Spears a bheidh ann!



B'fhéidir go bhfuil clú agus cáil ar Stephenie Meyer as an tsraith Twilight a scríobh, ach tá leabhar eile leis an údar iomráiteach á fhorbairt don scáileán mór anois! Tá script scríofa ag Andrew Niccol don scéal The Host le Meyer, agus níl aon amhras ann ach go mbeidh antóir air ó chomhlachtaí scannánaíochta ag iarraidh rath Twilight a chruthú dóibh féin. Ní hamháin sin, ach is í an t-aisteoir Éireannach Saoirse Ronan a ainmníodh i bpríomhpháirt an scannáin le déanaí! Sna sála ar ainmniúchán Oscar a ghnóthú as a ról in Atonement agus iomaí páirteanna i scannáin mhóra eile ar nós The Lovely Bones agus Hanna a thabhairt léi, beidh ról ag Saoirse mar Melanie Stryder sa scannán nua seo. Táimid chomh bródúil aisti!

Más fíor do na scéalta, tá Sting le cloisteáil ar albam úr Matthew Morrison! Is fearr aithne ar Morrison mar Will Schuester ón gclár Glee, ach tá an múinteoir ceoil is cáiliúla ar domhan ag tiontú ina cheoltóir aonair anois, agus albam á eisiúint aige an tseachtain seo. Agus más fíor do na tuairiscí, tá ansceitimíní ar Morrison go raibh deis aige dul i mbun oibre leis an laoch ceoil de cháil The Police don amhrán deiridh ar an albam! Amhrán Sting féin atá ann, dar teideal Let Your Soul Be My Pilot, agus sa bhreis ar an díséad leis, chan Matthew le réaltaí móra dá leithéid Sir Elton John agus Gwyneth Paltrow ar an albam nua freisin. Beidh sé ag súil go néiríonn chomh maith céanna leis agus a éiríonn le halbaim Glee ar fud na cruinne!



Seol ríomhphost leis an bhfocal POPNUACHT chuig eolas@rrr.ie más spéis leat scéalta PopNuachta a fháil ó Raidió Rí-Rá gach seachtain, nó éist leis an bPopNuacht seo mar audio mp3 agus é saor le híoschóipeáil ag www.rrr.ie/popnuacht-06-bealtaine-2011

ROS na RÚN

Bígí ag breathnú ar Ros na Rún na seachtaine seo chugainn chun na ceisteanna seo a fhreagairt:

Dé Máirt i Ros na Rún an bhfuil Máthair nua ag Reailtín?!

- Dúisíonn Mícheál le hEithne taobh leis , cén mothúcháin a léiríonn sé fúithi?
- Seasann Breandán suas do Ghráinne , cén mothúcháin atá sí ag léiriú?
- Níl Lee ag iarraidh díoltas a bhaint amach as Tina níos mó. Cén sórt mothúcháin a léiríonn Tadhg faoi seo?

Déardaoin, níl ach lá fágtha go dtí an bhainis!

- Labhraíonn Gráinne le Breandán faoi Chaitríona ach cén mothúcháin a léiríonn faoin méid atá le rá aici?
- Níl aon áit ag Tina agus Dara don bhainis, cén mothúcháin a léiríonn Tadhg faoi nuair a chuireann siad ceist air?
- Tagann Caitríona trasna ar rún Breandán, cén mothúcháin a léiríonn sí faoi?

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSPS Mí-úsáid drugaí

IS é seo a leanas ná cur síos ar chuid de na drugaí is coitianta a ndéantar mí-úsáid orthu.

Alcól

Tá alcól ar cheann de na drugaí is coitianta a bhaineann déagóirí úsáid as. Tá éifeachtaí dainséaracha ag baint le déagóirí bheith ag ól alcóil. Laghdaíonn alcól cumas déagóirí chun aird a thabhairt. Go minic ní chríochnaíonn na déagóirí a ólann alcóil ar leibhéal trom a n-oideachas i gcomparáid le déagóirí nach mbíonn ag ól. Mar is óige a thosaíonn tú ag ól is mó seans go mbeidh fadhb alcóil agat go fadtéarmach.

Éifeacht Gearrthéarma - Póit agus droch-bhreithiúnas.
Éifeacht Fadtéarma - Timpistí, damáiste don chroí, ae agus inchinn agus ródháileog.

Toitíní

Tá toitíní freisin ar cheann de na drugaí is coitianta a bhaineann déagóirí úsáid astu. Caitheann déagóirí toitíní go minic de bharr piarbhrú. Deirtear gur thosaigh 80% de dhaoine a chaitheann tobac á chaitheamh mar dhéagóir.

I measc na nÉifeachtaí Fadtéarma a bhaineann le bheith ag úsáid eacstais tá - Easpa suime i rudaí, baol titim as seasamh, ag cur amach, fuileadáin ag pléascadh agus an bás.

Éifeacht Gearrthéarma- Brú fola ardaithe
Éifeacht fadtéarma - Galar croí, Ailse, bás agus broincíteas.

Cannabas

Tá seans níos mó ag daoine a thosaíonn ag baint úsáide as cannabas mar dhéagóirí galair inchinne a fhorbairt, fadhbanna a bheith acu i gcaidrimh, agus teip a bheith orthu sa chóras oideachais. Tógann daoine é go minic mar go n-athraíonn sé ghiúmar duine.

Éifeacht gearrthéarma- Easpa spreagtha easpa suime in obair nó i scoil, athrú inghiúmar.

Éifeacht fadtéarma - Ag teacht amach as an chóras oideachais nó as an áit oibre, fuinneamh íseal agus iad gan aon spreagadh.

Cócaon

Is substaint é cócaon a ghineann andúil go héasca. Is substaint dainséarach é cócaon ina mbíonn éifeacht mhór aige ar cheimic na hinchinne.

Éifeacht Gearrthéarma- paranóia, imní agus iompar síocóiseach.

Éifeacht Fadtéarma - Cliseadh croí, damáiste sróin, inchinne agus an bás.

Eacstais

Is druga contúirteach is éan eacstais. Tá go leor tionchair ar féidir le heacstais a imir ort agus athraíonn an éifeacht ó dhuine go duine . Go minic mothaíonn duine a thógann eacstais go leor fuinnimh ar dtús agus ansin eiríonn siad an-tuirseach.

Éifeachtaí Gearrthéarma- Teas, allas, preabarnach agus fuinneamh.

Éifeachtaí Fadtéarma - Easpa suime i rudaí, baol titim as a sheasamh, ag cur amach, fuileadáin ag pléascadh agus an bás.

Hearóin

Is féidir le daoine a úsáideann hearóin fulaingt óna rudaí seo a leanas - athrú in ghiúmar agus iompar ar bhealach atá mall a bheith orthu. Go minic goideann andúilithehearóin airgead chun hearóin a chéannacht.

Éifeachtaí Gearrthéarma- Is féidir gan aon phian a mhothú agus gineann sé an-dúil go héasca.

Éifeacht Fadtéarma - Teaghlaigh briste suas, fiacha ollmhóra, ródháileog agus an bás.

Féach ar nuacht na nÓg na seachtaine seo chugainn chun eolas a fháil ar an tionchar atá ag mí-úsáid drúgaí ar an chlann, an sochaí agus céard ba cheart a dhéanamh má tá aithne agat ar dhuine atá ina n-andúilíithedrugaí.

Gluais

Mí-úsáid drugaí - Drug abuse
Alcól - Alcohol
Éifeacht Gearrthéarma - Short-term effect
Éifeacht Fadtéarma - Long-term effect
Póit - Hangover
droch breithiúnas - poor judgement
Ródháileog - Overdose
Brú fola ardaithe - Raised blood pressure
Galar croí - heart disease
Ailse - cancer
Ghiúmar - humour
Andúil - Addict
Iompar síocóiseach - Psychotic behaviour
Cliseadh croí - Heart failure
Preabarnach - Twitching

OSSP Géarchéim an bhia

TÁ 840 milliún duine sa domhan ag fulaingt ón easpa bidh. Tá dóthain bidh sa domhan le haghaidh gach duine ach tá daoine fós fágtha gan bhia. Is é an fáth nach bhfuil go leor bidh ag gach duine ná de dheasca nach bhfuil seachadadh déanta air go cothrom. Níl an t-ardú i bpraghasanna bidh ag cabhrú leis an ghearchéim bidh ach an oiread. Tá praghas an bhia is mó a bhfuil éileamh air, sin iad rís, cruithneacht agus pónáirí, dúbáilte i bpraghas le bliain anuas.

Céard is cúis leis an ghéarchéim bidh?

Tá éifeacht ag ganntanas bidh ar thíortha i mbéal forbartha ar feadh na gcéadta bliain ach tá an ghéarchéim bidh seo atá ag tarlú faoi láthair sa domhan ag tarlú níos gasta ná mar a tharla sé riamh cheánna agus tá éifeachtaí níos tubaistí aige ná mar a bhí riamh chéanna. Ó 2005 tá praghasanna bidh ardaithe 80%.

- Méadú i gcostas breosla a chiallaíonn go bhfuil sé daor bia a sheachadadh agus feirm a rith.
- Méadú in éileamh bidh i náisiúin cosúil leis an tSín agus an India.
- Tubaistí nádúrtha a scriosann barra (crops) ar fud an domhain.
- Méadú i bith bhreosla. Tá bith bhreosla déanta as plandaí agus tá éileamh mhór ag teacht air. Tairgtear bith breosla as plandaí cosúil le harbhar agus síol ráibe a fhástar go traidisiúnta mar bhia. Mar thoradh air seo tá soláthar níos lú bidh. Má théann soláthar bidh síos bíonn sé níos deacra ag daoine na dtíortha sin theacht ar an bhia agus íoc as.
- Triomach, a chiallaíonn nach féidir le barra fás. Mar thoradh air seo ardaíonn costas an bhidh atá ar fáil ag an am sin agus go minic ní bhíonn dothán airgid ag daoine chun an bia a chéannacht.
- Tá fiacha móra ar go leor tíortha chuig bainc agus tíortha eile. Sampla do náisiúin a bhfuil fiacha móra aige ná An Aetóip. Bionn ar an Aetóip $4.6 billiúin a íoc i bhfiacha gach bliain. Fágann sé seo muintir na hAetóipe sainithe i mbochtanas agus ag streachailt le bia a chur ar fáil dá dtír.
- Go minic scriosann cogadh talamh agus bíonn sé costasach don rialtas. Cuireann na fachtóirí seo leis an ghéarchéim bidh.

Féach Nuacht na nÓg an seachtain seo chugainn nuair a bheidh muid ag plé coincheap an dlí..

Tá an dóthain bia sa domhan le haghaidh gach duine ach tá daoine fós fágtha gan bhia

Cúltaca

Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

Sraith pictiúr – "Ag iascaireacht le m'uncail"

Déan cur síos de bhéal ar an scéal atá ag tarlú sa tsraith pictiúr.
Deán cur síos ar na mothúchain atá le feiceáil ar na carachtair.



GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Bealtaine, 2011

Lúthchleasaithe trí-atlain na hÉireann ag dul ó neart go neart

Labhraíonn **Ciarán Mac Fhearghusa** le **Conchúr Mac Murchaidh**, reathaí atá dírithe ar Chluichí Oilimpeacha na bliana seo chugainn

Tá dóchas ann den chéad uair riamh go mbeidh seans ceart ag lúthchleasaithe Éireannacha boinn a bhuachan sa trí-atlan sna Cluichí Oilimpeacha nuair a bheas siad ar siúl in Londain in 2012. Ach tá lúthchleasaithe áirithe ann atá dírithe ar an mbonn óir i gCluichí Oilimpeacha 2016, a reáchtálfar in Rio de Janeiro.

Is duine de na lúthchleasaithe seo é Conchúr Mac Murchaidh as Port an Dúnáin i gcontae Ard Mhacha. Bhí sé ina pheileadóir cumasach lena chlub áitiúil Chumann Lúthchleas Gaeil, Tír na nÓg, ach chinn sé chun dul i dtreo an trí-atlain tar éis dó spreagadh agus tacaíocht a fháil óna athair.

Ach céard go díreach is trí-altain ann? Is ilspórt é an trí-altan a bhfuil borradh mór tar éis teacht air ónar reáchtáladh an chéad 'trí-atlan' in Mission Bay, San Diego, California, siar sa bhliain 1974. Ach is ón Fhrainc a fuair lucht eagraithe an rása sin an spreagadh mar tuigtear go dtéann fréamhacha an ilspóirt seo chomh fada siar leis na 1920í, uair ar tugadh 'Les Trois Sports' air i rásaí stairiúla Joinville-le-Pont na Fraince.

Cé go mbíonn cineálacha éagsúla spóirt ann go minic is meascán de rothaíocht, snámh agus rith a bhíonn i gceist go hiondúil. Dar leis an Aontas Trí-altan Idirnáisiúnta bíonn achair éagsúla i gceist chomh maith ach is é an t-achar is mó a bhfuil cáil air ná 'an t-achar Oilimpeach'. Is éard atá i gceist leis an rás seo ná 1.5 ciliméadar snámh, 40 km de rothaíocht agus 10 km de reathaíocht. Déantar iad i gcomharbas láithreach ar a chéile (.i. gan stopadh) agus bíonn na lúthchleasaithe in iomaíocht lena chéile don am is sciobtha.

Tá an tUasal Mac Murchaidh ina Churadh Domhanda Trí-altain do 2010, san fho-chatagóir Trí-altan Ráibe (sprint) atá thart ar leath den achar atá i gceist leis an achar Oilimpeach. Chomh maith leis sin, bhí sé mar Churadh Domhanda sa Snorcallú Portaigh in 2008 agus 2009.

Agus cé gurb í seo a chéad bhliain mar lúthchleasaí proifisiúnta trí-altain tá neart aige le bheith dóchasach faoi cheana féin. Bhain sé amach an chéad áit an tseachtain seo sa Grand Prix Idirnáisiúnta Trí-altain sa Bhriotáin, rás ar ghlac 220 de na lúthchleasaithe is fearr sa spórt páirt ann.

Bhí Mac Murchaidh muiníneach agus é ag dul isteach sa rás.

"D'éirigh go maith liom sa traenáil i rith an Gheimhridh tar éis na ndeacrachtaí a bhí agam leis an teannán Aichill. Ag teacht isteach sa rás seo dom bhí dhá rás buaite agam in Éirinn agus d'éirigh go maith liom i rás rothaíochta i Sasana le linn na seachtaine," a deir sé.

Conchúr Mac Murchaidh, fear chontae Ard Mhacha a bheas ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha.

Ba í seo an chéad uair dó a bheith in iomaíocht i rás trí-atlain idirnáisiúnta ónar bhuaigh sé an Craobhchomórtas Domhanda i mBúdaipeist i mí Mheán Fómhair seo caite agus ní raibh fonn air críochnú in áit ar bith eile seachas an chéad áit.

"Rinne mé dianstaidéir ar an gcúrsa agus bhí a fhios agam go mbeadh an rás deacair agus sciobtha. Rinne mé an réamh-ullmhúchán ar fad. Bhí mo chuid taighde déanta agam ar mo chomh-iomaitheoirí agus bhí mo chuid taicticí socruithe agam roimh ré le mo thraenálaí Dwyer O'Hagan," a mhíníonn sé.

Maidir leis an rás féin, is cuimhin leis an lúthchleasaí seo gach rud a thit amach lena linn.

"Tar éis an tsnámha ní raibh ach 10 soicind idir an chéad 16 ach d'éirigh go maith liom san athghléasadh. Faoin am go raibh mé imithe ar mo rothar bhí mé sa 10ú áit. D'éirigh le hochtar againn ansin briseadh ón mhórghrúpa agus d'aithin mé nach raibh na boic mhóra a raibh an chaint ar fad fúthu roimh an rás le feiceáil inár ngrúpa," ar sé.

"Arís bhí aistriú maith agam nuair a thosaigh mé ar an rith, rud a chuir mé sa séú háit, cúig shoicind taobh thiar. Ach tar éis an chéad chiliméadair bhí na cúig shoicind sin ídithe agam agus bhí mé sa chéad áit. Faoin am go raibh muid leathbhealach tríd an reathaíocht ní raibh ach triúr againn fágtha sa ghrúpa tosaigh. Ní raibh mórán eadrainn ar chor ar bith ach bhí mé sa chéad áit tar éis na rábóige críche, buíochas le Dia."

Bhí dea-scéala eile ann d'Éirinn le coícís anuas nuair a bhuaigh Eimear Mullan bonn óir ag an rás TriStar i Mallorca. Ba í seo an chéad uair di rás a bhuachan mar lúthchleasaí proifisiúnta chomh maith. Sa rás seo bhí ciliméadar amháin de shnámh, céad ciliméadar de rothaíocht agus deich gciliméadar de reathaíocht. D'éirigh go maith léi sa snámh agus sa rothaíocht ach is í an áit a bhuaigh sí an rás ná sa reathaíocht. Thóg sé 4:10:22 uirthi in iomlán chun an cúrsa a chríochnú, nach mór dhá nóiméad chun tosaigh ar Tamin Lewis ón mBreatain a bhí sa dara háit.

"Thaitin an reathaíocht liom i gcónaí. Anois níl le déanamh agam ach foghlaim conas rothaíocht i gceart," a deir Eimear agus í ag caint faoin rás.

Meastar go leanfar ar aghaidh leis an mborradh atá ag teacht ar an ilspórt seo in Éirinn cé go mbíonn costais mhóra ag baint leis. Tá rásaí áirithe ann áfach a bhfuil costas níos lú ag baint leo nó gur féidir airgead a bhailiú ar son carthanachta ina áit.

Rás mór amháin a bhfuil anéileamh air anois, nach bhfuil ach tar éis teacht ar an saol le blianta beaga anuas agus a bhfuil an-chraic ag baint leis, ná an TriAthlone i mBaile Átha Luain a bheidh ar siúl ar 2 Iúil. Féach www.triathlone.com nó www.triathlonireland.com le haghaidh breis eolais.

Slánú do Chúige Mumhan

Cluiche Leathcheannais - Sraith Magners
Cúige Mumhan v Ospreys
Amárach @ 18.30i.n
Beo ar RTÉ 2 & S4C

Gráinne McElwain

RUD atá coitianta idir Cúige Mumhan agus na hOspreys faoi láthair ná nach bhfuil ceachtar acu ag imirt ró-mhaith le tamall anuas agus tá easpa muiníne le feiceáil ina gcuid imeartha. Tá sean-aithne ag na foirne seo ar a chéile. Chaith 13 imreoir ón dá fhoireann am le chéile ar thuras na Leon in 2009 agus chas siad lena chéile ceithre huaire i mbliana, faoi dhó sa tSraith Cheilteach agus faoi dhó i gCorn Heineken le Cúige Mumhan chun cinn le trí as ceithre bhua acu.

Bhí séasúr an-díomach ag Cúige Mumhan de réir an ardchaighdeáin a bhaineann siad amach go hiondúil. Theip orthu teacht amach as na babhtaí cáilithe de Chorn Heineken ach ba é an dóigh ar chaill siad in aghaidh Harlequins i gcluiche leathcheannais an Amlin Challenge cúpla seachtain ó shin a chur fearg ar roinnt dá lucht leanúna. Rinneadh go leor botún agus níor thaispeáin siad aon charachtar nó paisean ar an lá, rud nach dtarlaíonn sa bhaile go minic le Cúige Mumhan. Mar sin, seo deis ag na Muimhnigh ardtaispeántas a bheith acu agus díriú go hiomlán anois ar chorn a bhuachan.

Conor Murray na Mumhan.

Sa tSraith Cheilteach, ní raibh aon fhoireann eile chomh maith le Cúige Mumhan. Bhuaigh siad 19 cluiche as 22 agus sheas siad ar bharr an tábla ó bhabhta a dó ar aghaidh. D'úsáid siad 50 imreoir le linn na sraithe agus fuair imreoirí óga ar nós Ian Nagle, Simon Zebo, Danny Barnes, Felix Jones agus Conor Murray deis dul chun páirce. Bhuail siad Connachta sa bhaile an tseachtain seo caite agus bhí bua maith acu (22-6) le taispeántas i bhfad níos fearr ná mar a bhí an tseachtain roimhe in aghaidh Quins san Amlin Challenge. Cé go raibh ráflaí ag dul thart go raibh jab Tony McGahan i gcontúirt, ní raibh ann ach ráflaí agus tháinig príomhfheidhmeannach an chlub Garrett Fitzgerald amach a rá nach bhfuil sé sin fíor agus fiú má chailleann Cúige Mumhan amárach go bhfuil post Tony sábháilte. Cén uair ar chuala muid caint den chineál sin mar gheall ar Chúige Mumhan? Mar sin tá pointe mór le cruthú acu amárach.

Bhuaigh na hOspreys an comórtas seo anuraidh ach bhí an t-ádh dearg orthu gur tháinig siad chomh fada leis an chluiche leathcheannais i mbliana agus a bhuíochas sin do chic éirice deireanach ó James Hook in aghaidh Aironi chun an cluiche sin a ghnothú (12-10). Rinne na Scarlets gar dóibh chomh maith ag fáil lámh in uachtar ar na Cardiff Blues. Tá cuma mhíshásta ar an fhoireann ar fad agus níor chuidigh sé go raibh go leor cainte ann faoi imreoirí a bhí ag iarraidh fágáil agus imreoirí eile nach raibh sásta. Ní bheidh Mike Phillips, James Hook nó Lee Bryne leis na hOspreys an séasúr seo chugainn ach beidh Shane Williams, Adam Jones, Alun Wyn Jones, Ryan Jones, Jon Thomas, Dan Biggar agus Tommy Bowe, chuir siad uilig peann le páipéar le déanaí. Cé gur bhuaigh na hOspreys in aghaidh Aironi an deireadh seachtaine seo caite, níor bhuaigh siad aon chluiche ó thús mhí na Márta roimhe sin. Gortaigh Shane Williams a ghlúin ag imirt don Bhreatain Bheag in aghaidh na hÉireann i gComórtas na Sé Náisiún i mí Mhárta agus ní fheicfear é ar an pháirc amárach. Tá gortú ag cur as do Sonny Parker chomh maith.

Seo cluiche a chaithfidh an dá fhoireann a bhuachan le go mbeidh deis acu rud éigin a chur ar an mantal. Ach tá Cúige Mumhan sa bhaile agus níor chaill siad ansin go fóill i Sraith Magner agus tá siad fós ag gortú tar éis chluiche Harlequins. Ní raibh ach dhá phointe idir na foirne nuair a chas siad ar a chéile coicís ó shin ach sílim go ndéanfaidh an buntaiste baile an difear amárach.

Bua: Cúige Mumhan

Cúige Laighean sa tóir ar dhá chorn

Anocht: Cluiche Leathcheannais - Sraith Magners
Cúige Laighean v Cúige Uladh
RDS @ 19.05
Beo ar TG4 & BBC NI

Gráinne McElwain

TÁISPEÁNFAR cé chomh láidir is atá rugbaí na hÉireann faoi láthair nuair a fheicfimid trí fhoireann ón tír seo sna babhtaí leathcheannais den tSraith Magners an deireadh seachtaine seo. Cúige Laighean in aghaidh Chúige Uladh an chéad chluiche leathcheananis a bheas againn anocht agus cé go raibh Laighin iontach le linn na Sraithe agus i gCorn Heineken, níl faic buaite acu go fóill.

Caithfidh Cúige Laighean díriú isteach ar chluiche leathcheananis na Sraithe an deireadh seachtaine seo agus ansin dul go Caerdydd an deireadh seachtaine seo chugainn chun imirt in aghaidh Northampton Saints agus iad ag iarraidh Corn Heineken a chrochadh leo den chéad uair ó 2009. Níl aon fhoireann fós tar éis an tSraith Cheilteach agus Corn Heineken a bhuachan in aon bhliain amháin agus, cé go bhfuil gach duine ag súil go ndéanfaidh siad é, thig le go leor tarlú idir seo agus sin.

Luaigh Joe Schmidt, cóitseálaí Laighean, i rith na seachtaine go bhfuil sé rí-thábhachtach do Laighin díriú ar chluiche na hoíche anocht agus gan a bheith ag féachaint chun cinn. Bhuaigh Cúige Laighean ar na Glasgow Warriors sa bhabhta deireanach den tSraith an tseachtain seo caite (38-3) ach níor imir siad go maith sa chéad leath agus ní raibh ach trí phointe idir na foirne ag leatham. Mar sin beidh Cúige Laighean airdeallach faoin scrúdú a chuirfear os a gcomhair anocht agus beidh sé suimiúil a fheiceáil an gcuirfidh Joe Schmidt an fhoireann is láidre atá aige chun páirce agus leathshúil aige ar an chomórtas mór an deireadh seachtaine seo chugainn?

Níor chaill Cúige Laighean aon chluiche sa bhaile an seasúr seo agus níl Cúige Uladh tar éis buachaint sa phríomhchathair ó mhí Lúnasa 1999 nuair a chríochnaigh siad chun cinn 26-15. Ach chaill Ulaidh faoi dhó in aghaidh na Laighneach sa tSraith i mbliana agus ní dhéanfar dearmad ar an toradh cúpla seachtain ó shin nuair a bhuaigh Laighin 34-26. Níor imir Cúige Uladh go maith an lá sin agus bhí Cúige Laighean 17-3 chun cinn tar éis ceathrú uaire agus d'aimsigh siad ceithre úd sa chéad leath. Ní bheidh ort a mheabhrú le himreoirí Uladh tús níos fearr a fháil an uair seo agus bheifeá ag súil go n-ardóidh na cosantóirí a dtaispéantais. Cé gurb é seo an séasúr is fearr ag Ulaidh ó bhuaigh siad an comórtas Eorpach in 1999, níl corn buaite acu agus beidh siad féin ag súil nach mbeidh Cúige Laighean chomh iomlán dírithe ar an chluiche seo agus go mba chóir dóibh a bheith.

Tá imní ar Chúige Uladh faoi Dan Tuohy.

Níl aon ghortú ag cur as do phainéal Laighean ach tá go leor fadhbanna ag Cúige Uladh chomh maith. Ní bheidh Stephen Ferris ar ais ag imirt an séasúr seo mar gheall ar ghortú glúine a tharla i mí Éanair. Caithfidh Willie Faloon dul faoi scian do ghortú gualainne agus ní ghlacfaidh Paddy Wallace, BJ Botha nó Andrew Trimble aon pháirt sa chluiche mar gheall ar ghortaithe. Tá dabht faoi Dan Tuohy (teannán na hioscaide) agus ní dhéanfar cinneadh faoi go dtí inniu. Bhí bua maith acu in aghaidh na nDragan an tseachtain seo caite (20-13) chun a n-áit sna babhtaí leathcheannais a chinntiú ach seo scrúdú thar a bheith mór dóibh anocht. Tá Cúige Laighean iomlán dírithe ar na duaiseanna móra a bhaint i mbliana, is beag nach bhfuil siad in ann iad a bhlaiseadh agus ní dóigh liom go seasfaidh Cúige Uladh ina slí anocht.

Bua: Cúige Laighean

Scáth an bháis ar an Giro

Ciarán Dunbar, in Ligura, An Iodáil

NA dathanna, an fuinneamh, an luas. Macasamhail beagnach gach duine ar an bhaile beag seo in Ligura, sin gach duine nach raibh ag iarraidh dul áit éigin, bhí mé ag súil go mór leis an Giro d'Italia a bheith ag teacht fríd an tseachtain seo.

Na céadta rothaí ar luas dochreidte tapa, carranna, gluaisrothair, ócáid den scoth, ach nuair a tháinig sé fríd i mbliana, is faoi ghruaim a bhí sé agus ní raibh an peleton ag rásaíocht ar chor ar bith - bhíodar díreach ag taisteal ó áit go háit.

Faoi bhrón a bhíodar mar gheall ar bhás rothaí óig Dé Luain, Wouter Weylandt ón Bheilg.

D'éag se i dtimpiste ar an tríú stáitse den rás agus é ag teacht aníos ó shliabh faoi luas ard. Gortaíodh é go dona ar chlár a éadain agus d'ainneoin go raibh na dochtúir ar an láthair taobh istigh de thríocha soicind agus gur oibrigh siad air ar feadh 40 bomaite, cha raibh neart acu ar an tragóid seo áfach.

Ba é an ceathrú rothaí chun bás a fháil i stair an Giro.

Shocraigh a fhoireann, Leopard Trek, leanúint ar aghaidh leis an rás mar chomhartha measa dó. Iad siúd a bhí chun tosaigh agus na rothaithe ag teacht trí Ponzano Magra, is traidisiún é go dtéann na rothaithe go mall i ndiaidh do rothaí bás a fháil agus go mbíonn foireann s'aige chun tosaigh.

Mar sin féin, tháinig a bhfuil ar an bhaile beag seo amach chun tacaíocht a thaispeáint don peleton, is trua go raibh rothaí amháin in easnamh.

Wouter Weylandt, rothaí ón Bheilg, a maraíodh le linn an Giro d'Italia

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Bealtaine, 2011

Ar an gclaí le John Allen

An Dún agus BÁC na roghanna peile thuaidh agus thoir

TÁ an samhradh buailte linn, cé nach gceapfá é ón aimsir atá againn faoi láthair, agus tá séasúr na craoibhe linn chomh maith le cluichí againn an Domhnach seo.

Tabharfaidh mé sracfhéachaint ó thuaidh agus soir an tseachtain seo ar chúrsaí peile. Sa tuaisceart, mar is gnáth,tá sé oscailte go leor. Is dócha go bhfuil suim ag na foirne go léir craobh an chúige a bhuachaint ach is dócha freisin go bhfuil na foirne is láidre ag an Dún agus Dún na nGall. Is iad Tír Eoghan rogha na ngeallghlacadóiri ach n'fheadar an n-aontaím leis sin .

Mar a sheasann sé, ceapaim go gcasfaidh Dún na nGall agus foireann Mickey Harte sa leathchraobh agus, le buntáiste cluiche breise ag foireann Jim Mc Guinness, is dóigh liom go mbuafaidh siad san an cluiche sin. Níl aon dabht ach go bhfeicfimid níos mó de Thír Eoghan roimh dheireadh na bliana.

Ar an taobh eile den tarraingt, tá an cluiche is tábhachtai sa chéad bhabhta nuair a chasfaidh Ard Mhaca agus an Dún ar a chéile. Tá sé an-deacair an ceann seo a ghlaoch. I mo thuairim tá na peileadóirí níos fearr ag an Dún ach fós ní bheidh sé éasca orthu an lámh in uachtar a fháil ar an sean-namhaid.

Tá tosaithe den scoth ag an Dún agus má imríonn Coulter, Clarke, Polland agus Hughes don seachtó nóiméad is dóigh liom go mbeidh an bua acu.

Ní dóigh liom go bhfuil Fear Manach ná Doire láidir go leor i mbliana chun dul chun cinn a dhéanamh. Mar sin is an Dún agus Dún na nGall a bheidh ag féachaint ar a chéile sa chraobhchluiche agus gach seans ann go mbeidh fir James McCartan níos fearr an uair seo .

An bhfuil an cumas ag fir na hardchathrach seilbh a ghlacadh ar Sam i mbliana?

Ach tá seans ann chomh maith go mbeidh orm an t-alt seo a athscríobh i gceann coicíse mar go rialta tarlaíonn rudaí aisteacha i bpeil sinsir Chúige Uladh agus b'fhéidir go mbeadh sé amhlaidh i mbliana. Mar a sheasann cúrsaí faoi lathair áfach ceapaim go mbuafaidh an Dún Craobh Uladh .

I gCúige Laighean tá na foirne is láidre go léir ar thaobh amháin den tarraingt. Tá BÁC, an Mhí, Cill Dara, Laois agus an Longfort ann. Níl aon dabht ach go bhfuil foireann na bpríomhchathrach mar rogha na n-údar agus an ceart san acu.

Ach an cheist mhór ná an gcuirfidh cailliúint i gcluiche ceannais na sraithe isteach orthu? Bhí ocht gcúilín farasbarr acu go luath sa dara leath agus fós chailleadar. Roimh an deireadh d'fhéachadar go hainnis, go háirithe nuair a d'imigh Bernard Brogan den bpáirc. Tharla an rud céanna dóibh i gcoinne an fhreasúra chéanna anuraidh. É sin raite tá foireann láidir go leor acu ach b'fheidir nach bhfuil an painéal láidir go leor fós. Beidh ar Pat Gilroy agus a roghnóirí bheith níos glice agus, b'fhéidir, gan a fhoireann is láidre a chur chun páirce ag tosach cluichí .

Bhí séasúr conspóideach go leor ag an Mhí anuraidh agus bhí conspóid de shaghas eile acu ag deireadh na bliana nuair a ainmníodh Banty Mc Eneanny ó Mhuineachán mar bhainisteoir na foirne. B'shin an chéad uair dóibh dul taobh amuigh den chontae do bhainisteoir agus níor aontaigh gach leantóir sa chontae leis. Chríochnaíodar le trí phointe sa dara roinn den tsraith agus an t-ádh dearg leo fanacht sa roinn sin don chéad séasúr eile. Fós tá saineolaithe ag tabhairt gach seans dóibh dul go maith ach nílim ró-chinnte faoi sin áfach.

É sin raite tá foireann láidir go leor ag Baile Átha Cliath ach b'fheidir nach bhfuil an painéal láidir go leor fós. Beidh ar Pat Gilroy agus a roghnóirí bheith níos glice.

Is Cill Dara atá sa dara háit sa cúige de réir na ngeallghlacadóirí. Bhí míádh orthu anuraidh i gcoinne an Dúin agus ar lá eile bheadh an cluiche sin buaite acu agus áit bainte amach acu i gcraobhchluiche na hÉireann. Go dtí seo i mbliana ní dóigh liom go bhfuil an bainisteoir Kieran McKeeney ró-shásta leo ach beidh siad ró-mhaith do Chill Mhantáin sa chéad bhabhta agus cuirfidh an bua sin ar an mbóthar arís iad.

Is fiú súil ghéar a choimeád ar Laois i mbliana. Tá siad mór agus is féidir leo gluaiseacht agus dá mba rud é go raibh na himreoirí is fearr go léir ar fáil do chluiche ceannais roinn a dó is dócha go mbeadh sé buaite acu. Má choiméadann siad smacht ar an disciplín beidh siad maith go leor don Longfort agus cuirfidh siad a lán ceisteanna ar Bhaile Átha Cliath ag tosach mhí an Mheithimh.

Ach nuair a bheidh deireadh déanta ar an taobh sin ceapaim go mbeidh BÁC sa chraobh.

Ar an taobh eile is é Co. Lú atá mar rogha na coitiantachta agus má thiteann na mionrudaí tábhachtacha leo is dóigh liom go sroicfidh siad an cluiche ceannais chomh maith. Ach tá Loch Garman ann agus peil sa chontae in uachtar le bua stairiúil na foirne faoi 21 sa chúige. É sin ráite ní luífidh Uíbh Fháilí nó an Iarmhí síos ró-éasca.

Ach ag an deireadh ceapaim go mbeidh craobh an chúige le BAC agus go mbeidh ar an Lú bheith sásta le boinn na dTánaistí arís i mbliana ach an uair seo gan aon chonspóid.

Bainisteoir an Dúin, James 'Beag' McCartan

Painéal beag ach croí mór maith

Réamhbhabhta, Craobh Iomána Laighean
An Laois v Aontroim
Amárach, Port Laoise @ 7.00i.n

Gráinne McElwain

"NUAIR a tháinig mé isteach mar bhainisteoir iomána Laoise I Meán Fómhair seo caite, ba iad dearcadh na n-imreoirí agus na deacrachtaí a bhain le painéal láidir a chur le chéile, ba iad na fadhbanna ba mhó a bhí agam" a deir Brendán Fennelly, bainisteoir an chontae.

Is as Cill Chainnigh do Bhrendan agus is dóigh go bhfaca sé difear dochreidte idir iomáint i gCill Chainnigh agus Laois - é sin ráite níl aige ach moladh do na himreoirí a imríonn leis an fhoireann anois agus do bhord an chontae. "Tá tacaíocht ollmhór faighte agam ó bhord an chontae ó thosaigh mé sa phost seo agus ní féidir liom aon cháineadh a dhéanamh ar an dílseacht a thaispeáin na himreoirí d'iomáint Laoise."

"Níl ach sé chlub iomána i Laoise gur féidir linn glaoch orthu agus ciallaíonn sin go bhfuil sé deacair imreoirí a fháil agus a choinneáil ar an fhoireann. Tá seisear imreoir in easnamh orainn i mbliana ó anuraidh, idir imreoirí atá ag staidéar thar lear, imreoirí nach bhfuil spéis acu imirt i mbliana agus imreoir amháin a shocraigh imirt leis na peileadóirí i mbliana. Cuireann sé sin frustrachas orm ach ní féidir linn aon rud a dhéanamh faoi."

Is in aghaidh Aontroma a bheas Laois san oíche amárach i bPortlaoise nuair a chuirfear tús le feachthas iomána Laighean. Bhuail an dá fhoireann seo in aghaidh a chéile níos luaithe sa tSraith i roinn a dó nuair a chríochnaigh Laois ceithre chúilín chun cinn ar fhoireann an tuaiscirt. Ach ní bheidh Brendan ag cur mórán béime ar an toradh sin.

"Sin an tSraith ach tá an Chraobh iomlán difriúil. Is foireann anmhaith iad Aontroim sa Chraobh agus d'imir siad go maith anuraidh ag dul chomh fada le babhtaí Cheathrú Ceannais na hÉireann ach gur chaill siad in aghaidh Chorcaí ansin (0-19 go 1-25). Feabhsaíonn a gcuid iomána le linn na Craoibhe agus seo dúshlán mór romhainn amárach," a deir Brendán.

Ag deireadh na sraithe, chríochnaigh Laois sa tríú áit ar chlár na bpointí taobh thiar de

Tommy Fitzgerald, Laois, ag imirt in éadan Karl Stewart, Aontroim, le linn na sraithe i mbliana. Bhí an bua ag foireann Laighean an uair sin ach beidh cluiche níos dúshlánaí ann amárach. PIC: MATT BROWNE / SPORTSFILE

Is foireann an-mhaith iad Aontroim sa Chraobh agus d'imir siad go maith anuraidh ag dul chomh fada le babhtaí Cheathrú Ceannais na hÉireann ach gur chaill siad in aghaidh Chorcaí. Feabhsaíonn a gcuid iomána le linn na Craoibhe agus seo dúshlán mór romhainn amárach." Breandán Fennelly.

Luimneach agus den Chlár, rud a thug léargas áirithe ar cá seasann siad.

"Sílim gur chríochnaigh muid san áit cheart de réir na gcluichí a d'imir muid. Gan dabht ba é an bua in aghaidh an Chláir buaicphointe na sraithe dúinn (3-16 go 3-13) ach is féidir a rá go raibh an-díomá orainn gur chaill muid in aghaidh Cheatharlach (2-10 go 0-20). Tá painéal láidir ag an Chlár i gcomparáid le Laois agus thug an bua sin misneach dúinn."

Ní bheidh na cosantóirí Mick McEvoy, Darren Maher nó Cahir Healy a bhí lárnach do Laois anuraidh ag imirt i mbliana mar go bhfuil siad ag staidéar thall i Sasana. Rinne Tommy Fitzgerald, John Purcell agus an tosaí Zach Keenan cinneadh gan imirt leis an fhoireann i mbliana agus feicfimid John O'Loughlin, a bhfuil an-chumas mar iománaí aige, ag imirt leis na peileadoirí i gceann coicíse.

Chun rudaí a dheanamh níos measa do Laois, tá imní mór faoin lánchúlaí Brian Campion agus tosaí Ger Reddin mar gheall ar ghortaithe.

"Fuair Brian drochghortú láimhe sa chluiche deireanach den tsraith in aghaidh Chiarraí agus níl biseach ag teacht air. Is duine de na himreoirí is fearr é atá againn ach faoi láthair ní cheapaim go mbeidh sé in ann imirt. Chuir gortú rúitíne isteach ar Ger sa chluiche céanna agus, cé go raibh sé ullmhaithe chun tosnú in aghaidh Chorcaí i gcluiche dúshláine an deireadh seachtaine seo caite, bhí air tarraingt amach as mar nach raibh sé in ann casadh i gceart ar an rúitín. Buille mór millteach dúinn é muna mbeidh an bheirt sin in ann imirt."

"Táim muiníneach as an fhoireann atá againn agus táim dóchasach gur féidir linn toradh a fháil amárach ach caithfidh cluiche maith a bheith ag gach imreoir agus obair an-chrua a dhéanamh má tá deis ar bith le bheith againn."

An lámh in uachtar ag Na Gaeil Óga den chéad uair

Daithí de Buitléir agus Seán Ó hAdhmaill

LÁ stairiúil a bhí ann do Na Gaeil Óga CLG Dé Domhnaigh nuair a bhuaigh siad a gcéad chluiche i gcoinne Chumann Chroí Ró-Naofa i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. Foireann nua-bhunaithe is ea Na Gaeil Óga, an t-aon fhoireann peile lán-Ghaeilge sa phríomhchathair agus go dtí seo bhí sraith de chailliúintí agus comhscóranna.

Thosaigh Croí Ró-Naofa amach go láidir sa chéad leath agus le gaoth láidir taobh thiar dóibh fuair siad cúpla cúilín luath. Bhí go leor brú ag teacht ar thacaithe Na Gaeil Óga ach sheas siad an fód le hómós ar leith tuilte ag lán-taca Joe 'An Buamadóir' Ó Ceallaigh a bhí anúdarásach thart faoin gcearnóg. In ainneoin gur aimsigh na Tamhlachtaigh cúilín eile sa leath, chinntigh Stiofáin Ó Fearáil le dhá chic saor gur fhán Na Gaeil Óga sa chluiche. Ag leath ama léigh an scór Croí Ró-Naofa 0-3 Na Gaeil Óga 0-2.

Phléasc Na Gaeil Óga amach sa dara leath agus tar éis trí nóiméad d'aimsigh Eoghan Mac Aodh cúl aonair den scoth. Phioc sé liathróid ard ón aer thar cheann a mharcaláí, bhris sé trí chúpla ionsaí agus d'ardaigh sé an brat glas le hiarracht íseal a chuaigh isteach buíochas don chuaille. Bhabhtáil na foirne cúilíní ag druidim i dtreo lár an dara leath, rud a d'fhág Na Gaeil Óga dhá chúilín chun tosaigh 1-3 i gcoinne 0-4.

Chuir captaen na foirne Seán Ó hAdhmaill leis an scór seo le cúl ó liathróid bhriste lasmuigh den bhosca. Tháinig scór an chluiche nuair a bhuaigh Rónán Ó Dalaigh an liathróid i lár na páirce agus chuaigh sé ar ruathar ag iompar na liathróide 50 slat sular dhorn sé thar an trasnán é.

Rinne Croí Ró-Naofa cúpla athrú teaicticiúil agus tháinig siad ar ais go láidir, d'aimsigh siad cúl agus dhá chúilín sciobtha go leor agus le dhá nóiméad chun deiridh bhíodar cúilín taobh thiar agus ar an ionsaí. Bhlocáil Ruadhan Ó Feinneadha cúpla cic tábhachtach agus nuair a bhris Cathal Mac Daibhéid ionsaí deireanach Croí Ró-Naofa is léir go raibh an rás rite - shéid an réiteoir an fheadóg dheireanach.

Tá Na Gaeil Óga i mbun ullmhúcháin i gcónaí do Chomórtas Peile na Gaeltachta - an chéad bhliain don chumann bheith rannpháirteach sa ann - agus ba ghairid an ceiliúradh a bhí acu i gClub an Chonartha (Clubtheach agus príomhurraithe an Chlub) i ndiaidh an bhua nó bhí siad amuigh ag traenáil arís Dé Máirt agus Déardaoin.

Níos mó ná Michael Murphy ag Dún na nGall

Fir Thír Chonaill ag súil le taispeántas níos cumasaí i gcraobh na bliana seo

Dé Domhnaigh
Craobh Peile Uladh
Dún na nGall v Aontroim
Bealach Féich @ 3.30in

Gráinne McElwain

Tá dóchas ag Michael Murphy go mbeidh a fhoireann in ann tógáil ar bhua na sraithe. PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE

NUAIR a imríonn Dún na nGall go maith, imríonn siad fíormhaith ach nuair nach bhfuil rudaí ag dúl ró-mhaith dóibh, titeann siad as a chéile ar an pháirc. Sin an íomhá atá ag Dún na nGall le blianta anuas ach i mbliana tá muintir an chontae agus roinnt tráchtairí ag cogarnaíl gur féidir leo Corn an Anglo Celt a bhuachan don chéad uair ó 1992. Ach an fíor é sin?

"Ní éistimid leis an chaint sin ach tá Dún na nGall cosúil le go leor contaetha eile sa mhéid is go bhfuil muid ag súil le corn a bhuachan. Bheadh sé go hálainn é a bhaint ach tá go leor oibre le déanamh idir seo agus sin, ag tosnú le hAontroim ar an Domhnach" a deir Michael Murphy, captaen na foirne.

Bhuaigh Dún na nGall comórtas na Sraithe roinn a dó cúpla seachtain ó shin in aghaidh Laoise. Bhí sraith an-mhaith ag fir Uladh agus níor chaill siad ach cluiche amháin. "Bhí sé deas an tSraith a bhuachan ach an rud a bhí muid féin ag cuartú ná taispeántas maith i ngach cluiche a d'imir muid. Cinnte bhí an bua go maith do mhuinín na foirne ach tá sé sin thart agus is cuimhin linn go maith cad a tharla an uair dheireanach gur bhuaigh muid an tSraith agus cad a tharla sa Chraobh ina dhiaidh sin."

2007 an chéad uair ar éirigh le Dún na nGall comórtas na Sraithe i roinn a haon a bhaint ach theip orthu i bhfeachtas Uladh agus níor éirigh leo dul níos faide ná na babhtaí cáilithe an bhliain sin le críoch dhíomach in aghaidh Mhuineacháin. Anuraidh, ní raibh Craobh ró-mhaith acu ach an oiread. Chaill siad in aghaidh an Dúin i gCraobh Uladh agus ansin in aghaidh Ard Mhacha sna babhtaí cáilithe. Mar sin beidh bua ar an Domhnach tábhachtach dóibh agus iad ag iarriadh dul chun cinn a dhéanamh i gcomórtas Uladh.

Cuid de na fadhbanna atá leagtha ag doras Dhún na nGall ná nach bhfuil ach tosaí amháin acu ar féidir leo brath air agus is é sin Michael Murphy féin, ach ní ghlacann Murphy leis sin. "Ní dóigh liom go bhfuil sé sin cothrom. Tá go leor tosaithe maithe againn ar nós Colm McFadden, Dermot Molloy, Mark McHugh agus tá Ryan Bradley, Rory Kavanagh agus Karl Lacey sa chosaint ag aimsiú scóranna chomh maith. Mothaím go bhfuil go leor cinnirí ar an fhoireann le hiar-chaptaein na foirne Caoimhín Ó Casaide, Rory Kavanagh agus Neil Gallagher ag imirt - seasann sé sin dúinn."

Is ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá Michael ag freastal faoi láthair agus é ag staidéar corpoideachais. Tá scrúdaithe ag tosnú aige Dé Máirt seo chugainn ar feadh coicíse agus chaith sé an tseachtain seo ag tiomáint ar an M1 agus bóithre eile ag roinnt a chuid ama ag traenáil i nDún na nGall agus ag staidéar i mBaile Átha Cliath.

"Táim fíorghnóthach faoi láthair idir an pheil agus staidéar ach sin an saol agus tá go leor imreoirí sa bhád céanna. Beidh coicís crua romham ach beidh mé ag treabhadh liom" a deir Michael ag gáire.

"Tá muid uilig ag súil go mór leis an chluiche in aghaidh Aontroma ach is dúshlán mór é. Nuair a tháinig Aontroim go Bealach Féich dhá bhliain ó shin, fuair siad an bua orainn agus tá imreoirí den scoth acu le go leor taithí. Bhuaigh roinnt de na himreoirí sin Craobh Clubanna na hÉireann le Naomh Gall le déanaí agus ní bheidh faitíos ar bith orthu teacht go Dún na nGall."

"Arís beidh muid ag cuartú taispeántas maith - sin é an mana atá againne i mbliana agus feicfimid ansin an mbeidh muid maith go leor chun an cluiche a ghnothú."